2024/1782

25.6.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1782 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Meitheamh 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún, lena n-áirítear an fadú arna chur leis an mbeart coimirce ar allmhairí táirgí cruach áirithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ([1]) agus go háirithe Airteagail 16, 19 agus 20 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe ([2]), agus go háirithe Airteagal 16 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. CÚLRA

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún ([3]) ('an Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach'), d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún) beart coimirce cinntitheach ar tháirgí cruach áirithe ('an beart coimirce'), a leagann amach taraif-chuótaí ('TRQanna') i leith táirgí cruach áirithe ('an táirge lena mbaineann') lena gcuimsítear 26 chatagóir de tháirgí cruach, atá socraithe ar leibhéil lena gcaomhnófar na sreabha trádála traidisiúnta ar bhonn catagóire de réir an táirge. Bíonn feidhm ag dleacht taraife 25 % ach amháin má sháraítear tairseacha cainníochtúla na dtaraif-chuótaí sin. Forchuireadh an beart coimirce ar feadh tréimhse tosaigh 3 bliana, go dtí an 30 Meitheamh 2021.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ón gCoimisiún ([4]) ('an chéad Rialachán um athbhreithniú i ndáil le fadú'), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh gá fós leis an mbeart chun mórdhíobháil a chosc nó a leigheas, agus go raibh tionscal an Aontais ag coigeartú dá réir. Mheas sé freisin go raibh fadú an bhirt chun leas an Aontais. Dá réir sin, chinn sé an beart coimirce a fhadú go dtí an 30 Meitheamh 2024.

(3) In aithris (161) den Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach, gheall an Coimisiún 'measúnú a dhéanamh ar an staid ar bhonn rialta, agus athbhreithniú a mheas ar a laghad ag deireadh gach bliana ina raibh na bearta á bhforchur'. Den mheon sin, rinne an Coimisiún trí imscrúdú um athbhreithniú i ndáil le feidhmiú in 2019 ([5]), 2020 ([6]) agus 2022 ([7]) faoi seach. I mí an Mheithimh 2023 ([8]) mheas sé freisin, in imscrúdú athbhreithnithe, cé acu ar ghá an beart a fhoirceannadh go luath nó nár ghá ([9]).

([1]) Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí, IO L 83, 27.3.2015, lch. 16.

([2]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe IO L 123, 19.5.2015, lch. 33.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear bearta coimirce cinntitheacha in aghaidh allmhairí táirgí cruach áirithe, IO L 31, 1.2.2019, lch. 27.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún chun fad a chur leis an mbeart coimirce maidir le hallmhairí táirgí áirithe cruach IO L 225 I/1, 25.6.2021, lch. 1.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1590 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2019 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 lena bhforchuirtear bearta coimirce cinntitheacha in aghaidh allmhairí táirgí cruach áirithe; IO L 248, 27.9.2019, lch. 28 ('An chéad Rialachán um athbhreithniú i ndáil le feidhmiú').

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/894 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 lena bhforchuirtear bearta coimirce cinntitheacha in aghaidh allmhairí táirgí cruach áirithe; IO L 206, 30.6.2020, lch. 27 ('An dara Rialachán um athbhreithniú i ndáil le feidhmiú').

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/978 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach in aghaidh allmhairí táirgí cruach áirithe; IO L 167, 24.6.2022, lch. 58 ('An tríú Rialachán um athbhreithniú i ndáil le feidhmiú').

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1301 ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach in aghaidh allmhairí táirgí cruach áirithe; IO L 161, 27.6.2023, lch. 44 ('Rialachán um Athbhreithniú 2023').

([9]) Chun liosta iomlán de na coigeartuithe éagsúla ar an mbeart a fháil, lena n-áirítear i measc coigeartuithe eile, an coigeartú ar tharaif-chuótaí i ndiaidh Brexit, agus i ndiaidh na smachtbhannaí a cuireadh ar an mBealarúis agus ar an Rúis, féach suíomh gréasáin AS TRADE: https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/search

(4) An 12 Eanáir 2024, fuair an Coimisiún iarraidh chuí-réasúnaithe ó cheithre cinn déag de Bhallstáit an Aontais chun a fhiosrú, de bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) ('bun-Rialachán Coimirce an Aontais') agus Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2015/755, an ceart fad a chur leis an mbeart coimirce atá ann cheana. Mheas an Coimisiún gur leor an fhianaise a bhí san iarraidh chun imscrúdú athbhreithniúcháin i ndáil le fadú a thionscnamh.

(5) Dá réir sin, d'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh ([11]) in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an 9 Feabhra 2024 maidir le fad féideartha a chur leis an mbeart coimirce. D'áirigh an Coimisiún i raon feidhme an fhógra freisin gealltanas measúnú a dhéanamh ar cé acu ar ghá aon choigeartú teicniúil a dhéanamh ar fheidhmiú an bhirt nó nár ghá i gcás ina measfadh sé gur cheart fad a chur leis an gcoimirce.

2. **NÓS IMEACHTA**

(6) Chun a mheasúnú i gceart an bhfuil gá i gcónaí leis an mbeart coimirce chun mórdhíobháil a chosc nó a leigheas, an bhfuil tionscal cruach an Aontais ag coigeartú dá réir, agus an bhfuil an fadú sin i gcomhréir le leas an Aontais i gcoitinne, bhailigh an Coimisiún sonraí sonracha ó thionscal an Aontais trí bhíthin ceistneoirí ([12]). Áiríodh sna sonraí sin, *inter alia*, forbairt na bpríomhtháscairí eacnamaíocha agus airgeadais don táirge lena mbaineann le linn na tréimhse 2021-2023 ('an tréimhse faoi bhreathnú'), chomh maith le fianaise go raibh tionscal an Aontais ag coigeartú dá réir.

(7) Rinne an Coimisiún barúlacha páirtithe leasmhara maidir le fadú féideartha agus maidir le haon choigeartú a d'fhéadfadh gur gá a dhéanamh ar fheidhmiú an bhirt a lorg agus a bhailiú freisin, agus bhí dhá imscrúdú éagsúla á dhéanamh aige go comhthreomhar dá bhrí sin. Chuige sin, leis an bhFógra Tionscnaimh, iarradh ar pháirtithe leasmhara páirt a ghlacadh san imscrúdú trína mbarúlacha agus fianaise thacaíochta a chur isteach agus iarradh ar tháirgeoirí aitheanta de chuid an Aontais den táirge lena mbaineann agus ar a chomhlachais ceistneoirí díobhála a líonadh isteach. Maidir leis an athbhreithniú ar fheidhmiú, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a dtuairimí a chur in iúl agus fianaise shonrach a thíolacadh i scríbhinn maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:

(a) Leithdháileadh agus bainistiú na dtaraif-chuótaí ar allmhairí;

(b) Sreabha trádála traidisiúnta a bhrú amach;

(c) Uasdátú ar liosta Chomhaltaí na hEagraíochta Domhanda Trádála ('EDT') ar tíortha i mbéal forbartha iad a eisítear ó raon feidhme an bhirt bunaithe ar a leibhéal allmhairí is déanaí;

(d) Leibhéal an léirscaoilte;

(e) Athruithe eile ar dhálaí a bhféadfadh coigeartú ar leibhéal nó ar leithdháileadh na dtaraif-chuótaí ar allmhairí a bheith de dhíth dá bharr.

(8) Ó thaobh próis chuí de, ba éard a bhí san imscrúdú um athbhreithniú i ndáil le fadú agus le feidhmiú, nós imeachta dhá chéim i scríbhinn, faoinar thíolaic páirtithe leasmhara a mbarúlacha ar dtús agus faoinar tugadh an deis dóibh ina dhiaidh sin aighneachtaí na bpáirtithe eile a bhréagnú. Tríd agus tríd, fuair an Coimisiún breis agus 65 aighneacht agus fhrisnéis ó pháirtithe leasmhara laistigh de na sprioc-amanna a leagadh amach. Fuair sé breis agus 100 freagra ceistneora aonair ó tháirgeoirí de chuid an Aontais freisin.

(9) Agus measúnú á dhéanamh aige ar cé acu a comhlíonadh na coinníollacha chun fad a chur leis an mbeart coimirce nó nár comhlíonadh, rinne an Coimisiún anailís ar an gcéad dul síos, ar cé acu a comhlíonadh na ceanglais dlí chun fad a chur le beart coimirce faoi rialacha an Aontais agus na hEagraíochta Domhanda Trádála nó nár comhlíonadh, is é sin an bhfuil gá leis an mbeart chun mórdhíobháil a chosc (Roinn 3.2) agus an bhfuil tionscal an Aontais ag coigeartú dá réir (Roinn 3.3). Ar an dara dul síos, mheasúnaigh sé cé acu a bheadh an fadú sin i gcomhréir le leas foriomlán an Aontais nó nach mbeadh (Roinn 3.4). Ar deireadh, chuir an Coimisiún san áireamh go cuí ina mheasúnú na barúlacha agus an fhianaise a fuarthas ó pháirtithe leasmhara, mar aon le haon fhaisnéis eile a bhí ar fáil, a bhain leis na gnéithe thuas. I Roinn 4, thug an Coimisiún aghaidh go sonrach ar na maímh ábhartha a rinne páirtithe leasmhara maidir le fadú.

([10]) Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí (IO L 83, 27.3.2015).

([11]) Fógra tionscnaimh maidir le síneadh féideartha a chur leis na bearta coimirce is infheidhme maidir le hallmhairí táirgí cruach áirithe, IO C, C/2024/1460, 9.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/notice/C/2024/1460/oj

([12]) Tá na leaganacha oscailte de na freagraí ceistneora ar fáil le haghaidh iniúchadh ag páirtithe leasmhara i gcomhad oscailte an imscrúdaithe: https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/TDI (ar fáil do pháirtithe leasmhara cláraithe).

(10) Dá éis sin, rinne an Coimisiún measúnú ar an ngá le coigeartuithe teicniúla ar leith a dhéanamh ar an mbeart. Lean an cleachtadh seo na réimsí a leagtar amach san fhógra tionscnaimh (féach aithris (7)), agus áiríodh leis freisin leasú teicniúil a thugann allmhairí ó Mhósaimbíc faoi raon feidhme an bhirt coimirce.

3. MEASÚNÚ MAIDIR LE FADÚ

3.1. Ceanglais dlí

(11) De réir Airteagal 7.1 de Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Bearta Coimirce agus de réir Airteagal 19(2) de bhun-Rialachán Coimirce an Aontais, féadfar síneadh a chur le tréimhse feidhme birt coimirce ar choinníoll go bhfuil gá leis an mbeart coimirce fós chun mórdhíobháil a chosc nó a leigheas ('tástáil riachtanais') agus go bhfuil fianaise ann go bhfuil coigeartú á dhéanamh ag tionscal an Aontais. Ina theannta sin, le hAirteagal 22 de bhun-Rialachán Coimirce an Aontais, suitear nach mór an beart a bheith chun leas an Aontais.

3.2. Cé acu atá gá fós leis an mbeart coimirce chun cosc nó leigheas a chur ar mhórdhíobháil nó nach bhfuil (Tástáil Riachtanais)

(12) Maidir leis an gcéad chritéar dlíthiúil, rinne an Coimisiún scrúdú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais bunaithe ar na freagraí ceistneora a fuarthas (Roinn 3.2.1). Dá éis sin, rinne an Coimisiún measúnú ar roinnt mhaith príomhthosca chun a shuí cén fhorbairt ar dhócha a thiocfadh ar allmhairí agus cén tionchar a bheadh ag forbairt den sórt sin ar tháirgeoirí de chuid an Aontais in éagmais beart coimirce ('anailís fhrithfhíorasach', féach Roinn 3.2.2.).

3.2.1. *Staid eacnamaíoch thionscal cruach an Aontais*

(13) Chun measúnú a dhéanamh ar staid eacnamaíoch thionscal cruach an Aontais, chuir an Coimisiún ceistneoirí chuig táirgeoirí cruach aitheanta de chuid an Aontais chun faisnéis a bhailiú maidir le táscairí díobhála i leith an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'iarr an Coimisiún ar chomhlachais tionscail aitheanta an Aontais (EUROFER - an Comhlachas Eorpach Cruach, ESTA - an Comhlachas Eorpach um Fheadáin Chruach, agus CET-Comité Européen de la Tréfilerie) na ceistneoirí a dháileadh ar a gcomhaltaí aonair. Ina theannta sin, thug an Coimisiún fógra do tháirgeoirí aitheanta de chuid an Aontais, tríd an gcóras comhad oscailte (TRON), gur iarradh ceistneoirí a líonadh isteach. ([13]) Cuireadh na ceistneoirí ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht Trádála an Choimisiúin Eorpaigh. ([14]) Rinneadh na gach treoir ábhartha maidir le ceistneoirí a áireamh leis an bhFógra Tionscnaimh freisin.

(14) Fuair an Coimisiún breis agus 100 freagra ceistneora aonair ó chomhaltaí de thrí chomhlachas tionscail aitheanta de chuid an Aontais agus ó tháirgeoirí eile de chuid an Aontais nach comhaltaí d'aon chomhlachas iad freisin. Ina theannta sin, rinne na trí chomhlachas na sonraí arna soláthar ar bhonn aonair ag a gcomhaltaí a chomhdhlúthú.

(15) I seisiúin chros-seiceála chianda thiomnaithe, rinne an Coimisiún comhdhlúthú ar na sonraí a fuair sé go díreach ó tháirgeoirí de chuid an Aontais, agus rinne sé cros-seiceáil ar a gcruinneas leis an tacar sonraí a thíolaic comhlachais tionscail an Aontais. Ina dhiaidh sin, rinne an Coimisiún freagraí chomhaltaí na gcomhlachas a cheangal leis na freagraí a fuarthas ó tháirgeoirí nach comhaltaí de chomhlachas iad i dtacar sonraí comhdhlúite amháin, arb é is bonn don mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

([13]) https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/TDI (inrochtana do pháirtithe leasmhara cláraithe amháin).

([14]) Ar fáil ag suíomh gréasáin tiomnaithe AS TRADE maidir leis an imscrúdú:: https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2519 (le fáil go poiblí).

(16) Léirítear i dTáblaí 1 go 4 thíos forbairt na dtáscairí díobhála le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

(a) *Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, stoic*

Tábla 1

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, stoic

i 000 tona	2021	2022	2023
Méid táirgeachta an táirge lena mbaineann	178 257	158 704	154 158
innéacs 2021 = 100	*100*	*89*	*86*
Acmhainneacht táirgeachta don táirge lena mbaineann	231 509	229 881	230 139
innéacs 2021 = 100	*100*	*99*	*99*
Úsáid acmhainneachta	77,00 %	69,04 %	66,98 %
Na stoic	32 082 625	30 434 986	31 214 413
innéacs 2021 = 100	*100*	*95*	*97*

Foinse: Sonraí tionscail agus freagraí ceistneora

(17) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú seasta ar mhéid táirgeachta tháirgeoirí an Aontais, is é sin -11 % in 2022 agus -14 % in 2023, i gcomparáid le 2021. D'fhan an acmhainneacht táirgeachta cobhsaí le linn na tréimhse agus, dá bhrí sin, tháinig treocht mheathlach ar úsáid acmhainneachta, agus leibhéal an-íseal 67 % á shroicheadh aici in 2023. Ar deireadh, tháinig laghdú -5 % ar stoic in 2022 agus laghdú -3 % in 2023 i gcomparáid leis an mbliain 2021.

(b) *Tomhaltas an Aontais, díolacháin intíre agus an sciar den mhargadh* ([15])

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais, díolacháin intíre agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023
Tomhaltas i 000 tona	161 072	148 065	139 207
innéacs 2021 = 100	*100*	*92*	*86*
Díolacháin intíre i 000 tona	127 188	116 462	111 165
innéacs 2021 = 100	*100*	*92*	*87*
An sciar den mhargadh %	79,0 %	78,7 %	79,9 %

Foinse: Sonraí tionscail agus freagraí ceistneora

([15]) Ós rud é nach n-áirítear gach táirgeoir cruach san Aontas sna freagraí ceistneora, rinneadh an sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais a ríomh bunaithe ar shonraí tomhaltais, sonraí allmhairiúcháin agus ar shonraí ó fhreagraí ceistneora.

(18) Thosaigh laghdú ag teacht ar thomhaltas i margadh an Aontais in 2022 (-8 %), agus lean an treocht sin ar aghaidh in 2023 (-14 %) i gcomparáid leis an mbliain 2021. Lean an fhorbairt ar mhéid díolachán intíre tháirgeoirí de chuid an Aontais treocht chomhchosúil le linn na tréimhse faoi bhreathnú (-8 % in 2022 agus -13 % in 2023 faoi seach i gcomparáid le 2021). Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mhéadaigh tionscal an Aontais a sciar den mhargadh faoi 0.9 pointe céatadáin.

(c) *Praghas díola aonaid, brabúsacht, sreabhadh airgid, agus toradh ar chaipiteal arna úsáid*

Tábla 3

Praghas díola aonaid, brabúsacht, sreabhadh airgid, agus toradh ar chaipiteal arna úsáid

	2021	2022	2023
Praghas díola aonaid (EUR/tona)	914	1 230	1 028
innéacs 2021 = 100	*100*	*135*	*113*
Brabúsacht (% láimhdeachas)	9,4 %	10,3 %	0,3 %
Sreabhadh airgid (EUR milliún)	5 024	10 696	7 881
innéacs 2021 = 100	*100*	*213*	*157*
Toradh ar chaipiteal arna úsáid (%)	25,2 %	22,5 %	– 2,2 %

Foinse: Sonraí tionscail agus freagraí ceistneora

(19) Tháinig méadú 35 % ar phraghsanna díola aonaid in 2022 agus faoi 13 % in 2023 i gcomparáid le 2021. Tháinig méadú 113 % ar an sreabh airgid in 2022 agus faoi 57 % in 2023 i gcomparáid le 2021. Tháinig laghdú beag ar an toradh ar chaipiteal arna úsáid in 2022 agus shroich sé figiúirí diúltacha amach in 2023 (– 2,2 %).

(20) Leis an méadú ar phraghsanna agus an feachtas iar-COVID um théarnamh, d'éirigh tionscal an Aontais a bheith brabúsach in 2021 (9.4 %) agus tháinig méadú beag ar bhrabúis in 2022 (10.3 %). In 2023 tháinig laghdú géar ar bhrabúsacht, gan ach brabús 0.3 % á baint amach aici.

(d) *Fostaíocht*

Tábla 4

Fostaíocht

(FTE)	2021	2022	2023
Fostaíocht	180 958	181 913	179 867
innéacs 2021 = 100	*100*	*101*	*99*

Foinse: Sonraí tionscail agus freagraí ceistneora

(21) D'fhan an fhostaíocht cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ach tháinig laghdú -1 % uirthi in 2023 i gcomparáid le 2021.

Conclúid

(22) Léiríodh le táscairí díobhála gur shroich tionscal an Aontais leibhéil shláintiúla brabúsachta in 2021, a bhí mar thoradh den chuid is mó ar phraghsanna arda agus ar théarnamh láidir a raibh éileamh air i ndiaidh COVID-19. Mar sin féin, ón dara leath de 2022 ar aghaidh, bhí comharthaí ann den chéad uair go raibh meath ag teacht ar thionscal an Aontais. Bhí treocht dhiúltach ag teacht ar roinnt táscairí tábhachtacha cuir i gcás táirgeacht, díolacháin agus úsáid acmhainneachta ([16]), agus tháinig méadú suntasach ar phraghsanna fuinnimh ([17]). Ba ghéire a bhí meath fhormhór na dtáscairí eacnamaíocha in 2023, agus tháinig laghdú ar phraghsanna i gcomhthéacs costais fuinnimh a bhí níos airde ná na leibhéil a bhí ann roimhe seo, agus tháinig laghdú géar ar dhíolacháin intíre agus ar tháirgeacht i margadh an Aontais. Mar gheall air sin, shroich an úsáid acmhainneachta an leibhéal is ísle le deich mbliana anuas agus tháinig laghdú an-mhór ar bhrabúsacht (leibhéal meá ar mheá bainte amach aici). Cé go bhfuair tionscal an Aontais beagnach aon phointe céatadáin amháin den sciar den mhargadh in 2023 i gcomparáid le 2021 chun aimhleasa brabúsacht a laghdú, ba cheart an fhorbairt seo a chur san áireamh i gcomhthéacs brú allmhairiúcháin ard seasmhach ([18]), agus sciar níos airde den mhargadh a bheith ag allmhairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú i gcomparáid leis an sciar a bhí acu le linn na dtréimhsí roimhe seo ([19]), mar a mhíneofar é i Roinn 3.2.2 thíos.

(23) Mheas an Coimisiún, bunaithe ar na táscairí thuas (Táblaí 1 go 4), gur tháinig meath ar staid thionscal an Aontais idir 2021 agus 2023 agus go raibh sé i staid leochaileach faoi dheireadh na tréimhse faoi bhreathnú.

Anailís bhreise de réir an tacair táirge

(24) Agus cur chuige an bhun-imscrúdaithe á leanúint aige ([20]), rinne an Coimisiún measúnú freisin ar fhorbairt na dtáscairí díobhála de réir an tacair táirge. ([21]) Is táirgí cothroma, táirgí fada agus feadáin iad na tacair táirge a chumhdaítear leis an mbeart coimirce cruach.

(25) Léirítear i dTáblaí 5 go 8 thíos forbairt na dtáscairí díobhála de réir an tacair táirge:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, stoic

i 000 tona	2021	2022	2023
Méid táirgeachta an táirge lena mbaineann (cothrom)	133 919	118 680	117 230
innéacs 2021 = 100	*100*	*89*	*88*
Méid táirgeachta an táirge lena mbaineann (fada)	38 061	33 729	30 848
innéacs 2021 = 100	*100*	*89*	*81*
Méid táirgeachta an táirge lena mbaineann (feadáin)	6 277	6 295	6 080
innéacs 2021 = 100	*100*	*100*	*97*
Acmhainneacht táirgeachta don táirge lena mbaineann (cothrom)	168 949	167 811	168 540
innéacs 2021 = 100	*100*	*99*	*100*
Acmhainneacht táirgeachta don táirge lena mbaineann (fada)	50 958	50 622	50 219

([16]) Chun comparáid idir forbairt na dtáscairí roimh 2021 a fháil, féach an chéad Rialachán um athbhreithniú i ndáil le fadú, Táblaí 1-4.
([17]) Féach bunachar sonraí CRU chun an fhorbairt ar phraghsanna fuinnimh san Aontas agus comparáid idir costais fuinnimh tháirgeoirí cruach de chuid an Aontais agus táirgeoirí i margaí eile a fháil (ar fáil ar shíntiús).
([18]) Féach Roinn 3.2.2. (a) agus (b)
([19]) Lena n-áirítear na leibhéil roimh fhorchur birt coimirce agus leibhéil na gcéad bhlianta de chur i bhfeidhm an bhirt a ndearnadh measúnú air sa chéad Rialachán um athbhreithniú i ndáil le fadú.
([20]) an Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach, aithris (47).
([21]) Chun teacht ar thuairisc iomlán ar na tacair táirgí, féach aithris (21) den Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach.

i 000 tona	2021	2022	2023
innéacs 2021 = 100	*100*	*99*	*99*
Acmhainneacht táirgeachta don táirge lena mbaineann (feadáin)	11 602	11 449	11 380
innéacs 2021 = 100	*100*	*99*	*98*
Úsáid acmhainneachta (cothrom)	79,27 %	70,72 %	69,56 %
Úsáid acmhainneachta (fada)	74,69 %	66,63 %	61,43 %
Úsáid acmhainneachta (feadáin)	54,10 %	54,99 %	53,43 %
Stoic (cothrom)	25 377	22 941	24 042
innéacs 2021 = 100	*100*	*90*	*95*
Stoic (fada)	3 349	3 468	3 274
innéacs 2021 = 100	*100*	*104*	*98*
Stoic (feadáin)	3 357	4 026	3 899
innéacs 2021 = 100	*100*	*120*	*116*

Foinse: Sonraí tionscail agus freagraí ceistneora

Tábla 6

Tomhaltas an Aontais, díolacháin intíre agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023
Tomhaltas i 000 tona (cothrom)	92 700	84 749	81 344
innéacs 2021 = 100	*100*	*91*	*88*
Tomhaltas i 000 tona (fada)	57 398	53 223	48 072
innéacs 2021 = 100	*100*	*93*	*84*
Tomhaltas i 000 tona (feadáin)	10 973	10 093	9 790
innéacs 2021 = 100	*100*	*92*	*89*
Díolacháin intíre i 000 tona (cothrom)	68 864	63 050	61 409
innéacs 2021 = 100	*100*	*92*	*89*
Díolacháin intíre i 000 tona (fada)	50 011	45 512	42 139
innéacs 2021 = 100	*100*	*91*	*84*
Díolacháin intíre i 000 tona (feadáin)	8 312	7 900	7 617
innéacs 2021 = 100	*100*	*95*	*92*
An sciar den mhargadh % (cothrom)	74,3 %	74,4 %	75,5 %
An sciar den mhargadh % (fada)	87,1 %	85,5 %	87,7 %
An sciar den mhargadh % (feadáin)	75,8 %	78,3 %	77,8 %

Foinse: Sonraí tionscail agus freagraí ceistneora

Tábla 7

Praghas díola aonaid, brabúsacht, sreabhadh airgid, agus toradh ar chaipiteal arna úsáid

	2021	2022	2023
Praghas díola aonaid (EUR/tona) (cothrom)	971	1 309	1 104
innéacs 2021 = 100	*100*	*135*	*114*
Praghas díola aonaid (EUR/tona) (fada)	759	1 016	804
innéacs 2021 = 100	*100*	*134*	*106*
Praghas díola aonaid (EUR/tona) (feadáin)	1 177	1 581	1 382
innéacs 2021 = 100	*100*	*134*	*117*
Brabúsacht (% láimhdeachas) (cothrom)	10,6 %	11,0 %	0,1 %
Brabúsacht (% láimhdeachas) (fada)	7,6 %	9,6 %	– 1,0 %
Brabúsacht (% láimhdeachas) (feadáin)	5,1 %	7,3 %	5,6 %
Sreabhadh airgid (EUR milliún) (cothrom)	3 434	6 326	5 999
innéacs 2021 = 100	*100*	*184*	*175*
Sreabhadh airgid (EUR milliún) (fada)	1 439	3 509	682
innéacs 2021 = 100	*100*	*244*	*47*
Sreabhadh airgid (EUR milliún) (feadáin)	151	861	1 200
innéacs 2021 = 100	*100*	*571*	*795*
Toradh ar chaipiteal arna úsáid (%) (cothrom)	29,04 %	26,64 %	– 3,24 %
Toradh ar chaipiteal arna úsáid (%) (fada)	16,95 %	18,31 %	– 3,15 %
Toradh ar chaipiteal arna úsáid (%) (feadáin)	29,31 %	11,00 %	7,81 %

Foinse: Sonraí tionscail agus freagraí ceistneora

Tábla 8

Fostaíocht

(FTE)	2021	2022	2023
Fostaíocht (cothrom)	114 657	114 444	114 053
innéacs 2021 = 100	*100*	*100*	*99*
Fostaíocht (fada)	40 053	39 870	39 485
innéacs 2021 = 100	*100*	*100*	*99*
Fostaíocht (feadáin)	26 248	27 599	26 329
innéacs 2021 = 100	*100*	*105*	*100*

Foinse: Sonraí tionscail agus freagraí ceistneora

(26) Ar bhonn na dtáscairí thuas, leis an anailís in aghaidh an tacair táirge, comhthacaítear torthaí an táirge lena mbaineann: tháinig meath suntasach ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus tá sé i staid leochaileach faoi láthair. Fiú i leith an tacair táirge a raibh ag éirí go níos fearr a mhéid a bhaineann le brabúsacht agus forbairtí maidir leis an sciar den mhargadh (feadáin), in ainneoin sin tháinig meath ar phríomhtháscairí eile cuir i gcás úsáid acmhainneachta, leibhéil táirgeachta agus díolacháin intíre le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

3.2.2. *Anailís fhrithfhíorasach*

(a) Brú allmhairiúcháin - An fhorbairt ar allmhairí agus ar an sciar den mhargadh

(27) Rinne an Coimisiún measúnú ar fhorbairt na n-allmhairí, i dtéarmaí foriomlána agus i gcomparáid le tomhaltas an Aontais, chun an méid brú a d'fhéadfaí gur chuir siad ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú a chinneadh. Ina theannta sin, rinne an Coimisiún measúnú ar fhorbairt na dtaraif-chuótaí a úsáidtear (Féach Roinn 3.2.2(b)).

(28) Tháinig laghdú -17 % ar allmhairí isteach san Aontas in 2023 i gcomparáid le 2021, nuair a shroich siad a dara leibhéal is airde ó bhí 2013 ann ([22]).

Tábla 9

An fhorbairt ar allmhairí

	2021	2022	2023
Méid na n-allmhairí 000 tona	33 884	31 603	28 042
innéacs 2021 = 100	*100*	*93*	*83*

Foinse: EUROSTAT

(29) Leis an anailís a rinneadh ar leibhéal an tacair táirge, deimhníodh an treocht fhoriomlán seo mar a léirítear i dTábla 10 thíos.

Tábla 10

An sciar den mhargadh de réir an tacair táirge

	2021	2022	2023
Tomhaltas i 000 tona (cothrom)	92 700	84 749	81 344
innéacs 2021 = 100	*100*	*91*	*88*
Tomhaltas i 000 tona (fada)	57 398	53 223	48 072
innéacs 2021 = 100	*100*	*93*	*84*
Tomhaltas i 000 tona (feadáin)	10 973	10 093	9 790
innéacs 2021 = 100	*100*	*92*	*89*

([22]) Féach Tábla 2 den Rialachán Choimirce Cinntitheach agus Tábla 9 den chéad Rialachán um athbhreithniú i ndáil le fadú chun léiriú níos leithne a fháil ar an bhforbairt ar allmhairí sna blianta roimhe seo.

	2021	2022	2023
Allmhairí i 000 tona (cothrom)	23 835	21 699	19 935
innéacs 2021 = 100	*100*	*91*	*84*
Allmhairí i 000 tona (fada)	7 387	7 711	5 933
innéacs 2021 = 100	*100*	*104*	*80*
Allmhairí i 000 tona (feadáin)	2 661	2 192	2 174
innéacs 2021 = 100	*100*	*82*	*82*
An sciar den mhargadh % (cothrom)	25,7 %	25,6 %	24,5 %
An sciar den mhargadh % (fada)	12,9 %	14,5 %	12,3 %
An sciar den mhargadh % (feadáin)	24,2 %	21,7 %	22,2 %


Foinse: Sonraí tionscail, freagraí ceistneora agus EUROSTAT

(30) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bhforbairt ar allmhairí in aghaidh na forbartha ar thomhaltas le linn na tréimhse céanna. Léirítear leis an ngraf thíos gur bhain tomhaltas buaic-phointe amach in 2017-2018. Mar sin féin, tháinig laghdú an-mhór air in 2023, agus shroich sé an leibhéal is ísle ó bhí 2013 ann ([23]). Ar an lámh eile, tháinig méadú géar agus leanúnach ar sciar na n-allmhairí go dtí 2018, nuair a tugadh an beart coimirce isteach ar bhonn sealadach i mí Iúil, agus tháinig laghdú measartha air sa dá bhliain ina dhiaidh sin. Mar sin féin, ó bhí 2021 ann, tháinig méadú ar sciar na n-allmhairí arís, agus tá sé fós ar leibhéil atá i bhfad os cionn na leibhéil a bhí ann sular forchuireadh an beart coimirce. Dá bhrí sin, measadh leis an imscrúdú go bhfuil leibhéal an bhrú allmhairiúcháin i dtéarmaí an sciar den mhargadh níos airde arís ná na leibhéil a bhí ann sular forchuireadh an beart coimirce ([24]) agus ná na leibhéil sin a suíodh faoin gcéad Rialachán um athbhreithniú i ndáil le fadú ([25]).

([23]) Is é 2013 an chéad bhliain den tréimhse a chumhdaítear le bailiú sonraí an Choimisiúin i gcomhthéacs an Rialacháin Choimirce Chinntithigh.

([24]) Bhí sé suite ag an gCoimisiún sa bheart cinntitheach cheana féin, agus sciar níos ísle de leathadh allmhairí ann, go raibh an méadú ar allmhairí suntasach (+71 %). Féach Roinn 3 den Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach.

([25]) Féach aithris (25) den chéad Rialachán um athbhreithniú i ndáil le fadú.



Foinsí: I gcás allmhairí, Eurostat. Maidir le tomhaltas, freagraí ceistneora thionscal an Aontais dá bhforáiltear sa bhun-imscrúdú (2013-2017), an imscrúdú an chéad athbhreithnithe i ndáil le fadú (2018-2020) agus imscrúdú an dara hathbhreithniú i ndáil le fadú (2021-2023) faoi seach.


(b) Brú allmhairiúcháin - An fhorbairt ar Úsáid Taraif-chuótaí

(31) Rinne an Coimisiún measúnú ar bhrú allmhairiúcháin freisin i bhfianaise an fhorbairt ar úsáid taraif-chuótaí. ([26]) Ar an gcéad dul síos, rinne an Coimisiún measúnú ar fhorbairt taraif-chuótaí ón gcéad Rialachán um athbhreithniú i ndáil le fadú. Léirítear leis na sonraí sa ghraf thíos méideanna na dtaraif-chuótaí a bhí ar fáil ag deireadh gach ceann den dá bhliain choimirce dheireanacha ([27]), lena léirítear meánúsáid taraif-chuótaí de thart ar 46 % ag deireadh na ráithe deireanaí de bhliain choimirce (Aibreán-Meitheamh) agus idir 7 agus 8.5 milliún tona de tharaif-chuótaí ann nár úsáideadh i mblianta 4 agus 5 faoi seach. Faoin mbliain choimirce atá ann faoi láthair ([28]) (sonraí atá ar fáil go dtí an 21 Bealtaine 2024), is cosúil go bhfuil treocht na dtaraif-chuótaí atá ar fáil inchomparáide. Dá bhrí sin, níor thug an Coimisiún athrú mór faoi deara agus é ag féachaint ar úsáid fhoriomlán na dtaraif-chuótaí ag deireadh an dá bhliain choimirce dheireanacha, lena n-áirítear an bhliain reatha.

([26]) Sonraí a bhaintear as suíomh gréasáin tiomnaithe an Choimisiúin ina gcuirtear faisnéis ar fáil maidir le gach úsáid taraif-chuótaí, agus a ndéantar nuashonrú laethúil air. Tá na bunsonraí a úsáideadh don anailís seo ar fáil go poiblí ag: https://ec.europa.eu/taxation_customs/dds2/taric/quota_consultation.jsp

([27]) Cumhdaítear le Bliain 4 an tréimhse ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022, cumhdaítear le Bliain 5 an tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023

([28]) Bliain 6, lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024.




Foinse: Ríomh DG TRADE bunaithe ar na sonraí atá le fáil i mbunachar sonraí DG TAXUD maidir le húsáid cuótaí: https://ec.europa.eu/taxation_customs/dds2/taric/quota_consultation.jsp

(32) Ar an dara dul síos, rinne an Coimisiún measúnú ar na forbairtí is déanaí trí bhreathnú ar úsáid na dtaraif-chuótaí go dtí seo sa bhliain choimirce leanúnach ([29]) ar bhonn ráithiúil.

(33) Deimhníodh san anailís ar úsáid taraif-chuótaí go raibh méideanna suntasacha méadaitheacha taraif-chuótaí nár úsáideadh, agus gur sroicheadh thart ar 7 milliún tona nár úsáideadh ag deireadh na ráithe Eanáir-Márta 2024. Mar thoradh air sin, bhí úsáid na dtaraif-chuótaí tar éis trí cheathrú ag 47 %, mar a léirítear sa ghraf thíos. Agus measúnú á dhéanamh ar bhrú allmhairiúcháin, áfach, ní mór anailís a dhéanamh ar ráta úsáide na dtaraif-chuótaí in éineacht le forbairt sciar na n-allmhairí i Roinn 3.2.2.(a), inar léiríodh meánmhéadú i gcomparáid le tréimhsí roimhe sin agus le measúnú níos mionsonraithe, mar an ceann a dhéantar tuilleadh thíos sa Roinn seo. Go háirithe, ós rud é go bhfuil méadú thart ar 25 % tagtha ar mhéideanna na dtaraif-chuótaí ó 2019 ar aghaidh mar gheall ar léirscaoileadh agus breisiú tosaigh agus go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar thomhaltas agus nach bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh téarnamh fóinteach air go luath amach anseo.

([29]) Sonraí ón 1 Iúil 2023 go dtí an 31 Márta 2024.



Foinse: Ríomh DG TRADE bunaithe ar na sonraí atá le fáil i mbunachar sonraí DG TAXUD maidir le húsáid cuótaí: https://ec.europa.eu/taxation_customs/dds2/taric/quota_consultation.jsp

(34) Go deimhin, léiríodh le hanailís níos mionsonraithe ar na sonraí sin go raibh 21 tharaif-chuóta aonair (bíodh siad tírshonrach nó iarmharach) ídithe ar an meán i roinnt catagóirí táirgí le linn na dtrí ráithe a ndearnadh measúnú orthu. B'ionann a meánmhéideanna comhcheangailte agus 32 % (beagnach dhá mhilliún tona in aghaidh na ráithe) de mheánmhéid iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse céanna.

(35) Ó thaobh tionscnaimh de, deimhníodh san imscrúdú freisin go raibh líon ábhartha de na taraif-chuótaí sin ídithe ag cuid de na tíortha onnmhairiúcháin cruach is mó chuig an Aontas ([30]), tíortha a bhí ag ídiú ó aon suas le hocht gcinn dá dtaraif-chuótaí tírshonracha faoi seach i ráithe ar leith ([31]). Shainaithin an Coimisiún patrúin onnmhairiúcháin chomhchosúla cheana féin sa chéad Rialachán um athbhreithniú i ndáil le fadú. ([32]) Ina theannta sin, ídíodh an taraif-chuóta is mó faoin mbeart (an taraif-chuóta iarmharach i gcatagóir 1) go comhsheasmhach beagnach láithreach le linn na dtrí ráithe dheireanacha as a chéile, rud a léirigh iompar leanúnach faille ó thríú tíortha áirithe. ([33])

(36) I gcásanna áirithe, is táscaire iad ídiú na dtaraif-chuótaí agus luas ídithe den sórt sin ar na taraif-chuótaí sin i gcás inar dhócha go rachadh méideanna breise isteach i margadh an Aontais in éagmais an bhirt coimirce. I ndáil leis sin, bhí an beart coimirce ag cur cosc, dá bhrí sin, ar bhrú breise allmhairiúcháin a bheith ann. Dá bhrí sin, i bhfianaise na sonraí sin, mheas an Coimisiún gur dheimhnigh na patrúin úsáide taraif-chuótaí sin, a tharla go pointí éagsúla ar fud na dtacar táirge uile, an t-ardleibhéal brú allmhairiúcháin atá ar mhargadh cruach an Aontais.

([30]) Is iad an tSín, an India, an Chóiré, an Téaváin agus an Tuirc na tionscnaimh sin.
([31]) Ar an meán, b'ionann líon na dtaraif-chuótaí a ídíodh de réir an tionscnaimh sin agus 65 % d'iomlán na dtaraif-chuótaí a ídíodh.
([32]) Féach aithrisí (27)-(28) den chéad Rialachán um athbhreithniú i ndáil le fadú.
([33]) Deireadh Fómhair-Nollaig 2023, Eanáir-Márta 2024, Aibreán-Meitheamh 2024. Aithníodh patrún comhchosúil i roinnt ráithí i gcatagóir táirge 16 (slat sreinge).

(c) Forbairt ar onnmhairí ar fud an domhain a dhéanann na príomhthíortha onnmhairiúcháin cruach agus forbairt an tomhaltais ina gcuid margaí intíre

(37) Tháinig laghdú -17 % ar allmhairí isteach san Aontas in 2023 i gcomparáid le 2021 ([34]). An tráth céanna, mar a léirítear i dTábla 11 thíos, tháinig laghdú -8 % ar allmhairí isteach i margadh na Stát Aontaithe le linn na tréimhse céanna agus lean siad de bheith i bhfad níos ísle ná an bhuaic a sroicheadh in 2017, sular forchuireadh beart Roinn 232 na Stát Aontaithe. In 2023, bhí laghdú beagnach 6 mhilliún tona tagtha ar allmhairí i gcomparáid le 2017, is é sin, an bhliain dheireanach roimh Roinn 232.

Tábla 11

Allmhairí isteach sna Stáit Aontaithe i dtonaí

Bliain	2017	2021	2022	2023
Iomlán na dTríú tíortha (gan AE san áireamh)	21 933 440	17 977 836	19 473 713	16 405 997

Foinse: Coimisiún Trádála Idirnáisiúnta na Stát Aontaithe ([35])

(38) Tar éis dó forbairt na méideanna allmhairí isteach sa dá mhargadh allmhairiúcháin cruach is mó (an tAontas agus SAM) a shainaithint ([36]), rinne an Coimisiún anailís ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin na bpríomhthíortha soláthair cruach don Aontas ([37]) chuig tríú tíortha (seachas an tAontas agus SAM).

(39) Léirítear i dTábla 12 thíos go ndearna na tíortha is mó a onnmhairíonn an táirge lena mbaineann chuig an Aontas a n-onnmhairí chuig tríú margaí eile a laghdú go mór ar an iomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Deimhníodh freisin i measúnú aonair ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin na dtíortha sin treocht dhiúltach fhorleathan maidir le forbairt na n-onnmhairí chuig margaí seachas an tAontas agus SAM ([38]).

Tábla 12

An fhorbairt ar onnmhairí (seachas go dtí an tAontas agus go SAM) an táirge lena mbaineann ó na príomhthíortha soláthair cruach don Aontas chuig tríú margaí (seachas an tSín)

Bliain	2021	2022	2023	% athrú	Athrú i dtonaí
Tonaí	100 433 268	85 647 917	80 921 385	- 19 %	- 19 511 882

Foinse: Global Trade Atlas Sa bhunachar sonraí sin, bailítear faisnéis staidrimh a chuireann oifigí staidrimh náisiúnta custaim ar fáil ó gach tír: https://www.spglobal.com/marketintelligence/en/mi/products/maritime-global-trade-atlas.html.

(40) I bhfianaise na bhfigiúirí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, sa bhreis ar mhéideanna níos ísle onnmhairí chuig margadh an Aontais (Tábla 9) agus chuig margadh na Stát Aontaithe (Tábla 11), nach raibh na tíortha sin in ann go ginearálta a méideanna onnmhairiúcháin a cailleadh sa dá mhargadh allmhairiúcháin is mó a ionadú trína n-onnmhairiú chuig margaí eile. Dá bhrí sin, i dtéarmaí foriomlána, chaill na tíortha is mó a onnmhairíonn cruach chuig an Aontas méideanna suntasacha onnmhairí ar fud an domhain.

([34]) Féach Tábla 9 den Rialachán seo.
([35]) https://dataweb.usitc.gov/
([36]) Féach ECFE *Steel Market Developments* [Forbairtí sa Mhargadh Cruach], R2 2024, Tábla 7.
([37]) Is iad seo a leanas na tíortha (liostaithe in ord aibítre): An Éigipt, an India, an Indinéis, an tSeapáin, an Chóiré Theas, an Téaváin, an Tuirc agus Vítneam. B'ionann a sciar d'iomlán na n-allmhairí isteach san Aontas agus 65 % in 2023.
([38]) Níor áiríodh sonraí ón tSín, atá ar cheann de na tíortha is mó a onnmhairíonn chuig an Aontas freisin, toisc go bpléitear ar leithligh lena forbairt shonrach. Léireodh an anailís chéanna, agus onnmhairí ón tSín san áireamh inti, méadú 3 % ar onnmhairí le linn na tréimhse céanna.

(41) Rinne an Coimisiún a mheasúnú féin a fhorlíonadh a thuilleadh leis an anailís a rinne ECFE ar raon táirgí níos leithne. Dheimhnigh na sonraí ó ECFE measúnú an Choimisiúin féin gur tháinig laghdú comhsheasmhach foriomlán ar mhéid onnmhairí na bpríomhthíortha onnmhairiúcháin cruach le linn na tréimhse faoi bhreathnú ([39]).

(42) An t-aon eisceacht shuntasach ón treocht sin atá comhsheasmhach seachas sin, bhain sí le feidhmíocht onnmhairí na Síne, ar tháinig méadú mór orthu in 2023, agus shroich siad thart ar 95 mhilliún tona onnmhairí. Bhí méadú 24 mhilliún tona (+40 %) ar onnmhairí i gceist leis sin. ([40]) Leis an méadú ar onnmhairí na Síne, i bhfianaise a ollmhéide, cheilfí an laghdú ar onnmhairí a sainaithníodh le haghaidh beagnach gach tír mhór onnmhairiúcháin eile. Ar an gcúis sin, ní áirítear an tSín leis an anailís chomhiomlánaithe ar Thábla 12 thuas.

(43) Go deimhin, tháinig méadú suntasach ar an iomaíocht i margaí tríú tíortha eile mar gheall ar an mbrú breise a chuir onnmhairí na Síne orthu ([41]). Laghdaigh sé sin infhaighteacht agus méid na margaí onnmhairiúcháin ar fud an domhain tuilleadh ([42]) agus chuir sé le laghdú onnmhairí na dtíortha eile.

(44) I ndáil leis an méid sin, léiríodh le sonraí ECFE, in ainneoin go laghdaíonn formhór na n-onnmhaireoirí cruach is mó a n-onnmhairí, gur léiríodh treocht in airde maidir le hallmhairí i roinnt mhaith de na margaí móra allmhairiúcháin seachas an tAontas agus SAM ([43]). Is cosúil gurb é an borradh ar onnmhairí na Síne is cúis leis sin go beacht i roinnt de na margaí sin ar a laghad (e.g. ASEAN ([44]), an Chóiré, an Tuirc ([45]), an Bhrasaíl ([46])) ([47]). Thairis sin, ní léirítear leis na sonraí ó na chéad mhíonna de 2024 go bhfuil an iompraíocht onnmhairiúcháin sin ón tSín ag cúlú ([48]).

(45) Maidir leis an bhforbairt sin ar onnmhairí na Síne, rinne an Coimisiún measúnú freisin ar an gcomhghaol agus ar an tionchar a bhí ag an méadú ollmhór sin ar onnmhairí na Síne chuig tríú tíortha ar mhargadh an Aontais ó thaobh sreabha allmhairí de.

(46) Dheimhnigh an Coimisiún gur tháinig méadú suntasach ar allmhairí ó chuid de na tionscnaimh inar mhéadaigh an tSín a láithreacht onnmhairiúcháin in 2023 (lena n-áirítear Vítneam, an Indinéis agus an Mhalaeisia) ([49]) chomh maith le tíortha eile a bhíonn in iomaíocht de ghnáth i margaí na hÁise den sórt sin leis an tSín (an tSeapáin ([50])) i margadh an Aontais in 2023 ([51]). Ba ghéire a bhí méaduithe den sórt sin i gcomparáid leis an tréimhse sular forchuireadh an beart coimirce. Dá bhrí sin, tugann na sonraí a ndearnadh anailís orthu le fios go láidir, i gcomhthéacs foriomlán tomhaltais níos laige, gur chuir an brú láidir méadaitheach allmhairiúcháin sin ón tSín i dtríú margaí áirithe brú ar tháirgeoirí i roinnt tíortha margaí onnmhairiúcháin eile a aimsiú le haghaidh cuid dá dtáirgeadh, margadh an Aontais ina measc ([52]).

([39]) Féach OSCE Steel Market Developments [Forbairtí i Margadh Cruach ECFE], R2 2024, Tábla 6.

([40]) Féach ECFE *Steel trade and trade policy developments* [Forbairtí maidir le trádáil cruach agus beartais trádála] (Iúil. – Nollaig. 2023), Roinn 2.1.1. Tá an méid sin níos airde ná méideanna comhcheangailte onnmhairiúcháin na gcéad cheithre onnmhaireoir cruach eile is mó ar domhan: An tSeapáin, an Chóiré (Poblacht na Cóiré), an tAontas Eorpach agus an Tuirc. Féach: ECFE *Steel Market Developments* [Forbairtí sa Mhargadh Cruach], R2 2024, Tábla 6.

([41]) Féach ECFE Steel Market Developments [Forbairtí sa Mhargadh Cruach], R2 2024, Tábla 5.

([42]) Féach forbairt an tomhaltais intíre i bpríomh-mhargaí i dTábla 13 den Rialachán seo.

([43]) Féach ECFE Steel Market Developments [Forbairtí sa Mhargadh Cruach], R2 2024, Tábla 7.

([44]) Féach S&P Platts: *'Turkish steel mills under pressure from low-priced Asian imports'* [Muilte cruach na Tuirce faoi bhrú ó allmhairí ar phraghas íseal ón Áise] https://www.spglobal.com/commodityinsights/en/market-insights/latest-news/metals/050924-turkish-steel-mills-under-pressure-from-low-priced-asian-imports-panel

([45]) Féach ECFE Steel trade and trade policy developments [Trádáil Cruach agus forbairtí beartais trádála] (Iúil – Meitheamh 2023), Tábla 1, le léamh in éineacht le ECFE Steel Market Developments [Forbairtí sa Mhargadh Cruach], R2 2024, Tábla 7.

([46]) Féach Bloomberg: *'China's $8.5 Billion in Steel Spurs Latin America Toward Tariffs'* [Spreagann $8.5 bhilliún na Síne i gCruach Meiriceá Laidineach i leith Taraifí] https://www.bloomberg.com/news/articles/2024-04-23/brazil-joins-protectionist-wave-in-face-of-cheap-steel-imports

([47]) Lena n-áirítear Vítneam, na hOileáin Fhilipíneacha, an Mhalaeisia, an Téalainn, an Indinéis, Singeapór.

([48]) Féach GMK: *'In January-April, China increased steel exports by 27 percent'* [In Eanáir-Aibreán, tháinig méadú 27 % ar onnmhairí cruach na Síne] https://gmk.center/en/news/china-increased-steel-exports-by-27-y-y-in-january-april/; féach freisin S&P *Global Commodity Insights* - Platts, *World Steel Review* [Athbhreithniú ar Chruach Dhomhanda], Imleabhar 24, Eagrán 19, an 8 Bealtaine 2024 (ar fáil ar shíntiús).

([49]) Mhéadaigh Vítneam a onnmhairí den táirge lena mbaineann faoi +37 % in 2023 i gcomparáid le 2021, mhéadaigh an Mhalaeisia faoi +535 % agus mhéadaigh an Indinéis faoi +66 %. I gcás Vítneam, an t-onnmhaireoir is mó as na tíortha tionscnaimh a ndearnadh measúnú orthu chun na críche sin, ba é +334 % an méadú in 2023 i gcomparáid leis an mbliain ina raibh na honnmhairí is airde roimh 2021 (is é sin, 2018)

([50]) Mhéadaigh an tSeapáin a honnmhairí faoi +106 % in 2023 i gcomparáid le 2021.

([51]) Mhéadaigh an Chóiré (Poblacht na Cóiré), a raibh brú ón tSín ar a margadh intíre agus ar mhargaí onnmhairiúcháin eile freisin, a láithreacht ar mhargadh an Aontais, cé go raibh an méadú níos measartha.

([52]) Déantar forbairt bhreise ar fhorbairt na n-allmhairí ó chuid de na tionscnaimh sin isteach san Aontas i gcomhthéacs na hanailíse ar ró-acmhainneacht i Roinn 3.2.2.(d)

(47) Mar chéad chéim eile, rinne an Coimisiún measúnú ar an bhforbairt ar thomhaltas intíre na bpríomhthíortha onnmhairiúcháin cruach ([53]) le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

Tábla 13

An fhorbairt ar an tomhaltas sna príomh-mhargaí déanta cruach (lena n-áirítear na príomhthíortha onnmhairiúcháin chuig an Aontas)

Bliain / Táirge	Corna teorollta agus pláta corna	Corna fuar-rollta	Corna HDG + EZ	Stánph-láta	Pláta Muilinn Aisiompai-theach	Barra Treisiú-cháin + Slat Sreinge	Barra Cruach agus Cónaisc Struchtúracha	Ráille	gach ceann - an tSín san áireamh	an tSín	gan an tSín san áireamh
2018	501 094	172 656	87 022	8 539	110 692	495 876	190 878	8 137	1 574 894	964 829	610 065
2019	505 033	167 801	90 303	8 820	113 426	531 934	197 669	8 710	1 623 696	1 024 141	599 556
2020	518 795	176 849	91 167	8 371	121 359	552 592	211 095	8 111	1 688 338	1 141 389	546 949
2021	544 636	182 974	90 038	8 094	118 641	547 644	207 966	7 050	1 645 904	1 050 573	595 331
2022	532 646	173 302	87 504	7 317	119 759	516 659	200 983	7 175	1 707 043	1 085 222	621 821
2023	559 856	181 132	92 419	8 020	126 071	502 780	200 126	7 376	1 677 781	1 068 225	609 556

Foinse: Bunachar sonraí CRU (ar fáil ar shíntiús)

(48) Léirítear i dTábla 13 ([54]) thuas, i dtéarmaí foriomlána, gur tháinig laghdú 61 mhilliún tona (-4 %) ar thomhaltas na bpríomh-onnmhaireoirí cruach i margaí intíre in 2022 ([55]) i leith 2021 ([56]). As sin, tháinig an laghdú ba ghéire ar thomhaltas na Síne, ó thaobh méideanna foriomlána de, agus laghdú -34 mhilliún tona air. In 2023 ba é -2 % (– 29,2 mhilliún tona) an laghdú foriomlán i gcomparáid le 2021.

(49) Deimhníodh san anailís sa Roinn seo go bhfuil deacrachtaí méadaitheacha ag na príomhonnmhaireoirí cruach cuid dá dtáirgeadh a onnmhairiú chuig tríú margaí (féach freisin Roinn 3.2.2.(e) agus (f) thíos). Ina theannta sin, léiríodh leis na sonraí gur ar éigean a d'fhéadfaí na méideanna onnmhairí a cailleadh a threorú chuig a margaí intíre féin i bhfianaise fhorbairt an tomhaltais. Ba é an toradh a bhí air sin caillteanas suntasach méideanna a díoladh ar bhonn intíre agus i dtríú tíortha araon le haghaidh go leor de na soláthróirí cruach is mó chuig an Aontas.

(d) *Ró-acmhainneacht*

(50) Bhí forbairt na ró-acmhainneachta domhanda ina príomhghné den chinneadh ón gCoimisiún a bhí mar bhonn taca le beart coimirce cinntitheach a fhorchur i mí Feabhra 2019 ([57]) agus lena fhadú i mí an Mheithimh 2021 ([58]). San imscrúdú reatha, rinne an Coimisiún measúnú ar na forbairtí is déanaí maidir le ró-acmhainneacht cruach, ag brath ar fhoinsí cuir i gcás Coiste Cruach ECFE agus an Fóram Domhanda maidir le Ró-Acmhainn sa Tionscal Cruach (GFSEC), lena ndeimhnítear, sna tuarascálacha is déanaí uaidh, go bhfuil ró-acmhainneacht fós ar leibhéil an-ard ([59]).

(51) De réir na bhfoinsí sin, in 2023, measadh gur sháraigh an acmhainneacht dhomhanda déanta cruach an táirgeacht le breis agus 550 milliún tona méadrach. Tá sé sin coibhéiseach le comhtháirgeacht cruach na hIndia, Chríocha Mheiriceá, an Aontais, na Seapáine agus na Tuirce in 2023 ([60]), agus is ionann é agus ceithre oiread an tomhaltais i margadh an Aontais in 2023.

([53]) Príomhthíortha onnmhairiúcháin cruach an táirge lena mbaineann chuig an Aontas.

([54]) Is é is cuspóir don tábla seo forbhreathnú ginearálta a thabhairt ar threochtaí tomhaltais roinnt de na príomhchatagóirí táirgí a thrádáiltear ar fud an domhain. Ní léirítear leis na sonraí go díreach an táirge lena mbaineann.

([55]) Is iad na sonraí ó 2022 na sonraí is déanaí atá ar fáil don Choimisiún ón bhfoinse sin.

([56]) Tá an treocht lena n-áirítear nó lena n-eisiatar an tSín ón ríomh inchomparáide den chuid is mó.

([57]) Féach aithrisí (49-54) den Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach

([58]) Féach freisin aithrisí (38-43) den chéad Rialachán um athbhreithniú i ndáil le fadú agus aithris (87) de Rialachán um Athbhreithniú 2023.

([59]) Féach ECFE: *'Latest developments in steelmaking capacity and outlook until 2026'* [Na forbairtí is déanaí maidir le hacmhainneacht agus ionchas déanta cruach go dtí 2026] agus an Fóram Domhanda maidir le Róacmhainneacht Cruach: '*Steel Exports, Trade Remedy Actions and Sources of Excess Capacity*' [Onnmhairí Cruach, Gníomhaíochtaí Feabhais Trádála agus Foinsí Ró-Acmhainneachta]

([60]) Féach an 91ú Seisiún de Choiste Cruach ECFE - Ráiteas an Chathaoirligh.

(52) Léiríodh leis na sonraí sin, dá bhrí sin, nár tháinig feabhas ar staid na ró-acmhainneachta ó forchuireadh an choimirce cruach in 2019. Ina ionad sin, tá sé fós ina fhadhb thromchúiseach san earnáil cruach, agus níltear ag súil go dtiocfaidh feabhas air go luath. Go deimhin, agus measúnú á dhéanamh aige ar na forbairtí is dócha a bheidh ann maidir le ró-acmhainneacht dhomhanda, dheimhnigh an Coimisiún freisin go bhfuil an staid ag dul in olcas tuilleadh. Thuairiscigh ECFE go bhfuil sé beartaithe thart ar 160 milliún tona méadrach d'acmhainneacht nua a shuiteáil idir 2024-2026 ([61]). Dhéanfaí acmhainneachtaí nua den sórt sin, atá níos mó ná tomhaltas bliantúil an Aontais, a chur leis i dtréimhse ina meastar go dtiocfaidh fás beag ar an éileamh domhanda ar chruach, rud a d'fhágfadh go mbeadh an baol ann go méadófaí an bhearna idir acmhainneacht agus éileamh a tuilleadh agus, dá bhrí sin, go gcuirfí leis an staid ró-acmhainneachta.

(53) Ina theannta sin, deimhníodh san fhaisnéis a ndearnadh anailís uirthi gurbh é an tAontas an t-aon mhór-réigiún déanta cruach, nach mór, inar tháinig laghdú ar an acmhainneacht shuiteáilte le linn na tréimhse 2018-2023 agus, dá bhrí sin, nár chuir sé leis na treochtaí reatha maidir le ró-acmhainneacht dhomhanda ([62]).

(54) Chomh maith leis sin, dheimhnigh an Coimisiún an fhaisnéis maidir le ró-acmhainneacht leis na sonraí ó bhunachar sonraí CRU ([63]) i dtaca leis na príomhthíortha déanta cruach ar fud an domhain, lena n-áirítear na príomhthíortha onnmhairiúcháin cruach chuig margadh an Aontais.

(55) Dá bhrí sin, mheas Coimisiún go raibh an ró-acmhainneacht fós ar leibhéil an-ard agus gur dócha go dtiocfadh méadú breise uirthi.

(56) Chomh maith le measúnú a dhéanamh ar an bhforbairt is déanaí ar ró-acmhainneacht dhomhanda, rinne an Coimisiún anailís ar na naisc idir ró-acmhainn atá ag dul i méid i roinnt tíortha agus réigiún, agus forbairt na n-allmhairí isteach san Aontas ó thionscnaimh den sórt sin. Bhí an measúnú sin bunaithe ar staidreamh allmhairiúcháin agus ar an taighde sonrach ar fhorbairt ró-acmhainneachta a rinne Coiste Cruach ECFE ([64]) agus an Fóram Domhanda maidir le Ró-Acmhainn sa Tionscal Cruach. ([65])

(57) De réir an Fhóraim Dhomhanda maidir le Ró-Acmhainn sa Tionscal Cruach *'le blianta beaga anuas, tá rioscaí ró-infheistíochta ag éirí níos soiléire san Áise Thoir Theas, i gcodanna den Mheánoirthear agus den Afraic, áit a sáraíonn méaduithe acmhainneachta den sórt sin an t-éileamh áitiúil ar chruach le corrlach an-leathan'*. Cuireadh in iúl sa doiciméad freisin *'go raibh rátaí fáis acmhainneachta os cionn 35 % go 95 % ag Vítneam, ag an Indinéis agus ag an Malaeisia, agus go bhfuil laghdú nó méadú beag tagtha ar an éileamh ar chruach (...) agus go bhfuil fás neamhchothrom á chlárú freisin i ngeilleagair áirithe eile sa Mheánoirthear, san Áise Theas agus i dTuaisceart na hAfraice (e.g. an Iaráin, an Phacastáin agus an Ailgéir)'* ([66]).

(58) Óna taobh féin de, bhí an fhaisnéis sin i gcomhréir freisin leis an bhfaisnéis a chuir ECFE ar fáil ar leibhéal na tíre, rud a léiríonn méadú suntasach ar acmhainneacht sna tíortha tionscnaimh sin (agus i dtíortha tionscnaimh eile) ([67]). I ndáil leis sin, léirigh an t-imscrúdú freisin gur infheistíochtaí ar an gcoigríoch de chuid na Síne a spreag cuid de na breiseanna acmhainneachta sin, go háirithe ach gan a bheith teoranta do réigiún ASEAN ([68]).

([61]) Féach ECFE: 'Latest developments in steelmaking capacity and outlook until 2026' [Na forbairtí is déanaí maidir le hacmhainneacht agus ionchas déanta cruach go dtí 2026], Ranna 2.4 agus 4.

([62]) *Ibid*, Tábla 1, lch. 9

([63]) Foinse: Bunachar sonraí CRU le haghaidh 2017-2023 na figiúirí ró-acmhainneachta i gcomparáid leis an tomhaltas agus an táirgeacht. https://www.crugroup.com/analysis/steel/ (rochtain ar shíntiús).

([64]) Féach ECFE: 'Latest developments in steelmaking capacity and outlook until 2026' [Na forbairtí is déanaí maidir le hacmhainneacht agus ionchas déanta cruach go dtí 2026].


([65]) Féach agus an Fóram Domhanda maidir le Ró-Acmhainn sa Tionscal Cruach: '*Steel Exports, Trade Remedy Actions and Sources of Excess Capacity*' [Onnmhairí Cruach, Gníomhaíochtaí Feabhais Trádála agus Foinsí Ró-Acmhainneachta]

([66]) Ibid ag míreanna 12 agus 13.

([67]) Féach ECFE '*Latest developments in steelmaking capacity and outlook until 2026*' [Na forbairtí is déanaí maidir le hacmhainneacht agus ionchas déanta cruach go dtí 2026], Iarscríbhinn C.

([68]) Féach *ECFE Latest Developments in Steelmaking Capacity and Outlook Until 2026* [Na Forbairtí is Déanaí maidir le hAcmhainneacht agus Ionchas Déanta Cruach go dtí 2026], Ranna 2.4 agus 3. Féach, freisin: https://gmk.center/en/news/chinese-xinxing-invests-2-billion-in-steel-plants-in-egypt/ ; https://news.metal.com/newscontent/102434658/Another-Chinese-steel-mills-made-its-way-to-overseas-For-Chinese-companies-looking-to-invest-overseas-what-are-critical-factors-to-watch-for;

(59) Agus measúnú á dhéanamh ar fhorbairt na n-allmhairí isteach san Aontas de réir tionscnaimh, shainaithin an Coimisiún gur ([69]) tháinig borradh ar allmhairí ó thionscnaimh áirithe le linn na tréimhse 2022-2023 ([70]), d'ainneoin an beart coimirce a bheith i bhfeidhm. Ní raibh allmhairí ó na háiteanna tionscnaimh sin i measc sholáthróirí traidisiúnta an Aontais agus i gcásanna áirithe ba bheag nárbh ann dóibh roimh an mbeart coimirce agus le linn na chéad bhlianta dá chur i bhfeidhm. Dá réir sin, níor cháiligh siad le haghaidh cuóta tírshonrach (CSQ) agus dá bhrí sin bhí siad ag úsáid an spáis a bhí ar fáil faoi na taraif-chuótaí iarmharacha chun dul isteach i margadh an Aontais ar luas an-tapa agus le méideanna arda. Chruthaigh láithreacht thobann den sórt sin suaitheadh suntasach ar an margadh agus i gcásanna áirithe bhain sí an bonn d'éifeachtacht an bhirt (Féach Roinn 7.3 thíos). Léirítear leis an ngraf thíos forbairt na n-allmhairí isteach san Aontas ó chuid de na háiteanna tionscnaimh sin.



Foinse: Eurostat

(60) Léirítear leis an ngraf gur tháinig méadú 4 mhilliún tona nach mór ar allmhairí ó na háiteanna tionscnaimh sin in 2023 i gcomparáid le 2017, roimh an mbeart coimirce.

(61) Dá bhrí sin, léiríodh leis an anailís ar na sonraí a bhí ar fáil comhghaol díreach idir forbairt na n-allmhairí ó thionscnaimh áirithe isteach i margadh an Aontais, agus forbairt agus staid na ró-acmhainneachta maidir leis na tionscnaimh sin, chomh maith leis an méadú ar onnmhairí na Síne i gcuid acu. Mar a forbraíodh i Roinn 7.3 thíos, deimhníodh leis imscrúdú go raibh tionchar diúltach cheana féin ag dul i bhfód ionsaitheach den sórt sin i margadh atá faoi réir coimirce ar thionscal an Aontais, agus dá bhrí sin bhí gá le gníomhaíochtaí breise maidir le feidhmiú an bhirt chun éifeachtaí den sórt sin a fhritháireamh.

(e) Bearta tríú tír, lena n-áirítear Roinn 232 na Stát Aontaithe

(62) Sa Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach, chinn an Coimisiún gur dócha go mbeadh bearta Roinn 232 na Stát Aontaithe maidir le táirgí cruach áirithe ina gcúis le sraonadh suntasach trádála chuig margadh an Aontais d'onnmhairí a bhí ceaptha chuig margadh na Stát Aontaithe ar dtús, mura ndearna an tAontas aon ghníomhaíocht feabhais. Ina Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach, mheas an Coimisiún go raibh na chéad chomharthaí maidir le sraonadh trádála ar siúl cheana féin in 2018 ([71]). Sa chéad Rialachán um athbhreithniú i ndáil le fadú, dheimhnigh an Coimisiún go raibh an baol fós ann go ndéanfaí sraonadh trádála mar thoradh ar an mbeart sin ([72]). Thairis sin, i gcomhthéacs an Tríú Rialacháin maidir le hAthbhreithniú ar Fheidhmiú, rinne an Coimisiún measúnú mionsonraithe sonrach ar thionchar an bhirt seo ar shreabha trádála féideartha isteach i margadh an Aontais. Sa mheasúnú sin, mheas an Coimisiún go raibh an baol fós ann go ndéanfaí sraonadh trádála, d'ainneoin na n-athruithe a rinneadh ar Roinn 232 na Stát Aontaithe ([73]).

([69]) I measc na n-áiteanna tionscnaimh sin tá: An Ailgéir, an Éigipt, an Indinéis, an Mhalaeisia agus Vítneam.
([70]) Tháinig méadú 344 % ar allmhairí ó na háiteanna tionscnaimh sin i gcomparáid le 2017, an bhliain dheireanach sular forchuireadh an beart coimirce.
([71]) Féach aithrisí (99) go (110) den Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach
([72]) Féach Roinn 3.1.2.(c) den chéad Rialachán um athbhreithniú i ndáil le fadú
([73]) Roinn 3.5 den tríú Rialachán um athbhreithniú i ndáil le feidhmiú

(63) San imscrúdú reatha, rinne an Coimisiún measúnú ar stádas is déanaí bheart na Stát Aontaithe chun a shuí cé acu a bhí na torthaí roimhe seo fós bailí nó nach raibh. Deimhníodh leis an imscrúdú gur fhan an beart i bhfeidhm agus nach raibh sé faoi réir aon athrú substaintiúil ó thaobh raon feidhme nó feidhmiú de ón uair dheireanach a rinne an Coimisiún measúnú air in 2023 ([74]). Ina theannta sin, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil ([75]), ba chosúil go raibh sé réasúnta glacadh leis nach ndéanfaí beart Roinn 232 na Stát Aontaithe a bhaint ná a mhodhnú go substaintiúil amach anseo.

(64) Léirigh an Coimisiún i dTábla 11 (allmhairí isteach in SAM) gur fhan leibhéal na n-allmhairí isteach i margadh na Stát Aontaithe i bhfad níos ísle ná mar a bhí le linn na tréimhse sular forchuireadh Roinn 232. Ina theannta sin, mar a léirítear i Ranna 3.2.2 (c) (onnmhairí chuig margaí eile agus tomhaltas intíre), ní bhfuair na soláthróirí is mó chuig an Aontas margaí eile go ginearálta a thiocfadh in ionad na méideanna a d'onnmhairigh siad roimhe sin, inter alia, chuig margadh na Stát Aontaithe.

(65) Dá réir sin, an riosca maidir le sraonadh trádála isteach i margadh an Aontais mar thoradh ar bhearta Roinn 232 na Stát Aontaithe, beidh sé fós ann ina iomláine dá rachadh beart coimirce an Aontais in éag.

(66) I dteannta Roinn 232 na Stát Aontaithe, chuir SAM in iúl freisin go méadódh sé na dleachtanna ar allmhairí táirgí cruach áirithe ón tSín faoi Roinn 301 ([76]). Leis an mbeart sin, mhéadófaí na deacrachtaí a bheadh ag an tSín maidir le honnmhairiú isteach i margadh na Stát Aontaithe, rud a chruthódh riosca breise maidir le sraonadh trádála, ó mhéideanna breise cruach a onnmhairítear go díreach ón tSín chuig an Aontas, nó go hindíreach, trí thionscnaimh eile a easáitiú i dtríú margaí mar gheall ar láithreacht mhéadaithe na Síne, mar a tugadh faoi deara cheana féin i Roinn 3.2.2 (d) thuas. D'fhéadfaí méideanna den sórt sin a dhíriú ansin, go páirteach ar a laghad, ar mhargadh an Aontais.

(67) Chomh maith le SAM, shainaithin an Coimisiún bearta nua freisin, seachas Ionstraimí Cosanta Trádála ('TDInna'), ([77]) arna nglacadh ag dlínsí eile. Mar shampla, i mí Lúnasa 2023, d'ardaigh Meicsiceo dleachtanna allmhairiúcháin ar roinnt táirgí cruach ó 15 % go 25 % ([78]). I mí Feabhra 2024 d'ardaigh an Bhrasaíl dleachtanna allmhairiúcháin ar roinnt táirgí cruach. ([79]) I mí Aibreáin 2024, chuir an Tuirc srian le honnmhairí táirgí cruach áirithe chuig Iosrael. ([80])

(68) Dá bhrí sin, deimhníodh leis an imscrúdú gur lean líon agus raon feidhme na mbeart arna nglacadh ag tríú tíortha de bheith ag méadú, rud a chuir leis an riosca go ndéanfaí sraonadh trádála de réir mar a tháinig laghdú breise ar na margaí atá ar fáil d'onnmhaireoirí.

([74]) Féach Roinn 4.1.2. den Rialachán maidir le hAthbhreithniú 2023

([75]) Féach '*Fact Sheet: Biden-Harris Administration Announces New Actions to Protect U.S. Steel and Shipbuilding Industry from China's Unfair Practices* [Bileog Eolais: Fógraíonn Riarachán Biden-Harris Gníomhaíochtaí Nua chun Tionscal Cruach agus Longthógála na Stát Aontaithe a Chosaint ar Chleachtais Éagóracha na Síne], Aibreán 2024, rud a léiríonn *'(…) gur dúshlán é atá ag dul i méid agus nach mór aghaidh a thabhairt air chun cosc a chur ar onnmhairí cruach na Síne agus onnmhairí cruach tíortha eile rochtain a fháil ar mhargadh na Stát Aontaithe agus taraifí Roinn 232 nó Roinn 301 a sheachaint. Chuir an tUachtarán Biden comhaltaí sinsearacha dá riaracháin go Meicsiceo le déanaí chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin'*.
https://www.whitehouse.gov/briefing-room/statements-releases/2024/04/17/fact-sheet-biden-harris-administration-announces-new-actions-to-protect-u-s-steel-and-shipbuilding-industry-from-chinas-unfair-practices/
Féach freisin: Ráiteas ó Adam Hodge, Urlabhraí USTR, an 9 Nollaig 2022; https://ustr.gov/about-us/policy-offices/press-office/press-releases/2022/december/statement-ustr-spokesperson-adam-hodge

([76]) Féach '*Fact Sheet: Biden-Harris Administration Announces New Actions to Protect U.S. Steel and Shipbuilding Industry from China's Unfair Practices* [Bileog Eolais: Fógraíonn Riarachán Biden-Harris Gníomhaíochtaí Nua chun Tionscal Cruach agus Longthógála na Stát Aontaithe a Chosaint ar Chleachtais Éagóracha na Síne], Aibreán 2024; https://www.whitehouse.gov/briefing-room/statements-releases/2024/04/17/fact-sheet-biden-harris-administration-announces-new-actions-to-protect-u-s-steel-and-shipbuilding-industry-from-chinas-unfair-practices/
Féach freisin 'Fact Sheet: *President Biden Takes Action to Protect American Workers and Businesses from China's Unfair Trade Practices* [Bileog Eolais: An tUachtarán Biden ag gníomhú chun Oibrithe agus Gnólachtaí Mheiriceá a chosaint ar Chleachtais Éagóracha Trádála na Síne], an 14 Bealtaine 2024:
https://www.whitehouse.gov/briefing-room/statements-releases/2024/05/14/fact-sheet-president-biden-takes-action-to-protect-american-workers-and-businesses-from-chinas-unfair-trade-practices/

([77]) Déantar measúnú sonrach ar bhearta ionstraimí cosanta trádála i Roinn 3.2.2. (f)


([78]) Féach S&P Platts: ''*Mexico imposes 25 % tariff on imports of steel to improve domestic market*' [Forchuireann Meicsiceo taraif 25 % ar allmhairí cruach chun feabhas a chur ar an margadh intíre] | S&P Global Commodity Insights (spglobal.com)' |

([79]) Féach an fógra ó Rialtas na Brasaíle. '*Gecex restores import tariffs for 5 steel NCMs*' [Athbhunaíonn Gecex taraifí allmhairiúcháin le haghaidh 5 NCM cruach] 'https://www.gov.br/mdic/pt-br/assuntos/noticias/2024/fevereiro/gecex-recompoe-tarifas-de-importacao-para-5-ncms-do-aco'

([80]) Féach S&P Platts: 'Cuireann an Tuirc srian le honnmhairí chuig Iosrael'; Ag tabhairt dá aire go háirithe 'ós rud é go bhfuil Iosrael ar cheann de na cinn scríbe onnmhairiúcháin cruach fada is mó atá ag an Tuirc, d'fhéadfadh na srianta dochar a dhéanamh do mhéideanna onnmhairiúcháin agus do phraghsáil mhuilte na Tuirce'.
https://www.spglobal.com/commodityinsights/en/market-insights/latest-news/metals/040924-turkey-restricts-steel-and-aluminum-exports-to-israel

(f) Staid na mbeart cosanta trádála i dtríú tíortha

(69) Rinneadh ([81]) measúnú in imscrúduithe roimhe seo ar fhorbairt agus ar staid na mbeart ionstraimí cosanta trádála maidir le táirgí cruach i dtríú tíortha ([82]). San imscrúdú sin, d'fhiosraigh an Coimisiún na forbairtí is déanaí agus dheimhnigh sé gur lean líon na mbeart ionstraimí cosanta trádála atá i bhfeidhm de bheith ag méadú agus go bhfuil sé fós ag leibhéil arda, mar a léirítear leis an ngraf thíos.



Foinse: *Tairseach Leigheasanna Trádála EDT* - https://trade-remedies.wto.org/en

(70) Ina theannta sin, léirítear leis an ngraf seo freisin gur forchuireadh sciar suntasach de na bearta in aghaidh na bpríomhonnmhaireoirí cruach chuig an Aontas ([83]). Ciallaíonn sé sin go bhfuil méadú ag teacht ar na deacrachtaí atá ag na tíortha sin a dtáirgeacht a onnmhairiú chuig tríú tíortha freisin mar thoradh ar an méadú atá ag teacht ar líon na mbeart ionstraimí cosanta trádála ina n-aghaidh.

(71) Ina theannta sin, thug an Coimisiún faoi deara freisin go raibh sé beartaithe ag dlínsí eile síneadh a chur leis na bearta coimirce atá acu cheana, cuir i gcás an Ríocht Aontaithe ([84]), nó go raibh imscrúduithe coimirce nua á dtionscnamh acu, cuir i gcás an Afraic Theas ([85]). Leis an méadú atá ag teacht ar líon na mbeart cosanta trádála atá ag leathnú ar fud na ndlínsí, tá ag géarú ar na deacrachtaí atá ag tíortha onnmhairiúcháin margaí a aimsiú dá dtáirgeacht, i gcomhthéacs ina bhfuil an ró-acmhainneacht ag dul i méid ([86]), rud a chuirfidh leis an teannas atá ann cheana ar an margadh. Ina theannta sin, d'fhéadfadh tuilleadh gníomhaíochtaí ionstraimí cosanta trádála a bheith mar thoradh ar fhorbairtí sa mhargadh a tugadh faoi deara, go háirithe an borradh atá tagtha ar onnmhairí na Síne agus dálaí laga a bheith sa mhargadh ([87]).

([81]) Ní chuirtear onnmhairí ón Aontas atá faoi réir bearta ionstraimí cosanta trádála san áireamh sa mheasúnú sin.
([82]) Féach aithrisí (33-34) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1013 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2018 lena bhforchuirtear bearta coimirce cinntitheacha i ndáil le hallmhairí táirgí cruach áirithe (IO L 181, 18.7.2018, lch. 39–83), aithrisí (47-48) den chéad Rialachán um athbhreithniú i ndáil le fadú agus aithrisí (64-66) de Rialachán um Athbhreithniú 2023.
([83]) In ord aibítre: An Chóiré (Poblacht na Cóiré), an Éigipt, an India, an Indinéis, an tSeapáin, an tSín, an Téaváin, an Tuirc agus Vítneam.
([84]) https://www.gov.uk/government/news/tra-recommends-steel-safeguard-measure-be-extended-to-2026
([85]) https://www.wto.org/english/news_e/news24_e/safe_zaf_04mar24_e.htm
([86]) Maidir leis an nasc idir ró-acmhainneacht atá ann cheana agus forbairt na ngníomhaíochtaí cosanta trádála, féach an anailís a rinne an Fóram Domhanda maidir le Ró-Acmhainn sa Tionscal Cruach: 'Steel Exports, Trade Remedy Actions and Sources of Excess Capacity' [Onnmhairí Cruach, Gníomhaíochtaí Feabhais Trádála agus Foinsí Ró-Acmhainne], roinn 4.
([87]) Féach an ráiteas ó Chathaoirleach Choiste Cruach ECFE: 'Is cúis imní é an cur isteach ar thrádáil cruach. Phléigh na comhaltaí an borradh tobann ar onnmhairí cruach le bliain anuas, go háirithe ón tSín, áit a bhfuil onnmhairí cruach ag rith gar do na buaicleibhéil a chonacthas in 2016. Tá méadú ag teacht freisin ar onnmhairí indíreacha cruach (earraí ina bhfuil cruach cuir i gcás innealra agus feithiclí) ón tSín. Tá an baol ann go spreagfaidh na forbairtí sin níos mó éagobhsaíochta agus gníomhaíochtaí trádála ar fud an domhain.'

(g) Tarraingteacht mhargadh an Aontais

(72) Is é an tAontas an margadh allmhairiúcháin cruach is mó ar domhan ó thaobh méideanna de. ([88]) Ó thaobh leibhéal na bpraghsanna de, bíonn praghsanna allmhairiúcháin isteach san Aontas ó na príomhthíortha soláthair i gcónaí níos airde ná a bpraghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú margaí eile i gcás fhormhór mór a n-onnmhairí cruach. Bunaithe ar mheasúnú ar phraghsanna a rinne an Coimisiún, léiríodh go raibh praghsanna onnmhairiúcháin níos airde chuig an Aontas ná chuig tríú margaí eile ag 57 % go 93 % de na cóid táirge a ndearnadh anailís orthu in aghaidh na tíre. ([89])

(73) Léiríonn sé sin go soiléir go bhfuil leas an-láidir ag onnmhaireoirí dul isteach i margadh an Aontais agus go dtabhaíonn siad iompar éagórach praghsála uaireanta. Go deimhin, le blianta beaga anuas d'fhorchuir an Coimisiún sraith beart frithdhumpála agus frithchúitimh ar allmhairí cruach, lena n-áirítear na catagóirí táirgí a chumhdaítear leis an mbeart coimirce ([90]). Tá sé léirithe ag roinnt tíortha atá ag iarraidh bhearta ionstraimí cosanta trádála atá ann cheana a shárú go bhfuil spéis mhór acu dul isteach i margadh an Aontais ([91]). Deimhnítear leis na treochtaí staidrimh maidir le hallmhairí isteach san Aontas tarraingteacht mhargadh an Aontais d'onnmhaireoirí. Tá méadú fiú tagtha ar sciar margaidh na n-allmhairí isteach san Aontas, ar an meán le linn na tréimhse faoi bhreathnú i gcomparáid leis an tréimhse sular forchuireadh an beart coimirce, i gcomhthéacs tomhaltas atá ag laghdú agus in ainneoin coimirce a bheith i bhfeidhm. Ina theannta sin, i gcásanna áirithe, ídítear na taraif-chuótaí atá ar fáil go han-tapa i ráithe ar leith, rud a léiríonn comharthaí d'iompar leanúnach faille.

(74) I bhfianaise na ngnéithe sin, mheas an Coimisiún go raibh margadh cruach an Aontais tarraingteach fós ó thaobh méide agus praghsanna de.

(h) Ionchais mhargaidh

(75) Chun an measúnú ar na tosca a dtugtar tuairisc orthu i Ranna 3.2.2. a) go Roinn 3.2.2. g) a chomhlánú, rinne an Coimisiún anailís freisin ar na hionchais mhargaidh is déanaí a bhí ar fáil. Léirigh na hionchais go raibh téarnamh measartha mall ar thomhaltas in 2024 agus 2025, i gcomparáid le 2023, ach fós faoi bhun mhéideanna 2021.

(76) Ina Ionchas Gearrthréimhseach (SRO) i mí Aibreáin 2024, thuar Worldsteel go dtiocfadh méadú ar an éileamh domhanda ar chruach, is é sin ó 1,7 % go 1,793 mmt in 2024 agus 1,2 %, ag sroicheadh 1,815 mmt, in 2025. Bheadh an téarnamh measartha sin in 2024 (figiúirí 2022 atá ag téarnamh láithreach) agus 2025 fós faoi bhun na méideanna éilimh a sroicheadh in 2021. Tugadh le fios sa tuarascáil go bhfuil *'an t-ionchas eacnamaíoch domhanda tar éis dul in olcas mar gheall ar ghéarú airgeadaíochta a dhéanann difear don tomhaltas agus don infheistíocht. Tá rátaí arda úis agus costais arda ag baint leis an earnáil tógála, go háirithe earnáil na tógála cónaithe, agus tá faoiseamh áirithe ag baint leis an infheistíocht sa bhonneagar. Tagann moilliú ar earnáil na monaraíochta mar gheall ar éileamh lagaithe, agus buaileadh earraí marthanacha tomhaltais go dona'* ([92]).

(77) Ó thaobh an Chathaoirligh de, tugadh faoi deara sa ráiteas ó Choiste Cruach ECFE i mí an Mhárta 2024 go dtugtar le fios sna réamhaisnéisí is déanaí le haghaidh 2024 agus 2025 go leanfaidh an fás domhanda ar an éileamh ar chruach de bheith an-mhall ([93]).

([88]) Féach ECFE steel market developments [forbairtí sa mhargadh cruach], R2 2024, Tábla 7.

([89]) Foinse sonraí amha: Global Trade Atlas 'GTA'. https://www.gtis.com/gta/. Figiúirí a bhaineann le 2023, le haghaidh onnmhairí ó na príomhthíortha onnmhairiúcháin cruach chuig an Aontas: In ord aibítre: An Chóiré (Poblacht na Cóiré), an Éigipt, an India, an Indinéis, an tSeapáin, an tSín, an Téaváin, an Tuirc agus Vítneam.

([90]) Féach suíomh gréasáin AS TRADE le haghaidh liosta iomlán de na bearta a forchuireadh ar allmhairí cruach ó forchuireadh an beart coimirce: https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/search

([91]) Féach mar shampla le déanaí '*Commission fights circumvention of tariffs on imports of cold-rolled stainless steel*' [Téann an Coimisiún i ngleic le sárú na dtaraifí ar allmhairí cruach dosmálta fuar-rollta]: https://policy.trade.ec.europa.eu/news/commission-fights-circumvention-tariffs-imports-cold-rolled-stainless-steel-2024-05-07_en

([92]) https://worldsteel.org/media/press-releases/2024/worldsteel-short-range-outlook-april-2024/

([93]) Féach an Ráiteas ó Chathaoirleach Choiste Cruach ECFE: https://www.oecd.org/industry/ind/95-oecd-steel-chair-statement.htm#:~:text=The%20combined%20effects%20of%20inflation,steel%20consuming%20sector%2C%20and%20investment

(78) Ar deireadh, bhí ionchas eacnamaíoch EUROFER i gcomhréir leis na hionchais eile a ndearnadh measúnú orthu agus tugadh le fios ann go leanfaidh an éiginnteacht eacnamaíoch leanúnach de dhifear a dhéanamh d'fhás an mhargaidh cruach sna ráithí atá le teacht agus go meastar go dtiocfaidh moilliú breise ar fhás na n-earnálacha a úsáideann cruach in 2024 (+ 0.2 %, athbhreithnithe síos ó +0.4 %), go príomha mar gheall ar an dara cúlú eacnamaíochta i ndiaidh a chéile san earnáil tógála, sula dtiocfaidh méadú measartha air (+ 1.5 %) in 2025 ([94]).

(79) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go leanfadh an staid sa mhargadh cruach domhanda i gcoitinne, agus san Aontas go háirithe, de bheith dúshlánach ó thaobh an éilimh de.

3.2.3. *Conclúidí maidir leis an gceanglas riachtanais*

(80) Ar bhonn na fianaise agus na mbreithnithe thuasluaite, chinn an Coimisiún go bhfuil tionscal cruach an Aontais i staid leochaileach.

(81) Chinn an Coimisiún freisin gur chuir allmhairí ó na príomhthíortha onnmhairiúcháin cruach brú allmhairiúcháin an-ard agus méadaitheach ar mhargadh cruach an Aontais agus go bhfuil siad fós á gcur i bhfeidhm. Is measa fós an brú allmhairiúcháin mar gheall ar dhul i bhfód tobann tapa allmhairí d'áiteanna tionscnaimh éagsúla nach raibh i láthair ar mhargadh an Aontais i méideanna ábhartha san am a chuaigh thart. Chuir sé sin leis an mbrú allmhairiúcháin a sainaithníodh in imscrúduithe roimhe seo.

(82) Dheimhnigh an Coimisiún freisin leibhéil arda ró-acmhainneachta agus méaduithe ionchasacha ar an acmhainneacht sna blianta amach romhainn, i gcomhthéacs an fháis mhall a mheastar a thiocfaidh ar an éileamh. Tugann sé sin le fios nach dócha go dtiocfaidh feabhas ar staid na ró-acmhainneachta.

(83) Chaill tíortha onnmhairiúcháin rochtain ar an margadh ní hamháin ar na margaí allmhairiúcháin is mó (an tAontas agus SAM) ach ar thríú margaí eile freisin. Ina theannta sin, tá laghdú ginearálta tagtha ar a dtomhaltas intíre freisin. Chruthaigh borradh ar onnmhairí ón tSín leibhéal breise brú ar iomaíocht i dtríú margaí, agus é ag easáitiú méideanna ó thíortha onnmhairiúcháin eile, treocht nach léiríonn go mbeidh sé ag cúlú go luath amach anseo.

(84) Bhí méadú ag teacht ar bhearta sriantacha trádála agus bearta ionstraimí cosanta trádála agus d'fhan siad ar leibhéil arda, rud a chruthaigh deacrachtaí breise do thíortha onnmhairiúcháin margaí a aimsiú dá dtáirgeacht. Ar deireadh, deimhníodh leis an imscrúdú go raibh margadh an Aontais tarraingteach ó thaobh méide agus praghsanna de.

(85) I bhfianaise mhéid na ró-acmhainneachta domhanda, líon ard na mbacainní trádála ar fud dlínsí éagsúla agus na hionchais mhargaidh atá ann cheana, mheas an Coimisiún gur dócha go dtiocfadh méadú ar allmhairí isteach san Aontas dá rachadh an choimirce in éag. Chuirfeadh méadú den sórt sin brú breise allmhairiúcháin ar thionscal leochaileach an Aontais agus, dá bhrí sin, is dócha go mbeadh sé ina chúis le mórdhíobháil. Dá bhrí sin, i bhfianaise na ngnéithe a ndearnadh anailís orthu i Ranna 3.1 agus 3.2, mheas an Coimisiún go raibh gá fós leis an mbeart chun mórdhíobháil do thionscal an Aontais a chosc nó a leigheas.

([94]) https://www.eurofer.eu/assets/publications/economic-market-outlook/economic-and-steel-market-outlook-2024-2025-second-quarter/Economic-Report-Q2-2024_final.pdf

3.3. **An bhfuil fianaise ann go bhfuil coigeartú á dhéanamh ag tionscal an Aontais**

(86) Ceann de chuspóirí na hionstraime coimirce is ea ligean do tháirgeoirí intíre coigeartú le linn do bhearta a bheith i bhfeidhm. Dá bhrí sin, is coinníoll riachtanach é fianaise ar choigeartuithe tionscail chun fad a chur le beart coimirce.

(87) I ndáil leis sin, dheimhnigh an Coimisiún cheana féin in 2021 ([95]) go raibh coigeartú á dhéanamh ag tionscal an Aontais. I ndáiríre, faoin tráth a thug an Coimisiún an choimirce cruach isteach in 2018, bhí tionscal an Aontais tar éis próiseas coigeartaithe a thionscnamh cheana féin mar fhreagairt ar an ngéarchéim thromchúiseach san earnáil cruach ó bhí lár 2010 ann, nuair a tháinig moill ar an éileamh domhanda ar chruach, agus nuair a lean an acmhainneacht ar fud an domhain de bheith ag fás ([96]).

(88) San imscrúdú seo, bhailigh an Coimisiún fianaise ar go leor coigeartuithe a rinne tionscal an Aontais trí fhreagraí ceistneora ([97]), aighneachtaí i scríbhinn, agus a thaighde féin (bunaithe ar fhaisnéis phoiblí atá ar fáil, cuir i gcás airteagail lena dtuairiscítear coigeartuithe tionscail sna catagóirí uile a luaitear thíos).

(89) Rinne tionscal an Aontais doiciméadú ar go leor beart chun feabhas a chur ar iomaíochas sna dálaí dúshlánacha margaidh atá ann faoi láthair. Ó bhí an chéad Rialachán um athbhreithniú i ndáil le fadú ann in 2021, lean tionscal an Aontais de roinnt beart athstruchtúrúcháin a chur chun feidhme, cuir i gcás saoráidí nach bhfuil chomh héifeachtúil céanna nó saoráidí tearcúsáidte a dhúnadh ([98]). Deimhníodh é sin leis na sonraí acmhainneachta a soláthraíodh sna freagraí ceistneora, rud a léiríonn laghdú beag ar an acmhainneacht táirgeachta ([99]). Rinne sonraí Choiste Cruach ECFE ailíniú leis an bhfaisnéis sin freisin, agus thuairiscigh siad go raibh laghdú 5.2 mhilliún tona tagtha ar acmhainneacht san Aontas le linn na tréimhse 2018-2023. ([100]) I ndáil leis an gcineál coigeartaithe sin, i mí Aibreáin 2024, d'fhógair ceann de na táirgeoirí is mó de chuid an Aontais (thyssenkrupp) laghdú suntasach acmhainneachta thart ar 2.5 mhilliún tona ar an láithreán táirgthe is mó atá aige. Dá bhrí sin, rinne tionscal an Aontais iarrachtaí leanúnacha suntasacha oiriúnú do dhálaí an mhargaidh ([101]).

([95]) Féach Roinn 3.2. den chéad Rialachán um athbhreithniú i ndáil le fadú.

([96]) Féach ECFE 'Latest developments in steelmaking capacity and outlook until 2026' [Na forbairtí is déanaí maidir le hacmhainneacht agus ionchas déanta cruach go dtí 2026], Tábla 1, lch. 9.

([97]) Féach an roinn ábhartha maidir le coigeartuithe i leaganacha oscailte na bhfreagraí ceistneora ó tháirgeoirí de chuid an Aontais, atá ar fáil in TRON (https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/TDI (ar fáil do pháirtithe leasmhara cláraithe amháin). I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh faisnéis rúnda gnó a bheith sna sonraí sonracha a bhaineann le roinnt coigeartuithe agus, dá bhrí sin, níl siad ar fáil ar an leagan oscailte den fhreagra.

([98]) *'thyssenkrupp Steel Executive Board reacts to challenging market conditions and presents initial conceptual outlines of a structural realignment'* [Tugann Bord Feidhmiúcháin Cruach thyssenkrupp aghaidh ar dhálaí dúshlánacha an mhargaidh agus cuireann sé imlínte coincheapúla tosaigh ar athailíniú struchtúrach i láthair] Foinse: thyssenkrupp-steel.com (11 Aibreán 2024) https://www.thyssenkrupp-steel.com/en/newsroom/press-releases/thyssenkrupp-steel-executive-board-reacts-to-challenging-market-conditions-and-presents-initial-conceptual-outlines-of-a-structural-realignment.html
'Vallourec is winding down pipe production in Germany' [Tá deireadh á chur ag Vallourec le táirgeadh na bpíopaí sa Ghearmáin] Foinse: GMK (an 25 Meán Fómhair 2023)
https://gmk.center/en/news/vallourec-is-winding-down-pipe-production-in-germany/
'thyssenkrupp shuts down the Galmed steel plant in Spain' [Dhún thyssenkrupp stáisiún cruach Galmed sa Spáinn] Foinse: GMK (an 27 Samhain 2023) https://gmk.center/en/news/thyssenkrupp-shuts-down-the-galmed-steel-plant-in-spain/#:~:text=German%20concern%20Thyssenkrupp%20has%20announced,rolled%20galvanized%20coils%20per%20year
'*Outokumpu plans restructuring measures in Germany to strengthen competitiveness and market leadership in advanced materials*' [Tá sé beartaithe ag Outokumpu bearta athstruchtúraithe a dhéanamh sa Ghearmáin chun iomaíochas agus ceannaireacht mhargaidh in ábhair shárfhorbartha a neartú] Foinse: Otokumpu.com (an 7 Samhain 2023) https://www.outokumpu.com/en/news/2023/outokumpu-plans-restructuring-measures-in-germany-to-strengthen-competitiveness-and-market-leadership-in-advanced-materials-3354404

([99]) Féach Tábla 1 den Rialachán seo.

([100]) Féach ECFE 'Latest developments in steelmaking capacity and outlook until 2026' [Na forbairtí is déanaí maidir le hacmhainneacht agus ionchas déanta cruach go dtí 2026], Tábla 1.

([101]) Bhí treocht laghdaithe acmhainneachta eisceachtúil, i gcomparáid le treochtaí i mór-réigiúin eile déanta cruach, rud a mhéadaigh an acmhainneacht go comhsheasmhach.

(90) Ina theannta sin, tá doiciméadú déanta ag táirgeoirí de chuid an Aontais ar choigeartuithe éagsúla eile chun feabhas a chur ar iomaíochas, cuir i gcás an phunann táirgí a leathnú, go minic le táirgí breisluacha níos airde ([102]) agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht próisis agus ar nuachóiriú plandaí ([103]). I ndáil leis sin, díríodh iarrachtaí thionscal cruach an Aontais ar fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh ([104]), d'fhonn ceanglais astaíochtaí an Aontais a chomhlíonadh freisin.

(91) Cumhdaítear leis na coigeartuithe a rinneadh na tacair táirgí uile atá faoi réir an bhirt coimirce.

(92) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur léiríodh leis an bhfianaise go bhfuil coigeartú á dhéanamh fós ar thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

3.4. **Leas an Aontais**

(93) Tá sé fiosraithe ag an gCoimisiún freisin an ann d'aon chúis eacnamaíoch láidir arb é an toradh a bheadh uirthi nach chun leasa an Aontais é fad a chur leis an mbeart coimirce atá ann faoi láthair.

(94) Chun na críche sin, rinne an Coimisiún measúnú ar thionchar na mbeart a d'fhéadfadh a bheith ar tháirgeoirí, ar allmhaireoirí agus ar úsáideoirí an Aontais. Leagtar an measúnú ar an bhfianaise atá ar fáil amach mar seo a leanas: i) staid eacnamaíoch tháirgeoirí cruach an Aontais agus an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil leis an mbeart a bhaint; agus (ii) leas úsáideoirí agus allmhaireoirí an Aontais a dhéanann measúnú, i measc gnéithe eile, ar fhorbairt úsáid na dtaraif-chuótaí faoin mbeart coimirce agus ar infhaighteacht fhoriomlán na n-allmhairí i margadh an Aontais i bhfianaise na n-ionchais mhargaidh atá ann cheana.

([102]) '*Liberty Galati invested $8.9 million in a new pipe coating line*' [D'infheistigh Liberty Galati $8.9 milliún i líne nua brataithe píopaí] Foinse: GMK (11 Bealtaine 2023) https://gmk.center/en/news/liberty-galati-invested-8-9-million-in-a-new-pipe-coating-line/
'*ArcelorMittal plans to invest about $25 million in a galvanizing plant in Krakow*' [Tá sé beartaithe ag ArcelorMittal thart ar $25 mhilliún a infheistiú i ngléasra galbhánaithe in Kraków] Foinse: GMK (an 11 Aibreán 2024) https://gmk.center/en/news/arcelormittal-plans-to-invest-about-25-million-in-a-galvanizing-plant-in-krakow/#:~:text=The%20funds%20will%20be%20used,its%20galvanizing%20plant%20in%20Krakow
'*thyssenkrupp Steel puts together largest investment package in 20 years*' [Tá an pacáiste infheistíochta is mó le 20 bliain anuas curtha le chéile ag thyssenkrupp Steel] Foinse: thyssenkrupp.com https://www.thyssenkrupp-steel.com/en/company/strategy-20-30/investments/investments.html (arna rochtain go deireanach mí na Bealtaine 2024)
Thuairiscigh líon mór freagróirí ar cheistneoirí an Aontais gur ann do thionscadail eile.

([103]) '*Expansion of large diameter line at Tenaris's mill in Italy lowers carbon emissions*' [Laghdaítear astaíochtaí carbóin le leathnú ar líne mhór thrastomhais ag muileann Tenaris san Iodáil] Foinse: Tenaris.com (an 12 Feabhra 2021) https://www.tenaris.com/en/news/2021/expansion-of-large-diameter-line-in-italy-lowers-carbon-emissions
'*thyssenkrupp Steel is starting a new production modernization project in Duisburg*' [Tá thyssenkrupp Steel ag cur tús le tionscadal nuachóirithe táirgthe in Duisburg] Foinse: GMK (an 13 Nollaig 2023) https://gmk.center/en/news/thyssenkrupp-steel-is-starting-a-new-production-modernization-project-in-duisburg/
Thuairiscigh líon mór freagróirí ar cheistneoirí an Aontais gur ann do thionscadail eile.

([104]) '*Belgium*: '*Showcasing the full spectrum of our decarbonisation technologies*' [An Bheilg: Speictream iomlán ár dteicneolaíochtaí dícharbónaithe a léiriú]Foinse: corporate.arcelormittal.com (arna rochtain go deireanach mí na Bealtaine 2024)https://corporate.arcelormittal.com/climate-action/decarbonisation-investment-plans/belgium-showcasing-the-full-spectrum-of-our-decarbonisation-technologies
'*Voestalpine produces worlds' first green wire rod a Donawitz plant*' [Déanann Vaestalpine an chéad slat sreinge glaise ar domhan ag planda Donawitz] Foinse: GMK (an 11 Aibreán 2024) https://gmk.center/en/news/voestalpine-produces-worlds-first-green-wire-rod-at-donawitz-plant/
'*ArcelorMittal plans major investments in German sites, to accelerate CO2 emissions reduction strategy and leverage the hydrogen grid*' [Tá infheistíochtaí móra i láithreáin Ghearmánacha beartaithe ag ArcelorMittal, chun dlús a chur le straitéis laghdaithe astaíochtaí CO2 agus chun an eangach hidrigine a ghiaráil]. Foinse: corporate.arcelormittal.com (29 Márta 2021) https://corporate.arcelormittal.com/media/news-articles/arcelormittal-plans-major-investment-in-german-sites-to-accelerate-co2-emissions-reduction-strategy-and-leverage-the-hydrogen-grid
'*Aperam launches its new sustainability brand for all its near-zero* footprint premium products, related services and solutions 'aperam infinite.TM*' [Tá branda inbhuanaitheachta nua dá tháirgí préimhe loirg neas-nialasacha* uile, dá sheirbhísí gaolmhara agus dá réitigh ghaolmhara seolta ag Aperam 'aperam infinite.TM] Foinse : www.eqs-news.com (23 Meán Fómhair 2023) https://www.eqs-news.com/news/corporate/aperam-launches-its-new-sustainability-brand-for-all-its-near-zero-footprint-premium-products-related-services-and-solutions-aperam-infinite-tm/1907309
'*SALCOS milestone reached – Salzgitter AG awards contract for direct reduction plant*' [Cloch mhíle SALCOS bainte amach – Conradh dámhachtana Salzgitter AG le haghaidh gléasra laghdaithe dhírigh] Foinse: Salzgitter-ag.com (an 24 Bealtaine 2023)https://www.salzgitter-ag.com/en/newsroom/press-releases/details/salcos-milestone-reached-salzgitter-ag-awards-contract-for-direct-reduction-plant-20791.html
'*ArcelorMittal starts production of low carbon heavy steel plate in Spain*' [Cuireann ArcelorMittal tús le táirgeadh pláta cruach throm ísealcharbóin sa Spáinn] Foinse: fastmarkets.com (20 Iúil 2023) https://www.fastmarkets.com/insights/low-carbon-steel-production-arcelormittal-spain/

3.4.1. *Leas tháirgeoirí an Aontais*

(95) Mar a leagtar amach sa chéad Rialachán um athbhreithniú i ndáil le fadú, tá níos mó ná 500 láithreán táirgthe ag tionscal cruach an Aontais atá ag feidhmiú ar fud 23 Bhallstát den Aontas. Fostaíonn an tionscal níos mó ná 300 000 duine go díreach, agus nuair a chuirtear poist indíreacha agus spreagtha san áireamh in earnálacha eile, meastar go dtacaíonn sé le 2,6 milliún post ar fud an Aontais. Ina theannta sin, léiríodh le hanailís éagsúil a rinne seirbhísí an Choimisiúin ábharthacht an tionscail cruach do gheilleagar an Aontais ([105]). Deimhníodh leis an imscrúdú reatha nach ndearnadh aon athrú substaintiúil ina leith sin.

(96) San imscrúdú sin, mheas an Coimisiún freisin go bhfuil gá fós leis an mbeart chun mórdhíobháil, ar dócha go dtarlódh sí dá rachadh an choimirce in éag, a chosc. Dá mbeadh staid mórdhíobhála ann, chuirfí na hiarrachtaí coigeartaithe atá á ndéanamh ag tionscal an Aontais go mór i mbaol.

(97) Dá bhrí sin, deimhníodh leis an imscrúdú go mbeadh sé chun leasa tháirgeoirí de chuid an Aontais an beart a fhadú.

3.4.2. *Leas úsáideoirí agus allmhaireoirí an Aontais*

(98) Rinneadh measúnú san imscrúdú freisin ar an tionchar is dócha a bheadh ag fadú an bhirt ar úsáideoirí agus ar allmhaireoirí an Aontais.

(99) I ndáil leis sin, measadh leis an imscrúdú go raibh laghdú mór tagtha ar thomhaltas san Aontas, agus i gcomhréir leis an bhforbairt sin ar an margadh, go raibh méideanna móra taraif-chuótaí ann go comhsheasmhach agus nár úsáideadh iad níos mó ná riamh ó ráithe go ráithe. Ina theannta sin, deimhníodh leis an imscrúdú freisin go raibh bearna an-mhór agus mhéadaitheach idir an méadú ar mhéideanna taraif-chuótaí, mar gheall ar léirscaoileadh tráthrialta ([106]) ó 2019 den chuid is mó, i gcomparáid le forbairt an tomhaltais ([107]). Léiríodh leis na hionchais mhargaidh freisin nach raibh coinne ach le fás measartha ar thomhaltas an Aontais, agus in aon chás, go mbeadh an fás sin i bhfad níos lú ná méideanna na dtaraif-chuótaí a bhí fós ar fáil, de ghnáth ó thionscnaimh éagsúla, ar fud catagóirí táirgí agus tacair táirgí.

(100) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún, fiú dá gcuirfí fad leis an mbeart, i dtéarmaí foriomlána, go leanfadh úsáideoirí agus allmhaireoirí an Aontais de bheith in ann cruach saor ó dhleacht a fhoinsiú ar fud catagóirí táirgí ó thionscnaimh éagsúla. Ina theannta sin, deimhníodh leis an imscrúdú freisin go raibh deis ag táirgeoirí de chuid an Aontais a n-úsáid acmhainneachta a mhéadú agus, dá bhrí sin, go bhféadfaidís cainníochtaí breise a sholáthar do chustaiméirí an Aontais. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún nach gcuirfeadh fadú an bhirt cosc, i dtéarmaí foriomlána, ar úsáideoirí ná ar allmhaireoirí an Aontais méideanna leordhóthanacha cruach atá saor ó dhleacht a fhoinsiú ó fhoinsí allmhairiúcháin agus ó tháirgeoirí de chuid an Aontais araon.

([105]) Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an bparlaimint, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – '*Action Plan for a competitive and sustainable steel industry in Europe*' [Plean Gníomhaíochta le haghaidh tionscal cruach atá iomaíoch agus inbhuanaithe san Eoraip], COM(2013) 407 final, inar thug an Coimisiún dá aire go bhfuil 'earnáil cruach atá láidir agus iomaíoch tábhachtach do bhonn tionsclaíoch na hEorpa'.
Féach freisin Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin '*Towards competitive and clean European steel*' [I dtreo cruach Eorpach atá iomaíoch agus glan], SWD (2021) 353 final, 5.5.2021, inar tugadh faoi deara 'go bhfuil tionscail dianfhuinnimh fíor-riachtanach do gheilleagar na hEorpa agus go mbraitheann earnálacha eile orthu' agus 'go bhfuil ról ríthábhachtach ag an earnáil cruach agus ag tionscail dianfhuinnimh eile maidir le táirgí agus seirbhísí a sholáthar do raon leathan d'éiceachórais thionsclaíocha na hEorpa'. Tugadh ar aird sa doiciméad céanna 'go bhfuil bonn tionsclaíoch láidir riachtanach d'fhás eacnamaíoch na hEorpa, do chaomhnú post inbhuanaithe agus dár n-iomaíochas ar mhargaí domhanda, agus go bhfuil earnáil láidir cruach mar bhonn le go leor slabhraí luacha tionsclaíocha'.

([106]) Mhéadaigh an Coimisiún méideanna na dtaraif-chuótaí faoi 5 % nuair a forchuireadh beart cinntitheach i mí Feabhra 2019. Ní léirscaoileadh ba chúis leis an mbreisiú sin.

([107]) Féach Roinn 7.5 den Rialachán seo.

(101) Thairis sin, mar ab amhlaidh sa chéad Rialachán um athbhreithniú i ndáil le fadú ([108]), rinne an Coimisiún cros-seiceáil ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mbeart coimirce ([109]) ar leibhéal na bpraghsanna cruach ar mhargadh an Aontais, trí na treochtaí san Aontas a chur i gcomparáid leis na treochtaí i bpríomh-mhargaí cruach eile ar fud an domhain ([110]). Léiríodh leis an anailís go raibh treocht na bpraghsanna ar mhargadh an Aontais ag leanúint na treochta céanna nó treocht an-chosúil le treocht margaí eile, rud a léiríonn nach raibh an beart coimirce ag cruthú aimhrialtachta i dtéarmaí treochtaí praghsanna ar an Aontas.

(102) Dá bhrí sin, bunaithe ar na torthaí sin, mheas an Coimisiún nár léirigh na haighneachtaí a rinne úsáideoirí agus allmhaireoirí an Aontais go mbeadh an fadú in aghaidh leas foriomlán an Aontais.

3.5. **Conclúid maidir le fadú**

(103) Shuigh an Coimisiún go gcomhlíontar na ceanglais dlí maidir le riachtanas agus coigeartú is gá chun fad a chur le beart coimirce. Ina theannta sin, shuigh an Coimisiún nach mbeadh an beart in aghaidh leas foriomlán an Aontais.

(104) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur iomchuí an beart coimirce cruach a fhadú tar éis an 30 Meitheamh 2024.

4. **BARÚLACHA Ó PHÁIRTITHE LEASMHARA MAIDIR LE FADÚ**

(105) Fuair an Coimisiún breis agus 65 aighneacht idir bharúlacha agus fhrisnéisí ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear táirgeoirí cruach an Aontais, úsáideoirí agus allmhaireoirí cruach an Aontais, mar aon lena gcomhlachais faoi seach, táirgeoirí onnmhairiúcháin agus rialtais tríú tíortha. Sa roinn seo, tabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar na maímh a rinne na páirtithe leasmhara sin maidir le fadú. Ar mhaithe le barainneacht ó thaobh an riaracháin de, rinne an Coimisiún na maímh a ghrúpáil de réir cineáil agus ábhair. I gcás inarb iomchuí, rinne an Coimisiún tagairt do thorthaí sa Rialachán seo (Roinn 3 agus Roinn 4) lenar tugadh aghaidh cheana féin ar fhormhór na maíomh a rinne páirtithe leasmhara ar bhonn mionsonraithe. Mheas an Coimisiún nach bhféadfadh aon argóint a ardaíodh conclúid an Choimisiúin a athrú i dtaobh a iomchuí atá sé an beart coimirce cruach a fhadú.

4.1. **Le torthaí Chomhlacht um Réiteach Díospóide na hEagraíochta Domhanda Trádála i ndíospóid DS595, éilítear ar an gCoimisiún an beart a fhoirceannadh**

(106) Rinne roinnt páirtithe leasmhara tagairt do Thuarascáil an Chomhlachta um Réiteach Díospóide an 29 Aibreán 2022 sa díospóid *DS595 An tAontas Eorpach – Bearta coimirce ar tháirgí cruach áirithe*, ag maíomh gur cheart don Choimisiún an beart a fhoirceannadh go huathoibríoch toisc nach raibh sé ag teacht le forálacha áirithe de chuid Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Bearta Cosanta agus de chuid an Chomhaontaithe Ginearálta um Thrádáil agus Tharaifí ('CATT').

(107) I dtaca leis sin, mar a rinneadh in athbhreithnithe roimhe seo i gcás ina ndearnadh an maíomh céanna, tagraíonn an Coimisiún do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/104 an 13 Eanáir 2023 ([111])trínar chuir sé rialáil an Chomhlachta um Réiteach Díospóidí chun feidhme agus, mar sin, tugadh an beart coimirce cruach chun comhréireachta le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) i gcás na ngnéithe sin inar shainaithin an Painéal neamhréireachtaí.

([108]) Féach Roinn 5.2.2. den chéad Rialachán um athbhreithniú i ndáil le fadú.

([109]) Is i bhfoirm taraif-chuóta atá beart coimirce an Aontais agus, dá bhrí sin, ceadaítear méideanna suntasacha saor ó dhleacht.

([110]) Féach, mar thagairt, S&P Global Commodity Insights, *Platts market price assessments* [measúnuithe ar phraghsanna margaidh] (ar fáil ar shíntiús). Áirítear leis na margaí a ndearnadh measúnú orthu an tAontas, SAM, an tSín, an Tuirc, Meicsiceo agus an India agus is táirgí cothroma teorollta, galbhánaithe teothumtha, barraí treisiúcháin agus slat sreinge iad na táirgí a ndearnadh measúnú orthu.

([111]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/104 ón gCoimisiún an 12 Eanáir 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach ar allmhairí táirgí cruach áirithe i ndiaidh tuarascáil a bheith glactha ag Comhlacht na hEagraíochta Domhanda Trádála um Réiteach Díospóidí; IO L 12, 13.1.2023, lch. 7.

(108) Dá bhrí sin, níl na maímh a bhaineann leis an díospóid sin ábhartha i gcomhthéacs an athbhreithnithe reatha toisc gur tugadh aghaidh orthu cheana féin trí acht dlíthiúil ar leithligh. Ar aon chaoi, agus toisc gur eascair sé ón loighic a bhí taobh thiar de Rialachán (AE) 2023/104, níor aontaigh an Coimisiún leis na maímh go gceanglódh torthaí an Phainéil sa díospóid sin air an beart a fhoirceannadh.

(109) Líomhain páirtí amháin go raibh an deis ag comhaltaí EDT síneadh a chur le bearta coimirce uair amháin, de réir rialacha EDT. Is amhlaidh atá toisc go dtagraítear sa téacs ábhartha i gComhaontú EDT maidir le Coimircí (Airteagal 7.3) don fhocal 'síneadh' san uimhir uatha. Go dtí seo, níl aon léiriú substainteach ag an gComhlacht um Réiteach Díospóide, mar sin féin, tagann an focal 'aon' roimh an bhfocal 'síneadh' in Airteagal 7.3, a thabharfadh le fios go bhféadfaí níos mó ná síneadh amháin a dhéanamh. Thairis sin, baintear úsáid as an uimhir iolra den téarma 'síntí' in Airteagal 19(3) den bhun-Rialachán Coimirce.

4.2. **Riosca laghdaithe go mbeadh sraonadh trádála ann de bharr athruithe ar bheart Roinn 232 na Stát Aontaithe**

(110) D'áitigh roinnt páirtithe leasmhara, de bharr roinnt leasuithe ar bheart Roinn 232 na Stát Aontaithe, go laghdófaí an riosca go mbeadh sraonadh trádála ann, más fíor, go dtí nach mbeadh gá leis an mbeart coimirce ar na forais sin.

(111) Is maíomh coitianta é sin a rinne páirtithe leasmhara in athbhreithnithe roimhe seo freisin. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú ar an tsaincheist sin ar ócáidí éagsúla san am a chuaigh thart, lena n-áirítear leis an athbhreithniú i mí an Mheithimh 2023. ([112]) I ngach cás, mheas an Coimisiún nár athraigh na leasuithe ar bheart Roinn 232 na Stát Aontaithe an measúnú maidir leis an riosca go mbeadh sraonadh trádála ann isteach i margadh an Aontais d'eascródh as beart Roinn 232 na Stát Aontaithe ([113]).

(112) I gcomhthéacs an athbhreithnithe atá ann faoi láthair, tharla na leasuithe ar bheart Roinn 232 na Stát Aontaithe dá dtagraíonn na páirtithe leasmhara roimh mhí an Mheithimh 2023 agus ba chuid iad de mheasúnú an Choimisiúin san imscrúdú sin cheana féin dá bhrí sin. Dá bhrí sin, níor soláthraíodh aon fhianaise bhreise don Choimisiún a d'fhágfadh go n-imeodh sé óna mheasúnú in 2023.

(113) Thairis sin, mar a mhínítear i Roinn 3.2.2.(e) tugadh le fios leis an bhfaisnéis atá ar fáil don Choimisiún ní hamháin gur ródhócha go bhfanfaidh beart Roinn 232 na Stát Aontaithe i bhfeidhm, ach go bhfuil Stáit Aontaithe Mheiriceá agus tríú tíortha eile ag méadú an líon gníomhaíochtaí trádála in aghaidh allmhairí ó thríú thíortha. Mar sin, méadaítear an riosca go ndéanfar sraonadh trádála mar gheall ar bhearta den sórt sin, lena n-áirítear beart Roinn 232 na Stát Aontaithe.

4.3. **Tá margadh an Aontais cosanta go leordhóthanach le hionstraimí cosanta trádála eile**

(114) Mhaígh roinnt páirtithe go bhfuil tionscal cruach an Aontais cosanta go leordhóthanach cheana féin trí bhíthin roinnt bearta frithdhumpála agus frithchúitimh ar réimse leathan táirgí. I dtaca leis sin, le héifeacht charnach na n-ionstraimí cosanta trádála éagsúla cruthaítear staid róchosanta do thionscal an Aontais.

(115) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil cuspóir éagsúil ag gach ionstraim cosanta trádála éagsúil. Is beart *erga omnes* é an choimirce lena ndéileáiltear le borradh allmhairí a tharla mar thoradh ar fhorbairtí gan choinne is cúis le mórdhíobháil nó a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le mórdhíobháil agus dírítear bearta frithdhumpála agus frithchúitimh chun tionscal intíre a chosaint ar chleachtais trádála éagóracha (dumpáil dhíobhálach nó fóirdheonú díobhálach). I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha dlíthiúla a chomhfhreagraíonn don fhorchur (nó don síneadh), tá an tAontas nó aon chomhalta EDT i dteideal ionstraimí difriúla a úsáid go comhuaineach.

([112]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1301 ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach maidir le hallmhairí táirgí cruach áirithe.

([113]) Féach, mar shampla, Roinn 3.5 den Rialachán maidir leis an Tríú hAthbhreithniú.

(116) San Aontas, mar a meabhraíodh in imscrúduithe roimhe seo ([114]), tá an ionstraim choimirce ag luí le cur i bhfeidhm Ionstraimí Cosanta Trádála eile gan chosaint iomarcach a chruthú toisc go bhforáiltear le creat dlíthiúil an Aontais ([115]) maidir le sásra chun leigheas dúbailte ar an táirge céanna a sheachaint. Áirithítear leis an sásra seo, nuair a sháraíonn allmhairí faoin mbeart coimirce an méid taraif-chuóta saor ó dhleacht, nach gcarnfar an 25 % de in aghaidh na dleachta frithdhumpála agus/nó frithchúitimh is infheidhme ionas nach mbeidh tionchar aige ar thrádáil níos mó ná mar is inmhianaithe. Thairis sin, dheimhnigh Cúirt Ghinearálta an Aontais dlíthiúlacht chleachtas an Choimisiúin i ndáil leis sin le hagóid maidir leis an mbeart coimirce cruach ([116]). Ar na forais sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh thuas.

4.4. Tháinig laghdú ar mhéideanna allmhairí agus léiríonn úsáid íseal taraif-chuótaí brú íseal ó allmhairí

(117) D'áitigh roinnt páirtithe leasmhara go bhfuil níos lú brú ó allmhairí mar thoradh ar laghdú san éileamh agus úsáid íseal taraif-chuótaí.

(118) Mar sin féin, d'ainneoin laghdú ar úsáid na dtaraif-chuótaí i gcomhthéacs tomhaltas níos ísle, (-14 % sa tréimhse 2021- 2023) agus allmhairí níos ísle (-17 % sa tréimhse chéanna), léirítear le sonraí go bhfuil brú ó allmhairí i dtéarmaí sciar de mhargadh na n-allmhairí fós ard. Fiú agus laghdú beag ag teacht air in 2023, lean sciar de mhargadh na n-allmhairí de bheith gar do na leibhéil is airde riamh, agus sciar 21.5 % acu. Tá an leibhéal sin i bhfad níos airde ná an meánsciar den mhargadh roimh ghlacadh na mbeart coimirce cinntitheach go luath in 2019 (16.4 %).

(119) Thairis sin, mar a mhínítear i Roinn 3.2.2.(a), 32 % (beagnach dhá mhilliún tona in aghaidh na ráithe) den mheánmhéid iomlán allmhairí atá i meánmhéideanna comhcheangailte na dtaraif-chuótaí ídithe sa bhliain choimirce reatha. I dtéarmaí tionscnamh, leis an mbrú leanúnach ó allmhairí ó thionscnaimh áirithe i roinnt catagóirí táirgí ([117]) d'ainneoin infhaighteacht fhoriomlán mhéideanna na dtaraif-chuótaí, cuireadh leis an méadú foriomlán ar sciar de mhargadh na n-allmhairí sa tréimhse faoi bhreathnú i gcomhthéacs éileamh laghdaithe.

(120) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach gá go dtugann úsáid níos ísle de thraif-chuótaí le tuiscint go bhfuil laghdú tagtha ar an mbrú ó allmhairí a d'fhéadfadh údar maith a thabhairt le foirceannadh an bhirt faoin 30 Meitheamh 2024.

4.5. Léirítear le hídiú tapa roinnt taraif-chuótaí nach bhfuil cruach leordhóthanach ann le haghaidh allmhairí

(121) D'áitigh roinnt páirtithe leasmhara (onnmhaireoirí agus úsáideoirí go príomha) go n-ídítear roinnt taraif-chuótaí go tapa nó go comhsheasmhach agus nach bhfuil na méideanna cuótaí saor ó dhleacht leordhóthanach dá bhrí sin. Líomhnaítear go gcruthaítear ganntanas soláthair leis sin.

(122) Rinne an Coimisiún measúnú ar an maíomh sin in imscrúduithe roimhe seo agus deimhníonn sé don athbhreithniú atá ann faoi láthair freisin nach féidir conclúid a bhaint ón ídiú tapa de roinnt taraif-chuótaí go gcruthaíonn an beart coimirce ganntanas cruach d'úsáideoirí go ginearálta. I dtaca leis sin, thug an Coimisiún dá aire gur thagair na maímh ó roinnt páirtithe leasmhara d'ídiú roinnt taraif-chuótaí sonracha astu féin, gan tagairt a dhéanamh d'infhaighteacht fhoriomlán chruach lasmuigh de thionscnamh sonrach a d'fhéadfadh a taraif-chuóta tírshonrach a ídiú go tapa. Dheimhnigh an Coimisiún, mar sin, cé go raibh roinnt tionscnaimh shonracha ídithe ag tráth ar leith i gcatagóirí táirgí áirithe, go raibh rochtain ar thionscnaimh eile fós ar fáil den chuid is mó do na catagóirí táirgí sin (féach Roinn 3.2.2. b).

([114]) Féach Roinn 7.10 den Chéad Rialachán um Athbhreithniú i ndáil le fadú agus Roinn 4.1.8 de Rialachán um Athbhreithniú 2023.

([115]) Rialachán (AE) 2015/477 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 11 Márta 2015 maidir le bearta a fhéadfaidh an tAontas a dhéanamh i ndáil le héifeacht chomhcheangailte beart frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais agus beart cosanta; IO L 83, 27.3.2015, lch. 11.

([116]) Féach Cás T-790-19 Novolipetsk Steel PAO v. an Coimisiún

([117]) Tá roinnt de na catagóirí táirgí sin ina raibh roinnt taraif-chuótaí á n-ídiú ábhartha go háirithe i dtéarmaí méideanna (ar an iomlán agus a mhéid a bhaineann lena bhfine táirgí araon). Áirítear leo catagóir táirgí 1 (cothrom teorollta), is é sin 31 % d'allmhairí in 2023, 4A agus 4B (leatháin a bhfuil bratú miotalach orthu), is é sin 8 % agus 7 % d'allmhairí in 2023, 16 (slat sreinge), is é sin 8 % d'allmhairí in 2023. Tá na catagóirí sin i measc na 6 chatagóir is mó ó thaobh méid allmhairí de.

(123) Thairis sin, ní raibh an fhianaise ó pháirtithe éagsúla cinntitheach maidir leis an líomhain nach bhfuil tionscal an Aontais in ann soláthar a dhéanamh. Os a choinne sin, thabharfaí le fios le rátaí ísle úsáide i bhformhór na gcatagóirí táirgí gur féidearthacht dháiríre é an foinsiú ó thionscal an Aontais.

(124) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

4.6. **Feidhmíocht thionscal an Aontais**

(125) D'áitigh roinnt páirtithe leasmhara nach bhfuil aon fhianaise go bhfuil tionscal an Aontais i staid leochaileach agus d'ardaigh páirtithe eile nach bhfuil na fachtóirí díobhálacha a shainaithnítear inchurtha i leith méadú ar allmhairí (nó méadú ionchasach ar allmhairí), ach i leith dálaí domhanda. Go háirithe, líomhnaítear go bhfuil an méadú ar chostais fuinnimh agus an méadú ar chostais iompair ina bhfachtóirí eile a dhéanann difear d'fheidhmíocht thionscal an Aontais. Ar deireadh, luaigh páirtithe eile nár seiceáladh an díobháil ar fud gach catagóire táirgí.

(126) I dtaca leis sin, tugann an Coimisiún dá aire nach n-éilítear leis na ceanglais maidir le fad a chur le beart coimirce faoi Airteagal 7.1 de Chomhaontú EDT maidir le Bearta Cosanta agus faoi Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán Coimirce, is é sin, an gá le mórdhíobháil a chosc nó a leigheas agus an gá go bhfuil an tionscal intíre ag coigeartú dá réir, go mbeidh méadú ar allmhairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Shuigh an Coimisiún go bhfuil dóchúlacht ann go dtiocfadh méadú ar allmhairí, i gcás ina rachadh an beart coimirce i léig, arbh é an toradh a bheadh air sin mórdhíobháil do thionscal an Aontais.

(127) Maidir leis an riachtanas líomhnaithe ó thaobh díobháil a léiriú i ngach catagóir táirgí, meabhraíonn an Coimisiún go gcuimsíonn an raon táirgí gach catagóir táirgí mar tháirge aonair, agus dá bhrí sin déantar an measúnú díobhála ar an táirge a chumhdaítear leis an imscrúdú ina iomláine agus ní de réir catagóirí táirgí. I gcás inarb iomchuí, léirigh an Coimisiún nach ndéanann anailís de réir fine táirgí conclúidí ar thángthas orthu ar leibhéil an táirge ina iomláine a athrú.

(128) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh thuas.

4.7. **Leis an gcoimirce, cruthaíodh méadú ar phraghsanna agus laghdaíodh iomaíochas tionscal iartheachtach**

(129) Mhaígh roinnt úsáideoirí gur cruthaíodh méadú ar phraghsanna leis an mbeart coimirce, rud a laghdaíonn iomaíochas na dtionscal iartheachtach a úsáideann cruach. Mhaígh úsáideoirí freisin gur tháinig méadú ar allmhairiú táirgí críochnaithe agus táirgí leathchríochnaithe toisc go bhfuil iomaíochas níos fearr acu i gcomparáid leis na táirgí céanna a tháirgeann na húsáideoirí sin san Aontas, mar gheall ar mhéadú ar chostais ionchuir a cruthaíodh leis an gcoimirce.

(130) Ní bhfuair an Coimisiún aon fhianaise chun tacú le maímh maidir le praghas ná iomaíochas. Mar sin féin, de réir faisnéis faoi phraghsanna a ndearna an Coimisiún measúnú uirthi (féach Roinn 3.4.2 maidir le leas an Aontais), bhí praghsanna ar mhargadh an Aontais ag teacht leis an treocht, nó an-chosúil leis an treocht, ar mhargaí eile, rud a léiríonn mar sin nach gcruthaítear aimhrialtacht i dtéarmaí treochtaí praghais san Aontas leis an mbeart coimirce.

(131) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh thuas.

4.8. **Níl coigeartú á dhéanamh ag tionscal an Aontais**

(132) Rinne roinnt páirtithe agóid faoi iarrachtaí thionscal an Aontais coigeartú a dhéanamh ónar cuireadh an beart coimirce i bhfeidhm. Bunaithe air sin, mheas siad nach bhféadfaí an beart coimirce a shíneadh toisc nár comhlíonadh ceann de na ceanglais dlí. Mhaígh páirtithe gur díríodh na coigeartuithe go príomha ar dhícharbónú thionscal cruach an Aontais agus nár cuireadh na pleananna sin chun feidhme freisin.

(133) Rinne táirgeoirí de chuid an Aontais samplaí iomadúla de na coigeartuithe a cinneadh le déanaí agus atá i gcéimeanna éagsúla cur chun feidhme a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Thairis sin, chinn an Coimisiún, i dteannta na samplaí a sholáthair tionscal an Aontais, go raibh líon mór gníomhaíochtaí a rinne táirgeoirí de chuid an Aontais de gach méid chun feabhas a chur ar iomaíochas, fiú má bhí dálaí an mhargaidh dúshlánach. Luaitear roinnt de na samplaí sin i Roinn 3.3 den Rialachán seo.

(134) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh thuas.

(135) D'áitigh roinnt páirtithe leasmhara gur spreagadh formhór na mbeart coigeartuithe a rinne tionscal an Aontais mar gheall ar oibleagáidí comhshaoil arna bhforchur ag reachtaíocht agus ag beartais an Aontais, agus dá bhrí sin, ní féidir a mheas gur coigeartuithe iad chun an iomaíocht in aghaidh allmhairí a fheabhsú.

(136) I dtaca leis sin, chinn an Coimisiún go bhfreagraíonn na gníomhaíochtaí coigeartaithe a dhéanann cuideachtaí i ngach comhthéacs go hiondúil do chúiseanna éagsúla agus go bhfuil siad ilchuspóireach an tráth céanna. Go minic, bheadh feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh nó raon nua táirgí glasa ann mar thoradh ar choigeartú chun feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil suiteáil áirithe, rud a d'fhreastalódh ar bhreis éilimh freisin. Ar aon chaoi, bheadh feabhsuithe iomaíochais mar thoradh ar na coigeartuithe uile a mheasúnaigh an Coimisiún, iad dírithe ar nuachóiriú suiteála, ar éifeachtúlacht próisis nó ar shaoráidí tearcúsáidte a dhúnadh, rud a d'fhágfadh go mbeadh ullmhacht níos fearr ann i margadh amhail margadh an Aontais chun dul i ngleic le hiomaíochas ó allmhairí.

5. **FAD TRÉIMHSE AN FHADAITHE**

(137) Chinn an Coimisiún go bhfuil gá le beart coimirce cruach an Aontais i gcónaí chun mórdhíobháil a chosc agus go bhfuil fianaise ann go leanann tionscal an Aontais de bhearta cur chun feidhme a chur i bhfeidhm chun é a choigeartú do staid mhargaidh ar a bhfuil brú níos airde ó allmhairí. Mar sin féin, de réir Airteagal 19 den bhun-Rialachán Coimirce, lena dtrasuitear Airteagal 7.2 de Chomhaontú EDT maidir le Bearta Cosanta, ní mór fad beart coimirce *'a bheith teoranta don tréimhse ama is gá chun cosc nó leigheas a chur ar mhórdhíobháil agus chun a éascú do tháirgeoirí de chuid an Aontais dul in oiriúint don chor'*.

(138) Is é 8 mbliana uasfhad birt coimirce, ach amháin i gcás chomhaltaí EDT ar tíortha i mbéal forbartha iad. Ciallaíonn sé sin nach bhféadann an tAontas an beart coimirce atá ann faoi láthair a shíneadh ach go dtí an 30 Meitheamh 2026 mar uasfhad.

(139) San imscrúdú seo, chinn an Coimisiún gur gá an beart a fhadú. Tá roinnt de na heilimintí a spreag forchur na mbeart in 2019 fós ann, eadhon, ardleibhéal ró-acmhainne cruach, an líon ard beart cosanta trádála a cuireadh i bhfeidhm ag tíortha eile agus an riosca go mbeadh sraonadh trádála ó bheart Roinn 232 na Stát Aontaithe mar aon le rioscaí ó bhearta eile arna nglacadh ag tríú tíortha ó 2019.

(140) Thairis sin, tá an staid i dtionscal an Aontais leochaileach faoi láthair agus é fós ag coigeartú le linn brú ard ó allmhairí atá ag dul i méid ó thíortha onnmhairiúcháin. Níor léirigh an fhaisnéis a ndearnadh anailís uirthi aon chomhartha go dtiocfadh deireadh leis na príomheilimintí a thugann údar maith leis an mbeart a fhadú nó go dtiocfadh feabhas substaintiúil orthu go luath amach anseo.

(141) Ina theannta sin, ní thuartar leis na hionchais margaidh is déanaí maidir le tomhaltas cruach domhanda ach téarnamh measartha de +1.7 % in 2024 (figiúirí 2022 a théarnamh ar éigean) agus de +1.2 % in 2025 (le leibhéil tomhaltais ag fanacht faoi mhéideanna 2021 mar thoradh air).

(142) I bhfianaise an méid sin, lena áirithiú go soláthraítear líontán sábhála éifeachtach fiúntach do tháirgeoirí de chuid an Aontais leis an mbeart, measann an Coimisiún gur iomchuí an beart a fhadú ar feadh dhá bhliain bhreise go dtí an 30 Meitheamh 2026. Rachaidh an beart i léig go huathoibríoch ag deireadh na tréimhse 8 mbliana.

6. **MÓSAIMBÍC A ÁIREAMH FAOI RAON FEIDHME AN BHIRT**

(143) Faoi Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche de Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice, thug an tAontas gealltanas chun allmhairí ó thíortha Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice ('SADC') a eisiamh ó choimircí iltaobhach a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse 5 bliana. Dá réir sin, nuair a chuaigh an sprioc-am sin i léig, chuir an tAontas allmhairí ón Afraic Theas agus ó fhormhór chomhaltaí SADC san áireamh faoi raon feidhme an bhirt coimirce cruach. ([118]) I gcás Mhósaimbíc, chuaigh an díolúine sin i léig tráth níos déanaí.

(144) Mar thoradh air sin, mheas an Coimisiún gur iomchuí é Mósaimbíc a thabhairt faoi raon feidhme an bhirt coimirce ón 1 Iúil 2024 chun oibleagáid an Náisiúin Barrfhabhair (NBF) faoi rialacha EDT a chomhlíonadh.

(145) Mar gheall ar an eisiamh, níor úsáideadh sonraí allmhairiúcháin Mhósaimbíc sna torthaí bunaidh a fuair an Coimisiún sa Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach i dtaobh fianaise de mhéadú ar allmhairí a bheith ann. ([119]) Tharla sé sin mar thoradh ar chur i bhfeidhm phrionsabal na comhthreomhaireachta, ([120]) a fhágann nach bhféadann an t-údarás imscrúduithe na tionscnaimh sin atá eisiata ó chur i bhfeidhm an bhirt a mheas ina anailís.

(146) Ós rud é nach n-eisiafar allmhairí ó Mhósaimbíc ón mbeart a thuilleadh, ní mór don Choimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar na torthaí bunaidh as ar eascair cur i bhfeidhm na mbeart cinntitheach, trí na sonraí allmhairiúcháin ó Mhósaimbíc a bhí ar fáil cheana féin tráth an imscrúdaithe bunaidh a ionchorprú.

(147) Maidir leis an measúnú ar an méadú ar allmhairí, léirítear leis an tábla thíos iomlán na n-allmhairí isteach san Aontas a chumhdaítear leis an mbeart coimirce cruach sa tréimhse faoi bhreathnú sa Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach (2013-2017), lena n-áirítear allmhairí ó Mhósaimbíc:

Tábla 14

Méid allmhairí (tar éis Mósaimbíc a chur san áireamh) agus sciar den mhargadh

	2013	2014	2015	2016	2017	Tréimhse is Déanaí
Allmhairí (tonaí)	18 453 646	22 011 946	26 692 843	29 283 252	30 271 064	31 476 287
Allmhairí ó Mhósaimbíc (tonaí)	25	0	0	0	492	0
	0,00014 %	0,00000 %	0,00000 %	0,00000 %	0,00163 %	0,00000 %
innéacs 2013=100	100	119	145	159	164	171
An sciar den mhargadh	12,78 %	14,48 %	16,97 %	17,97 %	18,19 %	18,88 %

Foinse: Eurostat agus freagraí ar an gceistneoir ó Thionscal an Aontais, 2018.

([118]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/664 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach i gcoinne allmhairí táirgí cruach áirithe.

([119]) Féach aithrisí (27) go (47) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún.

([120]) Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc, *An Airgintín – Bearta Coimirce ar Allmhairiú Coisbhirt* (WT/DS121/AB/R), an 14 Nollaig 1999, mír 113.

(148) Tháinig méadú 71 % ar allmhairí i ndearbhthéarmaí le linn na tréimhse bunaidh anailíse, agus ar an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí (ó 12,78 % in 2013 go 18,19 % in 2017).

I bhfianaise na bhfigiúirí atá tugtha cothrom le dáta, dheimhnigh an Coimisiún go bhfuil an measúnú bunaidh ar allmhairí méadaithe gan athrú. Ina theannta sin, mar gheall ar an méid mór allmhairí ó Mhósaimbíc isteach san Aontas i ndáil le hiomlán na n-allmhairí, mheas an Coimisiún go bhfuil na torthaí bunaidh maidir le bagairt mórdhíobhála, cúisíocht, leas an Aontais agus forbairtí gan choinne fós ábhartha. Tá an liosta tíortha i mbéal forbartha a áirítear nó nach n-áirítear leis an mbeart, liosta ar a bhfuil Mósaimbíc, tugtha cothrom le dáta agus is cuid é den athbhreithniú atá ann faoi láthair (Iarscríbhinn III.2).

(149) Bunaithe ar an athbhreithniú thuas, áireofar allmhairí ó Mhósaimbíc leis na taraif-chuótaí nua is infheidhme ón 1 Iúil 2024 (Iarscríbhinn IV).

7. MEASÚNÚ AR FHEIDHMIÚ AN BHIRT

(150) A luaithe a mheas an Coimisiún gur iomchuí an beart a fhadú agus gur cheart allmhairí Mhósaimbíc a chur faoi raon feidhme an bhirt, scrúdaigh an Coimisiún an gá coigeartuithe teicniúla a dhéanamh ar fheidhmiú an bhirt. Tar éis mionanailís a dhéanamh ar na haighneachtaí go léir a fuarthas, tháinig an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas. Eagraítear na conclúidí seo sna ranna seo a leanas, de réir an struchtúir atá san Fhógra Tionscnaimh.

7.1. Leithdháileadh agus bainistiú na dtaraif-chuótaí

(151) Sa roinn seo, rinne an Coimisiún anailís ar phatrúin úsáide na dtaraif-chuótaí agus ar na hathruithe atá tagtha orthu, agus ar na barúlacha a thug páirtithe ina leith sin. Ar an mbonn sin, maidir le haon choigeartú a thiocfaidh chun cinn de bharr imthosca athraithe, rinne sé a chinneadh an bhfuil údar leis an gcoigeartú sin chun leas an Aontais.

Barúlacha ó pháirtithe leasmhara

(152) D'iarr roinnt páirtithe (tionscal an Aontais) deireadh a chur le cuótaí nár úsáideadh a thabhairt anonn chuig an gcéad ráithe eile (i gcás na ráithe deireanaí ar a laghad) nó de rogha air sin, teorainn a chur leis an tabhairt anonn go huasmhéid 4 % den taraif-chuóta nár úsáideadh ar bhonn ráithiúil, agus d'iarr páirtithe eile (tíortha onnmhairiúcháin agus úsáideoirí áirithe) na cuótaí tírshonracha nár úsáideadh a aistriú chuig cuóta iarmharach na chéad ráithe eile.

(153) Ina theannta sin, d'iarr tíortha onnmhairiúcháin áirithe agus úsáideoirí áirithe córas na gcuótaí tírshonracha a bhaint i gcás catagóirí áirithe (nó i gcás gach catagóire fiú) agus na cuótaí a chur á riar go domhanda laistigh de gach ráithe chun an úsáid cuótaí a uasmhéadú. D'iarr páirtithe eile go ndéanfar roinnt taraif-chuótaí atá á riar go domhanda faoi láthair a riar le córas na gcuótaí tírshonracha agus le taraif-chuótaí iarmharacha.

(154) Fuair an Coimisiún iarrataí freisin go n-athríomhfar gach cuóta, bunaithe ar thréimhse thagartha nua chun athrú nua ar shreabha trádála a ghabháil agus iarrataí go méadófar leibhéal na gcuótaí. D'iarr roinnt páirtithe leasmhara freisin go gcuirfear deireadh le cuótaí tíortha áirithe agus go n-athdháilfear na méideanna sin i measc tionscnamh eile.

(155) D'iarr tionscal an Aontais go mbainfear an scoilteadh pro rata den 25 % méideanna dleachta lasmuigh den chuóta ar lá ídithe taraif-chuóta áirithe, i measc na ndearbhuithe uile ar glacadh leo ar an lá sin.

Measúnú

(156) Mar réamhbharúil, thug an Coimisiún dá aire go raibh cuid mhaith de na maímh thuas contrártha ar a chéile. Go háirithe, níor shainaithin an Coimisiún maíomh comhleanúnach agus forleathan cuí-réasúnaithe a dtabharfadh údar maith le croí-struchtúr an riaracháin taraif-chuóta atá ann cheana a athmheasúnú, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an tréimhse ama a úsáidtear chun na méideanna taraif-chuóta a ríomh agus comhcheangal na gcuótaí tírshonracha agus na dtaraif-chuótaí iarmharacha i bhformhór na gcatagóirí táirgí.

(157) Tá an beart coimirce i bhfeidhm ar feadh thart ar shé bliana. Léiríodh go bhfuil struchtúr an taraif-chuóta éifeachtach agus comhsheasmhach i gcaitheamh na mblianta. I gcás ina raibh údar leis, rinne an Coimisiún na coigeartuithe is gá ar an mbainistiú cuótaí chun na cuótaí a choimeád éifeachtach agus cothrom le dáta le forbairtí sa mhargadh. Mar sin féin, tá buneilimintí de struchtúr an taraif-chuóta atá lárnach agus a sholáthraíonn intuarthacht agus comhleanúnachas don bheart agus, dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach bhfuil aon chúis ann iad a leasú.

(158) I dtaca leis sin, mar a míníodh sna hathbhreithnithe ar an mbeart roimhe seo, dáileadh na taraif-chuótaí, bídís tírshonrach nó iarmharach, bunaithe ar an bhfeidhmíocht onnmhairiúcháin i dtréimhse thagartha an imscrúdaithe bhunaidh ([121]). Ní fhéadtar an tréimhse thagartha sin a athrú, mar a mhol roinnt páirtithe, toisc go mbeadh athríomh gach taraif-chuóta bunaithe ar shreabha níos déanaí a chumhdaítear leis an mbeart ag gabháil in aghaidh an chuspóra chun na sreabha trádála traidisiúnta a bhí ann cheana sula tugadh isteach an beart a choinneáil ar bun.

(159) Léiríodh go bhfuil córas riaracháin ráithiúil na dtaraif-chuótaí éifeachtach ó thaobh cobhsaíocht a bhaint amach i margadh an Aontais, ag seachaint borradh tobann allmhairí a dhéanfadh an margadh a dhíchobhsú agus sreabhadh rianúil intuartha allmhairí a áirithiú le linn na bliana. Leis an gcóras sin ceadaítear sreabha trádála traidisiúnta i dtéarmaí méideanna agus tionscnamh a cheadú gan aon dleacht bhreise, agus i gcás inarb iomchuí, tugadh an deis do thionscnaimh áirithe a gcuid allmhairí atá saor ó dhleacht a mhéadú thar a sreabha trádála traidisiúnta ([122]).

(160) Tá an córas riaracháin taraif-chuóta atá ann faoi láthair deartha chun cothromaíocht a bhaint amach idir leasanna freasúracha. Ar an gcéad dul síos, oibríonn sé chun tairbhe thionscal an Aontais toisc go seachnaíonn sé tuilte allmhairí i dtréimhse ghearr leis na héifeachtaí diúltacha ar an margadh dá bharr. Ar an dara dul síos, téann sé chun tairbhe do thríú tíortha áirithe agus d'úsáideoirí áirithe de chuid an Aontais, a bheadh brúite amach ón margadh mar gheall ar sholáthraithe móra eile murach sin, agus nach mbeadh in ann táirgí a sholáthar d'úsáideoirí an Aontais a gcuirfí cosc orthu an t-ábhar a theastaíonn uathu a cheannach ó na tionscnaimh shonracha sin dá réir sin. Ar deireadh, dá bharr sin bíonn tíortha onnmhairiúcháin móra in ann dul thar a sreabhadh trádála traidisiúnta i bhformhór na gcatagóirí táirgí trí rochtain a fháil ar an gcuóta iarmharach sa ráithe dheireanach de thréimhse nuair nach raibh na soláthróirí reatha in ann na cuótaí a úsáid.

(161) Dá gcuirfí roinnt de na hathruithe ar iarr páirtithe leasmhara orthu chun feidhme, bhainfí suaitheadh mór as an gcothromaíocht leasanna idir páirtithe leasmhara agus bheadh sé, mar sin, in aghaidh leas foriomlán an Aontais agus feidhmiú éifeachtach an bhirt. Áirítear leis sin iarraidh thionscal an Aontais i dtaobh scoilteadh pro rata na dleachta ar lá an ídithe cuótaí. I dtaca leis sin, tá forálacha Airteagal 51.4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún lena sainítear go bhfuil an bonn pro rata infheidhme agus nach bhforáiltear maidir le haon solúbthacht.

(162) Thairis sin, ina n-aighneachtaí, níor sholáthair na páirtithe fianaise faoin gcaoi nach mbeadh an córas taraif-chuóta atá i bhfeidhm faoi láthair iomchuí agus conas a bheadh na coigeartuithe éagsúla a mhol siad chun leas an Aontais ar an iomlán (agus ní hamháin chun a leasa aonair) agus go mbeadh siad i gcomhréir le loighic agus le feidhmiú cuí an bhirt.

(163) Ar na cúiseanna sin, mheas an Coimisiún gurb iomchuí i gcónaí an córas riaracháin cuótaí atá ann faoi láthair (riarachán ráithiúil agus meascán de chuóta tírshonrach agus de chuóta iarmharach seachas roinnt eisceachtaí a bhfuil údar maith leo chun leas an Aontais) a choinneáil ar bun, mar aon le cuótaí nár úsáideadh a thabhairt anonn agus rochtain ar an gcuóta iarmharach sa ráithe dheireanach den bhliain choimirce (R4) a chaomhnú, agus tá sé cothrom i leith na bpáirtithe leasmhara uile.

([121]) Féach aithris (33) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/894 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 lena bhforchuirtear bearta coimirce cinntitheacha in aghaidh allmhairí táirgí cruach áirithe IO L 206, 30.6.2020, lch. 27: 'Ar deireadh, tugann an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil an tréimhse thagartha a úsáidtear chun taraif-chuótaí a ríomh ar cheann de na colúin i ndearadh na mbeart a leagtar síos leis an Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach, agus nach gcumhdaíonn raon feidhme an athbhreithnithe an modhnú substaintiúil ar bhunstruchtúr na mbeart'.

([122]) Féach mar shampla an deis chun rochtain a fháil ar tharaif-chuóta iarmharach sa ráithe dheireanach de bhliain choimirce (Aibreán-Meitheamh).

(164) Mar sin féin, cé gurb iomchuí an córas riaracháin taraif-chuóta atá i bhfeidhm faoi láthair, mheas an Coimisiún fós go bhfuil gá le roinnt coigeartuithe teicniúla chun oiriúnú d'fhorbairtí nua sa mhargadh, amhail athruithe ar shreabha trádála, agus chun feabhas a chur ar a éifeachtacht. Míneofar na hathruithe sin a thuilleadh thíos agus déanfar measúnú orthu in éineacht le roinnt maíomh a dhéantar faoi Roinn 7.2 'Sreabha trádála traidisiúnta a bhrú amach' agus faoi Roinn 7.6 'Athruithe eile ar imthosca'.

7.2. **Sreabha trádála traidisiúnta a bhrú amach**

(165) Mar gheall ar chóras na gcuótaí nár úsáideadh a thabhairt anonn ó ráithe go ráithe laistigh de bhliain choimirce ([123]), is iondúil gurb í an ráithe dheireanach de bhliain choimirce (Aibreán-Meitheamh) an ráithe ina mbíonn na méideanna nár úsáideadh is airde. Chun an úsáid cuótaí ag deireadh na bliana coimirce a uasmhéadú, thug an Coimisiún sásra isteach sa Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach trína bhféadfadh onnmhaireoirí móra a bhfuil a gcuótaí tírshonracha ídithe acu rochtain a fháil freisin ar na méideanna cuótaí iarmharacha sa ráithe dheireanach.

(166) Faoin gcéad athbhreithniú ar fheidhmiú in 2019, thug an Coimisiún dá aire go bhféadfadh sé go ndéanfar soláthróirí níos lú a bhrú amach go míchuí sna cuótaí iarmharacha mar thoradh ar an gcóras seo. D'fhairsingigh an treocht seo go níos mó catagóirí tar éis 2019. Dá bhrí sin, san athbhreithniú ar fheidhmiú in 2020, cheap an Coimisiún córas trína mbeadh rochtain na dtíortha atá faoi réir cuóta tírshonrach ar an gcuóta iarmharach sa ráithe dheireanach de bhliain choimirce bunaithe ar an úsáid iarbhír ar bhain na tíortha sin as an gcuóta iarmharach sna ráithí roimhe sin faoi réir an taraif-chuóta iarmharaigh. D'fhéach an coigeartú seo leis na sreabha a chosaint sa ráithe dheireanach de sholáthróirí níos lú arb iad tairbhithe nádúrtha na gcuótaí iarmharacha iad ([124]).

(167) D'fhonn díláithriú tionscnaimh thraidisiúnta a íoslaghdú sna cuótaí iarmharacha, agus ag leanúint de rochtain bhreise a cheadú sna catagóirí sin i gcás inar gá úsáid uasta an chuóta a áirithiú, chruthaigh an Coimisiún córas trína dtiocfadh gach catagóir táirge laistigh de cheann amháin de na trí ghrúpa seo a leanas, a chomhfhreagraíonn do thrí chás rochtana dhifriúla. Comhlíonann an córas sin ceann de na príomhphrionsabail agus príomhchuspóirí an bhirt chosanta, eadhon, a áirithiú go gcaomhnaítear sreabha trádála traidisiúnta ó thaobh tionscnaimh de.

(168) Is iad seo a leanas na trí chóras atá i bhfeidhm faoi láthair:

— Gan rochtain – i gcás ina raibh na soláthróirí atá ann faoi láthair faoi chuóta iarmharach in ann na cuótaí iarmharacha a ídiú iad féin, agus inar sainaithníodh éifeachtaí brú amach sa ráithe dheireanach;

— Rochtain theoranta – i gcás nach raibh na soláthróirí atá ann cheana in ann ach cuid den chuóta iarmharach a bhí ar fáil dóibh a úsáid, agus go raibh gá le tionscnaimh bhreise, i méideanna teoranta, chun cuótaí a ídiú;

— Gan aon teorainn – i gcás nár úsáideadh na cuótaí iarmharacha go mór agus nár aithníodh aon éifeacht brú amach.

Barúlacha ó pháirtithe leasmhara

(169) Ní raibh aon mhaíomh i dtaobh an chórais atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le rochtain a cheadú do thíortha atá faoi réir cuóta tírshonrach ar chuóta iarmharach na ráithe deireanaí de bhliain choimirce.

(170) Faoin Roinn seo, d'iarr tionscal an Aontais ar an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh ar rioscaí brú amach i ngach catagóir táirgí mar thoradh ar mhéadú mór ar allmhairí ó thíortha onnmhairiúcháin nua. Déileáiltear leis an iarraidh sin ar leithligh i Roinn 7.3.

([123]) Tosaíonn bliain choimirce an Aontais an 1 Iúil de bhliain áirithe agus críochnaíonn sí an 30 Meitheamh den bhliain dar gcionn.

([124]) Féach Roinn 3.2.3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/894 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 lena bhforchuirtear bearta coimirce cinntitheacha in aghaidh allmhairí táirgí cruach áirithe.

Measúnú

(171) I dtéarmaí foriomlána, mheas an Coimisiún gur léiríodh go bhfuil an córas atá i bhfeidhm faoi láthair oiriúnach don chuspóir. Áirithítear leis go ndéantar an seans is fearr is féidir a thabhairt d'úsáideoirí an Aontais an cuóta iarmharach a úsáid, agus freisin go n-urramaítear na sreabha trádála traidisiúnta laistigh den chuóta iarmharach i dtéarmaí áiteanna tionscnaimh (rud atá chun leas na n-úsáideoirí freisin). Ina theannta sin, ní bhfuair an Coimisiún aighneachtaí lena léirítear aon fhadhb ar leith i bhfeidhmiú na gné seo den bheart.

(172) Mar sin féin, rinne an Coimisiún measúnú, bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil, ar tharla brú amach sa chuóta iarmharach sa ráithe dheireanach. Rinneadh an measúnú sin ar bhonn sonraí allmhairiúcháin agus ar úsáid cuótaí de réir tionscnaimh agus catagóire ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2024.

(173) Bunaithe ar an measúnú sin, mheas an Coimisiún gur cheart go bhfanfadh an córas atá ann faoi láthair i bhfeidhm. Mar sin féin, mheas an Coimisiún go bhféadfaí é a shimpliú ar bhealach lena n-áiritheofaí intuarthacht d'oibreoirí margaidh agus freisin go gcoiscfí aon bhrú amach ionchasach amach anseo. Dá réir sin, mheas an Coimisiún gur cheart feidhmiú an bhirt a mhodhnú trí dhá chóras a cheadú, seachas na trí chóras atá i bhfeidhm faoi láthair. Dhéanfaí an chéad chóras, 'gan rochtain', a chur i bhfeidhm i gcás na gcatagóirí sin ina mbíonn meánúsáid an chuóta iarmharaigh i gcatagóir áirithe an-ard. Bheadh feidhm ag an dara córas, 'rochtain' maidir leis na catagóirí eile agus cheadófaí leis rochtain ar an gcuóta iarmharach sa ráithe dheireanach ar mhéideanna nár úsáideadh ar an meán ag na tíortha onnmhairiúcháin atá ann faoi láthair faoin taraif-chuóta iarmharach. I gcás roinnt catagóirí, leanann córas speisialta de bheith i bhfeidhm.

Coigeartú

(174) Ar an mbonn sin, oiriúnaíodh na córais rochtana de réir catagóire táirgí mar a leanas (le haghaidh méideanna sonracha féach Iarscríbhinn I (IV.3) a ghabhann leis an Rialachán seo):

— Gan rochtain: 3B, 14, 16, 20, 26

— Rochtain: 2, 3A, 4A, 5, 6, 9, 10, 12, 13, 15, 18, 19, 21, 22, 24, 25B, 27, 28

(175) Is iad seo a leanas na catagóirí nach bhfuil feidhm ag an gcóras seo dóibh (i gcomhréir leis na prionsabail a cuireadh i bhfeidhm san athbhreithniú ar fheidhmiú roimhe seo):

— Córas speisialta: 1 agus 4B.

An córas atá i bhfeidhm faoi láthair lena dtugtar rochtain do thíortha atá faoi réir cuótaí tírshonracha ar an gcuóta iarmharach sa ráithe dheireanach le huasteorainn 30 % in aghaidh na tíre onnmhairiúcháin, meastar i gcónaí gurb iomchuí an córas sin chun éagsúlacht leordhóthanach foinsí soláthair a áirithiú agus an tráth céanna éifeachtaí brú amach a sheachaint trí allmhairí iomarcacha sa bhreis ar shreabha traidisiúnta trádála.

— Riarachán domhanda: 7, 8, 17, 25A.

Níl an fhéidearthacht chun rochtain a fháil ar an ráithe dheireanach infheidhme, ós rud é nach bhfuil aon tír ag onnmhairiú faoi chuóta tírshonrach.

(176) Ar an iomlán, leis an ngné seo, leanfadh an beart de bheith ag ligean rochtain ar an gcuóta iarmharach sa ráithe dheireanach i bhformhór mór na gcatagóirí táirgí. An tráth céanna, áirithítear leis an gcóras nach ndéanfaidh na méideanna breise a fhéadfaidh tíortha áirithe a onnmhairiú faoin gcóras sin tíortha gan cuóta tírshonrach a bhrú amach go míchuí. As seo amach, i gcás tíortha nach bhfuil riosca brú amach iontu i bprionsabal, cosnófar iad freisin ar athrú tobann ionchasach amach anseo sna sreabha trádála i gcomhréir le meánúsáid an taraif-chuóta iarmharaigh sa bhliain choimirce atá ann faoi láthair. Áirithítear leis an gcóras seo rochtain leathan ar mhéideanna atá ar fáil d'úsáideoirí agus éifeachtacht an bhirt a chaomhnú a mhéid a bhaineann le táirgeoirí de chuid an Aontais an tráth céanna. Dá bhrí sin, is é an córas atá ann faoi láthair an córas is oiriúnaí ó thaobh leas foriomlán an Aontais de.

7.3. **Coigeartuithe chun feabhas a chur ar éifeachtacht an bhirt i dtaraif-chuótaí iarmharacha áirithe**

Barúlacha ó pháirtithe leasmhara

(177) Mheas an Coimisiún gur gá measúnú comhpháirteach a dhéanamh ar mhaímh áirithe a rinneadh faoi Roinn 7.1 (Leithdháileadh agus bainistiú na dTaraif-Chuótaí), Roinn 7.2 (Sreabha trádála traidisiúnta a bhrú amach) thuas agus Roinn 7.6 (Athruithe eile ar imthosca). Is amhlaidh atá toisc go ndealraíonn sé go bhfuil an bhunchúis chéanna ag spreagadh na maíomh sin.

(178) Go bunúsach, bhain na maímh le hathrú patrúin ar na sreabha trádála i roinnt catagóirí táirgí, trína raibh onnmhaireoirí nár onnmhairigh cainníochtaí móra le linn na tréimhse tagartha (2015-2017) agus nár leithdháileadh cuótaí tírshonracha orthu dá bhrí sin, ag teacht isteach i margadh an Aontais trí roinnt cuótaí iarmharacha i méideanna móra.

(179) Mhaígh páirtithe go bhféadfaí an t-athrú patrúin sin ar na sreabha trádála a mheas mar athrú ar imthosca de chineál seasmhach toisc gur mhéadaigh na honnmhaireoirí nua sin a n-acmhainneacht táirgeachta go mór le blianta beaga anuas. Líomhnaítear go raibh na sreabha sin ag brú amach tionscnamh eile sna cuótaí iarmharacha agus mhol páirtithe leasmhara modhnuithe ar riarachán na dtaraif-chuótaí. Áirítear leis na hathruithe a moladh cuótaí tírshonracha a chruthú chun sreabha áirithe i gcuótaí iarmharacha a chosaint, córais nua a chruthú chun ídiú taraif-chuótaí ó áiteanna tionscnaimh áirithe a chosc i ngach ráithe, méideanna nár úsáideadh a aistriú chuig cuótaí iarmharacha sa chéad ráithe eile, catagóirí a scoilteadh nó uasteorainn a chur ar bun le cuótaí iarmharacha.

Measúnú

(180) Rinne an Coimisiún anailís ar na sreabha allmhairí sna cuótaí iarmharacha i roinnt catagóirí a ndearna páirtithe leasmhara maímh ina leith.

(181) Deimhníodh leis an anailís go bhfuil laghdú mór ar onnmhairí soláthróirí traidisiúnta chuig an Aontas faoi chuótaí iarmharacha i roinnt catagóirí mar thoradh ar fhorbairtí sa mhargadh le déanaí agus go bhfuil méadú ar onnmhairí ó thíortha tionscnaimh nua faoi na cuótaí iarmharacha céanna. Bhí an t-athrú sin ar shreabha trádála ag cruthú sraith éifeachtaí diúltacha ar fheidhmiú an bhirt i roinnt catagóirí, mar a mhíneofar thíos.

(182) Chinn an Coimisiún go raibh bunús leis na maímh maidir le dhá chatagóir. Mar thoradh air sin, bhí gá le coigeartú ar fheidhmiú an bhirt chun a éifeachtacht a áirithiú agus chun sreabha trádála traidisiúnta a chaomhnú chun leas an Aontais.

(a) *Catagóir táirgí 1 – Leatháin agus stiallacha teorollta neamh-chóimhiotail agus cóimhiotail eile*

(183) Is catagóir táirgí an-tábhachtach, i dtéarmaí foriomlána, é catagóir táirgí 1 (táirgí cothroma teorollta) faoin mbeart coimirce ar chúiseanna éagsúla. Bíonn an sciar allmhairí is mó aige go comhsheasmhach (8.5 milliún tona in 2023), is é sin 31 % d'iomlán na n-allmhairí faoin mbeart in 2023. Tá 34 % de tháirgeacht iomlán thionscal an Aontais aige agus thart ar 25 % dá dhíolacháin intíre i dtéarmaí méide. Is iomaí úsáid atá leis an gcatagóir seo, agus meastar gur sórt tráchtearra é, agus tá sé íogair go háirithe d'athruithe ar phraghas dá bhrí sin. Féadtar táirge cothrom teorollta a úsáid mar chríochtháirge san earnáil tógála nó mótarfheithiclí, ach féadtar é a úsáid freisin mar ionchur chun tuilleadh táirgí iartheachtacha a tháirgeadh, go háirithe catagóir táirgí 2 (cothrom fuar-rollta), a bhféadtar a phróiseáil a thuilleadh, mar shampla, go catagóir 4 (leatháin a bhfuil bratú miotalach orthu) a bhféadtar a phróiseáil ina seal go catagóir 5 (cruach a bhfuil bratú orgánach uirthi). Úsáidtear táirge cothrom teorollta freisin mar ionchur chun tiúba áirithe a tháirgeadh. Dá bhrí sin, mar gheall ar a thábhacht i dtáirgeadh iomlán an Aontais den táirge lena mbaineann agus ar an idirghaol atá aige le roinnt catagóirí táirgí eile, tá na forbairtí sa chatagóir seo ábhartha go háirithe maidir le héifeachtacht an bhirt coimirce.

(184) Dá bhrí sin, de bharr a thábhacht ar leith, méadaítear an seans go mbeidh an beart éifeachtach ar an iomlán má dhéantar taraif-chuóta don chatagóir sin a bhainistiú go héifeachtach. Mar thoradh air sin, tá grinnscrúdú speisialta déanta air agus rinneadh athbhreithniú air roinnt uaireanta in athbhreithnithe roimhe seo chun a riarachán a oiriúnú do na dálaí margaidh atá i réim.


(185) Ina theannta sin, is é cuóta iarmharach na catagóire seo an taraif-chuóta aonair is mó faoin mbeart agus tá thart ar 1 mhilliún tona ar fáil ar dtús i ngach ráithe.

(186) Maidir leis an staid atá ann faoi láthair, ó mí Dheireadh Fómhair 2023 (trí ráithe as a chéile ([125])), bhí an taraif-chuóta iarmharach ídithe go comhsheasmhach ar an gcéad lá de gach ráithe.

(187) Chruthaigh sé sin míchothromaíocht ar an margadh ar feadh an chuid eile de na ráithí sin trí mhéideanna an-mhór a bheith ar fáil láithreach, rud a ghin brú substaintiúil ó allmhairí.

(188) Bhí brú ó allmhairí an-ghéar sa chatagóir táirgí seo toisc gur lean allmhairí den dul chun cinn a dhéanamh d'ainneoin an titim fhoriomlán shubstaintiúil sa tomhaltas cruach san Aontas. Go deimhin, shroich sciar de mhargadh na n-allmhairí sa chatagóir táirgí seo 30 % in 2023, i bhfad os cionn an mheáin don táirge lena mbaineann ina iomláine.

(189) Cruthaíodh feiniméan an ídithe luaith, go háirithe, trí dhul i bhfód an-láidir Vítneam agus na hÉigipte, nár thosaigh ag onnmhairiú catagóir táirgí 1 chuig an Aontas ach sa dara leath de 2022, agus faoi dheireadh 2023 bhí breis agus 45 % d'allmhairí faoin taraif-chuóta sin acu. Mar thoradh air sin, i roinnt de na ráithí sin, brúdh amach tíortha onnmhairiúcháin níos lú a raibh láithreacht acu roimhe seo sa chatagóir seo amhail an Eilvéis.



Foinse: Bunachar sonraí taraif-chuóta Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim, * Go dtí 5.4.2024 https://ec.europa.eu/taxation_customs/dds2/taric/quota_consultation.jsp

(190) Chun cobhsaíocht níos fearr a chruthú sa mhargadh sa chatagóir táirgí thábhachtach seo agus ar an gcaoi sin a áirithiú nach ndéantar dochar d'éifeachtacht an bhirt le forbairtí sa mhargadh, chinn an Coimisiún gur iomchuí coigeartú a dhéanamh.

Coigeartú

(191) Bunaithe ar an méid thuas, mheas an Coimisiún gurb é an réiteach is iomchuí é an t-uasmhéid a bhféadann tír aonair amháin a onnmhairiú faoin taraif-chuóta iarmharach ar bhonn ráithiúil a theorannú.

([125]) Deireadh Fómhair-Nollaig 2023, Eanáir-Márta 2024, Aibreán-Meitheamh 2024.

(192) Tar éis breithniú cúramach a dhéanamh ar na leasanna uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna na dtíortha onnmhairiúcháin a ndéantar difear dóibh agus a gcuid úsáideoirí san Aontas, mheas an Coimisiún gur iomchuí uasteorainn 15 % in aghaidh na tíre aonair os cionn mhéid an taraif-chuóta atá ar fáil ar dtús i ngach ráithe. ([126])

(193) Áirithítear leis an leibhéal uasteorann sin, ar thaobh amháin, go mbeadh teorann ar mhéideanna dul i bhfód allmhairí ar an gcéad lá den ráithe faoin taraif-chuóta iarmharach, agus go laghdófaí an brú ó allmhairí ar an margadh dá bhrí sin. Ar an taobh eile, cheadófaí leis go bhféadfadh na tíortha onnmhairiúcháin a ndéantar an difear is mó dóibh méideanna ábhartha a onnmhairiú fós, os cionn na sreabh trádála a bhí acu roimh an gcoimirce agus go ginearálta, na méideanna sin a onnmhairíodh sna chéad bhlianta faoin mbeart coimirce. Ina theannta sin, cosnaíonn sé leasanna úsáideoirí an Aontais agus na tíortha onnmhairiúcháin sin a ndearnadh brú amach comhsheasmhach orthu.

(194) Mheas an Coimisiún nach mbaineann aon riosca leis an gcoigeartú seo ar infhaighteacht chatagóir táirgí 1 i margadh an Aontais ar roinnt cúiseanna. Ar an gcéad dul síos, tá cuótaí tírshonracha substaintiúla nár úsáideadh ó sholáthróirí móra eile agus tá soláthróirí eile a d'fhéadfadh a láithreacht faoin taraif-chuóta iarmharach a mhéadú go méid áirithe. Ar an dara dul síos, tá acmhainneacht ar fáil ag tionscal an Aontais chun a tháirgeacht intíre a mhéadú, mar a léirítear i dTábla 5. Leis sin, rannchuideofaí lena úsáid acmhainneachta a thabhairt go leibhéil níos fearr, rud a chuideodh le tionscal an Aontais feabhas a chur ar a fheidhmíocht fhoriomlán eacnamaíoch. Ar deireadh, i bhfianaise na réamh-mheastachán margaidh tuartha, dealraítear gur beag seans nach mbeadh méideanna comhcheangailte na gcuótaí tírshonracha nár úsáideadh móide an acmhainneacht atá ar fáil do tháirgeoirí de chuid an Aontais leordhóthanach chun an t-éileamh a chomhlíonadh amach anseo.

(195) Ar na cúiseanna sin, mheas an Coimisiún go bhfuil an coigeartú chun leas foriomlán an Aontais toisc go gcuirtear feabhas ar fheidhmiú an bhirt leis, ag méadú a éifeachtacht, agus brú amach míchuí á sheachaint agus éagsúlacht leordhóthanach soláthair d'úsáideoirí an Aontais á áirithiú an tráth céanna.

(b) *Catagóir Táirgí 16 – Slat sreinge neamh-chóimhiotail agus chóimhiotail eile*


(196) I dteannta chatagóir táirgí 1, fuair an Coimisiún freisin go raibh athrú i bpatrún allmhairí ag suaitheadh chothromaíocht na dtionscnamh sa taraif-chuóta iarmharach de chatagóir táirgí 16 agus go raibh tionchar diúltach aige sin ar fheidhmiú an bhirt mar sin. Sa chatagóir seo, tosaíodh líonadh an taraif-chuóta iarmharaigh sna chéad laethanta den ráithe in dhá ráithe de na trí ráithe dheireanacha a ndearna measúnú orthu ([127]).

(197) Léirigh measúnú an Choimisiúin go raibh, go ginearálta, go dtí an ráithe Iúil-Meán Fómhair 2023, éagsúlacht ann ó thaobh na dtíortha onnmhairiúcháin a bhí ag ídiú an taraif-chuóta iarmharaigh go rialta. Bhí sciar allmhairí éagsúla de réir na tíre ann ag brath ar an ráithe. Bhí an Ailgéir ag úsáid 39 % ar an meán ([128]) de mhéid iomlán an taraif-chuóta iarmharaigh, bhí an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ag úsáid thart ar 23 %, an Chóiré 9 % agus an tSeapáin 7 %. Bhí roinnt tíortha eile ag úsáid an 20 % a bhí fágtha ar an meán.

(198) Agus an beart coimirce cinntitheach á dhearadh, agus sna hathbhreithnithe éagsúla ar fheidhmiú, d'fhéach an Coimisiún le sreabha trádála traidisiúnta a chaomhnú i dtéarmaí méideanna agus tionscnamh. Baineadh amach an cuspóir chun méideanna traidisiúnta a chaomhnú trí tharaif-chuótaí a ríomh bunaithe ar shreabha trádála a bhí ann roimhe seo, agus baineadh amach an cuspóir chun tionscnaimh thraidisiúnta a chaomhnú trí chuótaí tírshonracha a shuí.

(199) Mar sin féin, bhí tíortha soláthair traidisiúnta níos lú nár cháiligh do chuóta tírshonrach i gcatagóir táirgí ar leith neamhchosanta ar aon athrú tobann grod sna sreabha trádála laistigh dá tharaif-chuótaí iarmharacha faoi seach. Ba é sin an staid bheacht a bhí ag roinnt tíortha onnmhairiúcháin i gcatagóir táirgí 16 agus a chuir cosc orthu ó leanúint de bheith ag onnmhairiú méideanna fiúntacha, rud a chuaigh chun dochar dóibh féin agus dá n-úsáideoirí san Aontas.

([126]) Féadtar méid an taraif-chuóta atá ar fáil ar dtús a fháil in Iarscríbhinn I (IV.1) a ghabhann leis an Rialachán seo.
([127]) Ag tosú sa ráithe Deireadh Fómhair-Nollaig 2023.
([128]) Tréimhse Eanáir 2021 go Meitheamh 2023.



Foinse: Bunachar sonraí taraif-chuóta Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim, * Go dtí 5.4.2024 https://ec.europa.eu/taxation_customs/dds2/taric/quota_consultation.jsp

(200) Ó ráithe Iúil-Meán Fómhair 2023, tháinig athrú tobann ar chomhdhéanamh na dtionscnamh laistigh de tharaif-chuóta iarmharach na catagóire táirgí seo, agus thosaigh an Mhalaeisia agus an Éigipt ag onnmhairiú méideanna an-mhór go tobann. Roimh an ráithe sin, ba é a meánúsáid comhcheangailte 0 % den taraif-chuóta sin. Mar sin féin, bhí meánsciar allmhairí comhcheangailte suas le 76 % acu sna trí ráithe dheireanacha dá raibh sonraí iomlána ar fáil. Mar thoradh air sin, bhí laghdú ollmhór ar allmhairí saor ó dhleacht ó gach tír onnmhairiúcháin eile a mbíodh láithreacht sheasmhach acu ar mhargadh an Aontais roimhe seo. Go deimhin, stop cuid acu, nach mór, de bheith ag onnmhairiú faoin taraif-chuóta seo. Go háirithe, tháinig laghdú ar sciar úsáide taraif-chuóta na Boisnia agus na Heirseagaivéine go 2 %, na Cóiré go 4 %, na Seapáine go 1 % agus sciar tíortha eile go 1 %.

(201) Dá bhrí sin, is léir gur brúdh amach tionscnaimh eile a d'onnmhairigh go tráthrialta faoin taraif-chuóta seo mar thoradh ar dhul i bhfód ionsaitheach na Malaeisia agus na hÉigipte ar mhargadh an Aontais trína láithreacht a laghdú go substaintiúil (an Ailgéir) nó trína láithreacht a dhíothú go hiomlán beagnach (e.g. an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an tSeapáin, an Chóiré) chun dochar dóibh féin agus dá n-úsáideoirí san Aontas.

Coigeartú

(202) Bunaithe ar na torthaí thuas, mheas an Coimisiún gurb é an gníomh is iomchuí é uasmhéid na n-allmhairí saor ó dhleacht a theorannú de réir tíre tionscnaimh agus de réir ráithe chun dáileadh tionscnaimh níos cothroime a athbhunú sa taraif-chuóta iarmharach seo agus, dá bhrí sin, feidhmiú níos fearr an bhirt a áirithiú. Mheas an Coimisiún gur iomchuí an teorannú sin a shocrú ag 15 % in aghaidh na tíre aonair den taraif-chuóta atá ar fáil ar dtús ag tús gach ráithe.

(203) Leis an gcoigeartú seo, féachann an Coimisiún le héifeachtaí brú amach míchuí ar thionscnaimh soláthair traidisiúnta níos lú a chosc agus, dá bhrí sin, infhaighteacht méideanna ó na tionscnaimh sin a áirithiú d'úsáideoirí an Aontais. Ar an taobh eile, leis an uasteorann 15 %, leanfaí de chead a thabhairt do na tíortha onnmhairiúcháin a ndéantar an difear is mó dóibh leanúint de bheith ag onnmhairiú méideanna ábhartha saor ó dhleacht i bhfad os cionn na leibhéal a bhí acu roimhe seo, nach raibh ann dóibh ar chor ar bith i gcás cuid acu. Thairis sin, chuirfeadh sé éagsúlacht leordhóthanach tionscnamh ar fáil d'úsáideoirí an Aontais. Ar deireadh, agus feidhmíocht roimhe seo na dtíortha eile faoin taraif-chuóta iarmharach á cur san áireamh, measann an Coimisiún go bhfuil sé réasúnta glacadh leis go leanfar den taraif-chuóta iarmharach sa chatagóir seo de bheith á úsáid ina iomláine.

(204) Measann an Coimisiún go bhfuil an coigeartú seo chun leas an Aontais toisc go ndeimhnítear leis go bhfuil foinsí éagsúla soláthair ar fáil d'úsáideoirí an Aontais agus an tráth céanna, go gcoisctear sreabha suaiteacha i bhfabhar chobhsaíocht an mhargaidh.

7.4. Uasdátú ar liosta na gComhaltaí EDT ar tíortha i mbéal forbartha iad ina a eisítear ó raon feidhme an bhirt bunaithe ar a leibhéal allmhairí is déanaí

(205) De réir pointe 2.C den Fhógra Tionscnaimh, d'fhógair an Coimisiún go ndéanfadh sé athbhreithniú chun a chinneadh ar sháraigh allmhairí ó Chomhalta EDT atá i mbéal forbartha an tairseach 3 % sa tréimhse lena mbaineann (is é sin, an bhliain 2023) agus, más gá, go ndéanfadh sé an liosta a thabhairt cothrom le dáta de Chomhaltaí EDT ar tíortha i mbéal forbartha iad ar cheart iad a áireamh, nó a eisiamh, ó raon feidhm an bhirt.

Barúlacha ó pháirtithe leasmhara

(206) D'iarr roinnt páirtithe go dtabharfaí an liosta a thabhairt cothrom le dáta de na comhaltaí EDT ar tíortha i mbéal forbartha iad a eisiatar ó raon feidhme an bhirt agus na sonraí allmhairiúcháin is déanaí á n-úsáid. Ina theannta sin, d'iarr tionscal an Aontais go n-eisiafar méideanna allmhairí ón Úcráin ó na sonraí a úsáidfear don ríomhadh chun Comhaltaí EDT ar tíortha i mbéal forbartha iad a eisiatar ó raon feidhme an bhirt a chinneadh.

Measúnú

(207) De réir Airteagal 9 de Chomhaontú EDT maidir le Bearta Cosanta agus Airteagal 18 den bhun-Rialachán Coimirce, ní chuirfear beart coimirce i bhfeidhm in aghaidh táirge de thionscnamh Chomhalta EDT ar tír i mbéal forbartha í, fad a fhanann a sciar allmhairí faoi 3 % d'iomlán na n-allmhairí i gcatagóir táirgí ar leith. Má bhíonn sciar allmhairí Chomhaltaí EDT uile ar tíortha i mbéal forbartha iad faoin tairseach 3 % ina sciar níos mó ná 9 % d'iomlán na n-allmhairí i gcatagóir ar leith, beidh feidhm ag an mbeart coimirce ar gach comhalta EDT ar tír i mbéal forbartha é. Rinne an Coimisiún liosta na dtíortha i mbéal forbartha a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.

(208) Tugadh an liosta cothrom le dáta an uair dheireanach i mí an Mheithimh 2023, i gcomhthéacs an imscrúdaithe athbhreithnithe chun measúnú a dhéanamh ar fhoirceannadh luath féideartha den bheart coimirce ([129]). Mar a rinne sé in imscrúduithe athbhreithnithe roimhe seo, thug an Coimisiún liosta na dtíortha i mbéal forbartha atá faoi réir an bhirt, agus eisiata uaidh, cothrom le dáta bunaithe ar ríomh dá sciar allmhairí agus na sonraí allmhairiúcháin comhdhlúthaithe is déanaí á n-úsáid, i.e. staitisticí allmhairithe na bliana 2023 ([130]). Níor measadh gur iomchuí aon athrú ar an modheolaíocht a úsáideadh in athbhreithnithe roimhe seo.

Coigeartú

(209) Is iad seo a leanas na hathruithe mar thoradh ar an liosta cothrom le dáta sin is infheidhme ón 1 Iúil 2024 (tábla cothrom le dáta in Iarscríbhinn II (III.2) a ghabhann leis an Rialachán seo):

— Áirítear gach tír i mbéal forbartha leis na catagóirí 5 agus 24 toisc go bhfuil suim na sciartha allmhairí uile in 2023 a bhí faoi bhun 3 % níos airde ná 9 %;

— Eisiatar an Albáin ó chatagóir 28;

— Eisiatar an Bhrasaíl ó chatagóirí 1 agus 2;

— Áirítear an tSín le catagóirí 4B, 13, 17 agus eisiatar í ó chatagóirí 2, 3A, 7 agus 15;

— Áirítear an India le catagóirí 25A, 27, eisiatar í ó chatagóirí 16 agus 17;

— Eisiatar an Indinéis ó chatagóir 9;

— Eisiatar an Chasacstáin ó chatagóir 19;

— Eisiatar an Mhalaeisia ó chatagóir 9;

— Eisiatar an Mhacadóin Thuaidh ó chatagóir 26;

— Eisiatar Óman ó chatagóir 13;

([129]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1301 ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach maidir le hallmhairí táirgí cruach áirithe.

([130]) Foinse: Eurostat

— Eisiatar an Afraic Theas ó chatagóir 4A;

— Áirítear an Túinéis le catagóir 4A;

— Áirítear an Tuirc le catagóir 7;

— Áirítear Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha le catagóir 25A;

— Áirítear Vítneam le catagóir 2, agus eisiatar é ó chatagóir 26.

7.5. **Leibhéal an Léirscaoilte**

(210) Faoi rialacha EDT ([131]) agus an Aontais ([132]), déanfaidh Comhalta EDT a chuireann beart coimirce i bhfeidhm é a léirscaoileadh de réir a chéile go tráthrialta le linn na tréimhse cur i bhfeidhm tar éis é a bheith forchurtha ar feadh bliain amháin. Is é cuspóir an léirscaoilte tuilleadh iomaíochta allmhairiúcháin isteach sa mhargadh a cheadú de réir a chéile agus tá an tionscal intíre ag dul in oiriúint do leibhéal méadaithe na n-allmhairí.

(211) Ní shuitear le dlí EDT aon cheanglas ar leith maidir le foirm nó luas coincréiteach an léirscaoilte, ach amháin gur cheart an léirscaoileadh sin a dhéanamh de réir a chéile agus go tráthrialta le linn na tréimhse cur i bhfeidhm.

(212) Léirscaoileadh beart coimirce cruach an Aontais go bliantúil ó 2019 agus rinneadh a iomchuí atá an ráta léirscaoilte a mheasúnú agus a mhodhnú roinnt uaireanta ([133]). Is é 4 % an ráta léirscaoilte bliantúil atá i bhfeidhm faoi láthair ó mhí Iúil 2022.

(213) Faoi raon feidhme an imscrúdaithe, gheall an Coimisiún go ndéanfar measúnú chun a chinneadh an bhfuil an leibhéal léirscaoilte atá i bhfeidhm faoi láthair iomchuí nó ar cheart é a athbhreithniú.

Barúlacha ó pháirtithe leasmhara

(214) D'iarr roinnt páirtithe leasmhara (go háirithe táirgeoirí onnmhairiúcháin agus úsáideoirí an Aontais) go méadódh an Coimisiún an leibhéal léirscaoilte os cionn 4 %. D'áitigh roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin go bhfuil tionscal an Aontais i staid láidir agus líomhain siad nár tharla sraonadh trádála nó gur laghdaíodh an riosca ina leith. D'iarr tionscal an Aontais go laghdófar an luas léirscaoilte bunaithe ar fhianaise faoi leibhéil tomhaltais laghdaithe agus ar ionchais le haghaidh na míonna atá le teacht. Ar an mbonn sin, d'áitigh tionscal an Aontais nach mbeadh aon riosca ganntanais ann ar mhargadh an Aontais.

Measúnú

(215) Chun a chinneadh an bhfuil an leibhéal léirscaoilte atá i bhfeidhm faoi láthair iomchuí, rinne an Coimisiún anailís shiarbhreathnaitheach agus réamhbhreathnaitheach araon.

(216) Maidir lena measúnú siarbhreathnaitheach, léirítear leis na sonraí gur sháraigh an ráta léirscaoilte an éabhlóid tomhaltais. Cé gur méadaíodh taraif-chuótaí faoi bheagnach 25 % (lena n-áirítear breisiú 5 % is infheidhme ó mhí Feabhra 2019), tháinig laghdú 17 % ar thomhaltas le linn na tréimhse céanna. Leis na treochtaí contrártha sin, leathnaíodh an bhearna idir leibhéal na dtaraif-chuótaí agus éileamh an mhargaidh go mór dá bhrí sin.

(217) I gcás an mheasúnaithe réamhbhreathnaithigh, mar a mhínítear i Roinn 3.2.2.(h) thuas, léiríodh comharthaí soiléire luasmhoillithe sa mhargadh cruach. Tharla meath 1.1 % ([134]) ar thomhaltas cruach an domhain in 2023 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. San Aontas, thit tomhaltas ag ráta i bhfad níos géire, -6 % ([135]). Ní thuartar leis na hionchais margaidh is déanaí maidir le tomhaltas cruach domhanda ach téarnamh measartha de +1.7 % in 2024 (figiúirí 2022 a théarnamh ar éigean) agus de +1.2 % in 2025 (le leibhéil tomhaltais ag fanacht faoi mhéideanna 2021 mar thoradh air). Mar a léirítear i Roinn 3.2.2.(h) is é an t-ionchas go bhfuil coinne go leanfaidh margadh an Aontais treocht chomhchosúil.

([131]) Airteagal 7.4 de Chomhaontú EDT maidir le Bearta Cosanta.
([132]) Airteagal 19(4) den bhun-Rialachán Coimirce.
([133]) Laghdaíodh an leibhéal léirscaoilte ón 5 % a fógraíodh go 3 % sa Chéad Athbhreithniú ar Fheidhmiú i mí Mheán Fómhair 2019, agus méadaíodh ó 3 % go 4 % mar thoradh ar an tríú hathbhreithniú ar fheidhmiú i mí an Mheithimh 2022.
([134]) An Comhlachas Cruach Domhanda – Short Range Outlook, Aibreán 2024
([135]) Féach Roinn 3.2.1. maidir le héabhlóid an tomhaltais i margadh an Aontais.

(218) Cé go bhfuil leibhéil taraif-chuótaí éagsúla ó thír go tír agus ó chatagóir go catagóir, bhí méideanna substaintiúla nár úsáideadh ag deireadh gach bliana coimirce, agus lean cúrsaí de bheith amhlaidh sa séú bliain choimirce reatha ([136]).

(219) I bhfianaise na dtreochtaí diúltacha agus ionchas le déanaí maidir le tomhaltas cruach i margadh cruach an domhain agus an Aontais agus i bhfianaise an fhíorais go raibh taraif-chuótaí ar fáil go forleathan thar chatagóirí táirgí, mheas an Coimisiún nach bhfuil sé chun leas an Aontais an bhearna mhór atá ann faoi láthair idir luas an mhéadaithe ar mhéideanna taraif-chuótaí agus tomhaltas cruach a mhéadú a thuilleadh.

Coigeartú

(220) I bhfianaise na bearna atá ag dul i méid i gcónaí idir tomhaltas (lena n-áirítear tomhaltas ionchasach) agus na méideanna taraif-chuóta, agus na n-ardleibhéal brú ó allmhairí atá ann cheana, ar dócha go leanfar dóibh, mheas an Coimisiún go ndéanfar dochar dáiríre d'éifeachtacht an bhirt dá ndéanfaí an ráta 4 % a choinneáil ar bun nó a mhéadú. Ina theannta sin, dheimhnigh an Coimisiún go raibh taraif-chuótaí leordhóthanach ar fáil go ginearálta thar na catagóirí táirgí.

(221) I bhfianaise an méid sin, mheas an Coimisiún gur iomchuí an ráta léirscaoilte a shuí ag 1 % chun éifeachtacht an bhirt a áirithiú.

(222) Dá bhrí sin, tiocfaidh méadú bliantúil 1 % ar na taraif-chuótaí fós ón 1 Iúil 2024 ar aghaidh do gach catagóir táirge. Leagtar amach na méideanna sonracha don tréimhse 1 Iúil 2024 – 30 Meitheamh 2026 (ar bhonn ráithiúil) in Iarscríbhinn IV.1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

(223) In éineacht le coigeartuithe eile a chuirtear i láthair sa Rialachán seo, leis an ráta léirscaoilte seo, rannchuideofar le feabhas a chur ar éifeachtacht an bhirt i dtréimhse ina bhfuil margadh an Aontais ag fulaingt teannais faoi thionchar allmhairí, teannas atá ann mar thoradh ar éifeachtaí diúltacha na ró-acmhainne agus ar na freagairtí a eascraíonn as sin ar fud an domhain, i gcomhthéacs éilimh laig. Beidh méideanna leordhóthanacha saor ó dhleacht ag úsáideoirí an Aontais fós faoi tharaif-chuótaí atá ann cheana.

7.6. **Athruithe eile ar imthosca a bhféadfadh coigeartú ar leibhéal nó ar leithdháileadh na dtaraif-chuótaí ar allmhairí a bheith de dhíth dá bharr**

(224) San Fhógra Tionscnaimh, shainigh an Coimisiún raon feidhme na maíomh faoin gcaibidil seo mar aon saincheist eile nach dtagann faoi Ranna 7.1-7.2 agus 7.4-7.5 thuas a mhéid a bhaineann siad le hathruithe marthanacha ar imthosca i gcomparáid leis an staid atá ann faoi láthair le linn an imscrúdaithe bunaidh – a bhféadfaí go mbeidh gá athbhreithniú a dhéanamh ar a n-éifeachtaí agus a dtabharfaidh, *inter alia*, údar maith le coigeartú ar leibhéal nó ar leithdháileadh na dtaraif-chuótaí i gcatagóirí táirgí sonracha. Iarradh ar pháirtithe leasmhara fianaise leordhóthanach a sholáthair lena dtabharfaí bunús dá n-aighneachtaí, mar aon le tograí sonracha maidir le conas aghaidh a thabhairt ar aon fhorbairt a dhéanann difear do chatagóir táirgí.

Barúlacha ó pháirtithe leasmhara

(225) Féadtar na hiarrataí a fuarthas i dtaca leis sin a roinnt in dhá chineál. Bhain an chéad chineál le hathruithe de chineál marthanach ar éileamh ar chatagóirí táirgí áirithe, agus bhain an dara cineál le hathrú de chineál marthanach maidir le tíortha soláthair nua.

(a) Éilimh mhéadaithe ar chatagóirí áirithe

(226) Rinne iarrataí faoin gcineál seo tagairt d'athruithe sa raon táirgí, de ghnáth catagóirí táirgí a bhaint ó raon feidhme an bhirt, leithdháiltí taraif-chuóta a mhéadú nó cuóta tírshonrach a dheonú ar thionscnamh áirithe ar bhonn réamh-mheastachán faoi mhéadú tapa san éileamh ar chatagóir áirithe, agus i gcás ina líomhnaítear nach bhféadfadh tionscal an Aontais soláthar a dhéanamh i gcainníochtaí leordhóthanacha.

([136]) Féach Roinn 3.2.2.(b) den Rialachán seo maidir le húsáid na dtaraif-chuótaí.

Measúnú

(227) I dtaca leis sin, leis an bhfianaise a thíolaic na páirtithe leasmhara, níor tugadh údar le haon choigeartú bunaithe ar na maímh a rinneadh i dtaobh athruithe ar imthosca. Bhain na maímh go hiondúil le tionscnaimh shonracha laistigh de chatagóirí táirgí áirithe. I ngach cás bhí méideanna saor ó dhleacht ar fáil le linn na dtrí ráithe dheireanacha (Iúil 2023-Márta 2024). Dá bhrí sin, ní raibh maímh den sórt sin i gcomhréir le leas foriomlán an Aontais ach le tosaíochtaí sonracha páirtithe leasmhara ar leith ina ionad sin. Rinne tionscal an Aontais na maímh maidir le hinfhaighteacht an tsoláthair ó tháirgeoirí de chuid an Aontais a fhrisnéis go fairsing freisin agus mheas an Coimisiún nár thacaigh an fhianaise ar comhad, lena n-áirítear an úsáid taraif-chuóta, leis na maímh i dtaobh ganntanais féideartha cruach.

Conclúid

(228) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach raibh fianaise leordhóthanach ann lena dtabharfaí údar maith le coigeartuithe ar fheidhmiú an bhirt coimirce cruach bunaithe ar athruithe ar imthosca mar thoradh ar éileamh méadaithe líomhnaithe amach anseo i gcatagóirí táirgí áirithe.

(b) Athruithe ar shreabha trádála – Tíortha onnmhairiúcháin nua

(229) D'ardaigh roinnt páirtithe (tionscal an Aontais, onnmhaireoirí agus úsáideoirí) go raibh athruithe ar shreabha trádála agus gur athrú ar imthosca de chineál marthanach é. De réir páirtithe áirithe (tionscal an Aontais), tá an t-athrú seo ar shreabha trádála mar thoradh ar dhinimic réigiúnach nua chasta sa ró-acmhainneacht cruach dhomhanda a mbeadh athruithe ar riarachán an taraif-chuóta tuillte ina leith.

(230) Rinneadh maímh a bhain leis an athrú ar shreabha trádála freisin faoi Roinn 7.1 (Leithdháileadh agus Bainistiú na dTaraif-Chuótaí) agus faoi Roinn 7.2 (Sreabha trádála traidisiúnta a bhrú amach) thuas.

(231) Mhaígh páirtithe leasmhara go bhfuil sreabha nua ag teacht isteach i margadh an Aontais trí chuótaí iarmharacha, cé go bhfuil roinnt cuótaí tírshonracha nár úsáideadh fós i gcatagóirí táirgí áirithe. Mar thoradh air sin, d'iarr siad ar an gCoimisiún roinnt coigeartuithe a dhéanamh ar riarachán an taraif-chuóta.

Measúnú

(232) San imscrúdú, shainaithin an Coimisiún sreabha trádála nua ag teacht isteach sa mhargadh i gcatagóirí táirgí áirithe. Thug an Coimisiún aghaidh ar na maímh sin leis na coigeartuithe a dtugtar tuairisc orthu i Roinn 7.3 thuas.

8. **ATHRÚ AR CHÓID AC I gCATAGÓIRÍ TÁIRGÍ 22, 24 agus 26**

(233) An 1 Eanáir 2022, mar thoradh ar ainmníocht custaim an Aontais a thabhairt cothrom le dáta ([137]), modhnaíodh cóid ainmníochta chustaim áirithe a bhain le feadáin chruach faoi réir raon feidhme na coimirce cruach ([138]). Is iad na catagóirí táirgí a ndéantar difear dóibh 22 (feadáin agus píopaí dosmálta gan uaim), 24 (feadáin eile gan uaim) agus 26 (píopaí táite eile).

(234) Níor léiríodh an t-athrú sin san athbhreithniú is déanaí ar an mbeart ([139]) i mí an Mheithimh 2023 agus mar thoradh air sin, ní raibh méid na n-allmhairí a úsáideadh san athbhreithniú sin chun críoch ríomh an liosta de thíortha i mbéal forbartha go hiomlán cruinn le haghaidh na gcatagóirí sin.

([137]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1832 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 385, 29.10.202, lgh. 1–10911).

([138]) Dúnadh 21 chód ainmníochta custaim agus cuireadh 14 chód ainmníochta custaim leis ar an iomlán.

([139]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1301 ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach maidir le hallmhairí táirgí cruach áirithe.

(235) Mar iarmhairt air sin, bhí éifeacht ábhartha ag an liosta tíortha i mbéal forbartha atá faoi réir an bhirt a bhí i bhfeidhm ón 1 Iúil 2023 ar dhá chatagóir as na trí cinn a luaitear thuas. Dá mba rud é gur úsáid an Coimisiún na cóid ainmníochta custaim cothrom le dáta san athbhreithniú deireanach, bheadh na hathruithe seo a leanas ar an liosta tíortha i mbéal forbartha i ndáil leis an liosta a foilsíodh iarbhír an 1 Iúil 2023 (is infheidhme go dtí an 30 Meitheamh 2024):

— Catagóir 24: bheadh an tairseach 9 % do thíortha i mbéal forbartha sroichte. Dá bhrí sin, ba cheart gach tír i mbéal forbartha a onnmhairíonn faoin gcatagóir seo a bheith faoi réir an bhirt ón 1 Iúil 2023.

— Catagóir 26: Bheadh allmhairí ón Macadóin Thuaidh agus ó Vítneam faoin tairseach aonair 3 % agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a bheith eisiata ón mbeart ón 1 Iúil 2023.

(236) Achoimrítear na hathruithe ar an liosta tíortha i mbéal forbartha faoi réir an bhirt mar thoradh ar an athrú ar chóid thíos:

MAR A FOILSÍODH			
Tír / Grúpa táirgí	22	24	26
an Airgintín		X	
an Bhrasaíl		X	
an tSín	X	X	X
an Éigipt			
an India	X	X	X
an Indinéis			
an Chasacstáin			
an Mhalaeisia			
Meicsiceo		X	
an Mholdóiv			
an Mhacadóin Thuaidh			X
Óman			
an Tuirc			X
an Úcráin	X	X	
Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha		X	
Vítneam			X
Gach tír eile i mbéal forbartha			

CEARTAITHE			
Tír / Grúpa táirgí	22	24	26
an Airgintín		X	
an Bhrasaíl		X	
an tSín	X	X	X
an Éigipt		X	
an India	X	X	X
an Indinéis		X	
an Chasacstáin		X	
an Mhalaeisia		X	
Meicsiceo		X	
an Mholdóiv		X	
an Mhacadóin Thuaidh		X	
Óman		X	
an Tuirc		X	X
an Úcráin	X	X	
Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha		X	
Vítneam		X	
Gach tír eile i mbéal forbartha		X	

(237) Tá an liosta tíortha i mbéal forbartha faoi réir an bhirt a tugadh cothrom le dáta, is infheidhme le linn na tréimhse an 1 Iúil 2023 – an 30 Meitheamh 2024, in Iarscríbhinn III (III.2) a ghabhann leis an Rialachán seo.

(238) Is iad seo a leanas iarmhairtí praiticiúla na n-athruithe sin ar an liosta tíortha i mbéal forbartha faoi réir an bhirt a bhí i bhfeidhm ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024:

— I gcás Chatagóir 24, níl aon impleacht phraiticiúil ag an bhfíoras gur cheart gach tír i mbéal forbartha a bheith faoi réir an bhirt ón 1 Iúil 2023. Bheadh na tíortha uile ar cheart dóibh a bheith faoi réir an bhirt ag onnmhairiú tríd an gcuóta iarmharach. Níor ídíodh an cuóta iarmharach riamh ón 1 Iúil 2023 agus bhí na méideanna a bhí fágtha ag deireadh na tréimhse leordhóthanach chun go gcumhdófar an méid iomlán onnmhairí de thionscnamh Chomhaltaí EDT ar tíortha i mbéal forbartha iad ar cheart iad a bheith cumhdaithe faoin gcatagóir seo. Dá bhrí sin, i gcás na seanchód nó na gcód nua, ní bheadh ar aon tír ar cheart di a bheith san áireamh dleachtanna a íoc.

— I gcás Chatagóir 26, tá éifeacht dhúbailte ann toisc gur úsáideadh na cóid a bhí as dáta. Is amhlaidh atá toisc gur ídíodh an cuóta iarmharach in dhá ráithe ón 1 Iúil 2023. ([140]) Ar thaobh amháin, de réir faisnéise ó Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim ([141]), íocadh an dleacht 25 % ar roinnt allmhairí ón Macadóin Thuaidh agus ó Vítneam toisc gur líonadh an cuóta iarmharach saor ó dhleacht. Ar an taobh eile, toisc gur cuireadh onnmhairí an dá thír sin go míchuí faoin gcuóta iarmharach, cruthaíodh ídiú an chuóta sin agus dá bhrí sin, bhí ar onnmhaireoirí eile dleachtanna a íoc go míchuí. I gcás na ráithe atá ann faoi láthair, ní fios go fóill an ídeofar cuóta iarmharach chatagóir 26.

(239) Bunaithe ar an méid thuas, aithníonn an Coimisiún an ceart atá ag allmhairí a d'íoc dleachtanna i gcatagóir 26 ón 1 Iúil 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023 i ndáil le hallmhairí de thionscnamh tíortha áirithe iarradh ar aisíocaíocht na ndleachtanna sin chuig na húdaráis náisiúnta custaim i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme. Is iad seo a leanas na tíortha sin:

— Ráithe 01/07/2023-30/09/2023: an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Ceanada, Iosrael, an India, an tSeapáin, an Mhacadóin Thuaidh, an Chóiré Theas, Singeapór, na Stáit Aontaithe, an tSeirbia, agus Vítneam;

— Ráithe 01/10/2023-31/12/2023: an Astráil, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Ceanada, an India, an tSeapáin, an Chóiré Theas, an Nua-Chaladóin, an Mhacadóin Thuaidh, Singeapór, na Stáit Aontaithe, an Chosaiv, an tSeirbia, agus Vítneam.

(240) Beidh glacadh na n-iarrataí ar aisíocaíocht le haghaidh na ráithe atá ann faoi láthair (an 1 Aibreán go dtí an 30 Meitheamh 2024) faoi réir fíorú breise i dtaobh an raibh íocaíocht na ndleachtanna mar iarmhairt toisc nár léirigh an Coimisiún na cóid nua i ríomh na dtíortha i mbéal forbartha nó nach raibh.

(241) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([142]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuirfeadh an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a bheidh foilsithe i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar an gcéad lá féilire de gach mí.

9. **FOCAL SCOIR**

(242) Ar deireadh, comhlíonann an Rialachán seo lena leasaítear an beart coimirce reatha na hoibleagáidí a eascraíonn as na Comhaontuithe déthaobhacha a síníodh le tríú tíortha áirithe freisin.

(243) Tá an beart dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Choimircí a bunaíodh faoi Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán Coimirce agus faoi Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2015/755 faoi seach,

([140]) 01/07/2023-30/09/2023 agus 01/10/2023-31/12/2023.

([141]) Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim den Choimisiún Eorpach.

([142]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/159 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1, mír 2, mar a leanas:

'2. I gcás gach ceann de na catagóirí táirgí lena mbaineann, agus cé is moite de chatagóirí táirgí 7, 8, 17 agus 25a, leithdháiltear cuid de gach taraif-chuóta ar na tíortha a shonraítear in Iarscríbhinn IV;'

(2) Leasaítear Airteagal 1, mír 3, mar a leanas:

'3. Leithdháilfear an chuid a bheidh fágtha de gach taraif-chuóta, mar aon le taraif-chuóta chatagóirí táirgí 7, 8, 17 agus 25a, ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce, bunaithe ar tharaif-chuóta a shuífear go cothrom le haghaidh gach ráithe den fhorchur.';

(3) Leasaítear Airteagal 1, mír 5, mar a leanas:

'5. I gcás ina mbeidh an taraif-chuóta ábhartha faoi mhír 2 ídithe i gcás tír shonrach amháin, féadfar allmhairí ón tír sin i gcomhair catagóirí áirithe táirgí a dhéanamh faoin gcuid a bheidh fágtha den taraif-chuóta don chatagóir chéanna táirgí. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo ach amháin le linn na ráithe deiridh de gach bliain de chur i bhfeidhm an taraif-chuóta chinntithigh. I gcás chatagóirí táirgí 3B, 14, 16, 20 agus 26, ní cheadófar tuilleadh rochtana ar an gcuid a bheidh fágtha den taraif-chuóta. I gcás chatagóirí táirgí 2, 3A, 4A, 5, 6, 9, 10, 12, 13, 15, 18, 19, 21, 22, 24, 25B, 27 agus 28, ní cheadófar rochtain ach amháin ar mhéid sonrach laistigh de mhéid an taraif-chuóta a bhí ar fáil ar dtús sa ráithe dheiridh. I gcatagóir táirgí 1 agus 4B, ní cheadófar do thír onnmhairiúcháin ar bith, ina haonar, níos mó ná 30 % de mhéid an taraif-chuóta iarmharaigh a úsáid a bhí ar fáil ar dtús sa ráithe dheiridh de gach bliain de chur i bhfeidhm na mbeart.';

(4) Cuirtear mír 7 le hAirteagal 1:

'7. Uasmhéid allmhairí 15 % in aghaidh na tíre den taraif-chuóta saor ó dhleacht atá ar fáil ag tús na ráithe a bhunaítear in Iarscríbhinn IV.1 a ghabhann leis an Rialachán seo, beidh feidhme aige sin maidir le tíortha a allmhairíonn tríd an gcuóta 'Tíortha eile' i gcatagóirí táirgí 1 agus 16. Tá feidhm ag an uasmhéid allmhairí maidir le tíortha nach bhfuil cuóta tírshonrach acu agus tá sé infheidhme i ngach ráithe.';

(5) Scriostar an dara habairt in Airteagal 2.2;

(6) Scriostar Airteagal 6.2;

(7) In Airteagal 10, modhnaítear an dara fomhír mar a leanas:

'Beidh feidhm aige go dtí an 30 Meitheamh 2026.';

(8) Leasaítear Iarscríbhinn IV le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(9) Cuirtear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn III.2 ón 1 Iúil 2024;

(10) Cuirtear Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn III.2 ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024.

Airteagal 2

1. Aon dleacht choimirce a íocadh i ndáil le hallmhairí a tháinig isteach san Aontas faoi chatagóir táirgí 26 ('píopaí táite eile') ón 1 Iúil 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023 agus ar de thionscnamh na dtíortha a luaitear i mír 2 iad, déanfar í a aisíoc nó a loghadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

2. Is iad seo a leanas áiteanna tionscnaimh na n-allmhairí atá faoi réir mhír 1:

— le haghaidh ráithe 1/7/2023-30/9/2023: an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Ceanada, Iosrael, an India, an tSeapáin, an Mhacadóin Thuaidh, an Chóiré Theas, Singeapór, na Stáit Aontaithe, an tSeirbia, agus Vítneam;

— le haghaidh ráithe 1/10/2023-31/12/2023: an Astráil, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Ceanada, an India, an tSeapáin, an Chóiré Theas, an Nua-Chaladóin, an Mhacadóin Thuaidh, Singeapór, na Stáit Aontaithe, an Chosaiv, an tSeirbia, agus Vítneam.

3. I gcás aisíocaíocht nó loghadh aon dleachta a íocadh i ndáil le hallmhairí a tháinig isteach ón 1 Aibreán 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2024, beidh sé faoi réir fíorú breise ar an iarraidh ar aisíocaíocht. Déanfaidh na húdaráis chustaim i ngach Ballstáit teagmháil leis an gCoimisiún Eorpach sula n-údaraítear aon iarraidh ar aisíocaíocht nó ar loghadh.

4. Ba cheart an aisíocaíocht nó an loghadh a iarraidh ó na húdaráis chustaim náisiúnta i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2024 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

'IARSCRÍBHINN IV

IV.1 – **Méideanna na dtaraif-chuótaí**

Uimhir Tháirge	Catagóir táirgí	Cóid AC	Leithdháileadh de réir tíre (i gcás inarb infheidhme)	Bliain 7				Bliain 8				Ráta na dleachta breise	Uimhreacha ordaithe
				Ón 1.7.2024 go dtí an 30.9.2024	Ón 1.10.2024 go dtí an 31.12.2024	Ón 1.1.2025 go dtí an 31.3.2025	Ón 1.4.2025 go dtí an 30.6.2025	Ón 1.7.2025 go dtí an 30.9.2025	Ón 1.10.2025 go dtí an 31.12.2025	Ón 1.1.2026 go dtí an 31.3.2026	Ón 1.4.2026 go dtí an 30.6.2026		
				Méid an taraif-chuóta (glantonaí)				Méid an taraif-chuóta (glantonaí)					
1	Leatháin agus Stiallacha Teorollta as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile	7208 10 00, 7208 25 00, 7208 26 00, 7208 27 00, 7208 36 00, 7208 37 00, 7208 38 00, 7208 39 00, 7208 40 00, 7208 52 10, 7208 52 99, 7208 53 10, 7208 53 90, 7208 54 00, 7211 13 00, 7211 14 00, 7211 19 00, 7212 60 00, 7225 19 10, 7225 30 10, 7225 30 30, 7225 30 90, 7225 40 15, 7225 40 90, 7226 19 10, 7226 91 20, 7226 91 91, 7226 91 99	Cónaidhm na Rúise	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	25 %	09,8966
			An Tuirc	475 173,52	475 173,52	464 843,66	470 008,59	479 925,26	479 925,26	469 492,10	474 708,68	25 %	09,8967
			An India	301 703,57	301 703,57	295 144,80	298 424,18	304 720,61	304 720,61	298 096,25	301 408,43	25 %	09,8968
			An Chóiré (Poblacht na Cóiré)	188 405,48	188 405,48	184 309,71	186 357,59	190 289,53	190 289,53	186 152,80	188 221,17	25 %	09,8969
			An Ríocht Aontaithe	157 607,78	157 607,78	154 181,53	155 894,66	159 183,86	159 183,86	155 723,34	157 453,60	25 %	09,8976
			An tSeirbia	167 256,84	167 256,84	163 620,82	165 438,83	168 929,40	168 929,40	165 257,03	167 093,21	25 %	09,8970
			Tíortha eile	945 664,87	945 664,87	925 106,94	935 385,91	955 121,52	955 121,52	934 358,01	944 739,77	25 %	(1)
2	Leatháin Fhuar-rollta as Neamh-Chóimhiotail agus as Cóimhiotail Eile	7209 15 00, 7209 16 90, 7209 17 90, 7209 18 91, 7209 25 00, 7209 26 90, 7209 27 90, 7209 28 90, 7209 90 20, 7209 90 80, 7211 23 20, 7211 23 30, 7211 23 80, 7211 29 00, 7211 90 20, 7211 90 80, 7225 50 20, 7225 50 80, 7226 20 00, 7226 92 00	An India	164 886,33	164 886,33	161 301,85	163 094,09	166 535,19	166 535,19	162 914,86	164 725,03	25 %	09,8801
			An Chóiré (Poblacht na Cóiré)	95 630,77	95 630,77	93 551,84	94 591,31	96 587,08	96 587,08	94 487,36	95 537,22	25 %	09,8802
			An Ríocht Aontaithe	88 383,80	88 383,80	86 462,41	87 423,10	89 267,64	89 267,64	87 327,04	88 297,34	25 %	09,8977
			An Úcráin	73 421,18	73 421,18	71 825,07	72 623,12	74 155,39	74 155,39	72 543,32	73 349,35	25 %	09,8803
			An tSeirbia	41 629,15	41 629,15	40 724,17	41 176,66	42 045,44	42 045,44	41 131,41	41 588,43	25 %	09,8805
			Tíortha eile	338 044,38	338 044,38	330 695,59	334 369,98	341 424,82	341 424,82	334 002,54	337 713,68	25 %	(2)
3.A	Leatháin Leictreacha (seachas GOES)	7209 16 10, 7209 17 10, 7209 18 10, 7209 26 10, 7209 27 10, 7209 28 10	Cónaidhm na Rúise	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	25 %	09,8808
			An Ríocht Aontaithe	559,43	559,43	547,27	553,35	565,03	565,03	552,74	558,89	25 %	09,8978
			An Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine)	167,77	167,77	164,12	165,95	169,45	169,45	165,76	167,61	25 %	09,8809
			An Chóiré (Poblacht na Cóiré)	256,93	256,93	251,35	254,14	259,50	259,50	253,86	256,68	25 %	09,8806
